# Dréachtphlean Gníomhaíochta um Fheighlíocht Leanaí

# Lúnasa 2019

# Clár na nÁbhar

Achoimre Fheidhmeach ........ 3
1. Comhthéacs ........ 14
    1.1 Sainmhíniú ar fheighlíocht leanaí ........ 15
    1.2 Buntáistí na feighlíochta leanaí ........ 17
    1.3 An earnáil feighlíocht leanaí in Éirinn ........ 21
    1.4 Feighlíocht leanaí i ndlínsí eile ........ 25
    1.5 Forbairt an Phlean Ghníomhaíochta ........ 28
2. Aidhmeanna agus cuspóirí ........ 31
    2.1 Aidhmeanna ........ 31
    2.2 Cuspóirí ........ 32
    2.3 Uainiú: práinn agus cúram ........ 32
3. Réimsí gnímh ........ 34
    3.1 Athrú rialála ........ 34
    3.2 Cáilíochtaí agus oiliúint ........ 36
    3.3 Tacaíochtaí cáilíochta ........ 43
    3.4 Maoiniú agus tacaíochtaí airgeadais ........ 49
4. Costais ........ 54
    4.1 Costais dhíreacha ........ 55
    4.2 Costais indíreacha ........ 58
    4.3 Coigilteas a fhritháireamh ........ 59
    4.4 Glanchostais iomlána ........ 60
5. Feidhmiúchán ........ 61
    5.1 Amlíne ........ 61
    5.2 Comhairliúchán agus cumarsáid ........ 62
    5.3 Maoirseacht agus soláthar ........ 63
Iarscríbhinn: Tuarascáil an Ghrúpa Oibre – Achoimre ar Thograí ........ 65

# Achoimre Fheidhmeach

Is féidir le leanaí agus tuismitheoirí go leor buntáistí a bhaint as feighlíocht leanaí ach i láthair na huaire is beag aitheantais fhoirmiúil atá á fháil ag feighlíocht leanaí ón Stát. Ainneoin gur tháinig forbairt thapa ar sheirbhísí luathfhoghlama agus cúraim ionadbhunaithe le 20 bliain anuas i dtéarmaí beartais, tá feighlíocht leanaí fós ag an imeall chomh fada is a bhaineann le maoiniú, tacaíocht agus rialúchán, d'ainneoin na mbuntáistí go leor a bhaineann léi agus tóir leanúnach a bheith ag tuismitheoirí uirthi. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta seo plean 10 mbliana chun feighlíocht leanaí a bhrú i dtreo an rialúcháin lárshrutha agus na tacaíochta Stáit.

**<u>Buntáistí na feighlíochta leanaí</u>**

Tá **ról lárnach** ag feighlithe leanaí i luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile **a sholáthar** in Éirinn. I gcás go leor leanaí in Éirinn, is é feighlí leanaí an príomhchúramóir atá acu mar aon lena dtuismitheoirí, agus go minic bíonn leanaí faoi chúram feighlí leanaí ina n-óige agus leantar ar aghaidh leis an gcúram seo nuair a bhíonn siad ag freastal ar scoil. Bíonn ról seasmhach ag feighlí leanaí i saol linbh agus bíonn meas ar an bhfeighlí leanaí – beagnach cosúil leis an dara clann.

Tá fianaise le fáil i dtaighde atá déanta ar **thorthaí dearfacha a bheith á mbaint ag leanaí** as feighlíocht leanaí ar ardchaighdeán, a d'fhéadfaí a nascadh le comhsheasmhacht cúramóra agus cóimheas íseal linbh-aosaigh. Cé go dtairgeann soláthar ionadbhunaithe ar ardchaighdeán buntáistí i dtéarmaí cáilíochta, lena n-áirítear níos mó scóipe le haghaidh obair foirne agus ceannaireacht, déantar cás láidir san fhianaise chosúil faoi thorthaí do leanaí, rogha de chineál soláthróra a thabhairt do thuismitheoirí, agus leanúint le caighdeáin ar fud na hearnála a ardú.

Tá **ardmheas ag go leor tuismitheoirí ar** fheighlithe leanaí – go háirithe i gcás leanaí faoi 3 bliana d'aois agus leanaí ar aois scoile – mar gheall ar an suíomh atá cosúil leis an mbaile, caidreamh maith a mhaireann ar feadh i bhfad, agus solúbthacht, lena n-áirítear freastal ar ghrúpaí aoismheasctha, siblíní san áireamh. I gcás tuismitheoirí áirithe, is é feighlíocht leanaí an t-aon rogha atá acu mar go bhfuil siad ina gcónaí i gceantair nach bhfuil aon chúram ionadbhunaithe le fáil iontu nó níl na huaireanta oscailte ag freastal ar a gcuid riachtanas cúram leanaí.

Trí rialúchán a chur i bhfeidhm i gcás feighlithe leanaí cuirtear ar a gcumas rochtain níos fearr a bheith acu ar thacaíochtaí Rialtais – fóirdheontais a d'fhéadfadh táillí tuismitheoirí a laghdú agus tacaíochtaí chun cabhrú le feighlithe leanaí seirbhís leanúnach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do leanaí. Trí chur leis na roghanna atá ar fáil do thuismitheoirí chomh fada is a bhaineann le luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán, is féidir **tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh fostaíochta**. Go háirithe, uaireanta tairgeann feighlithe leanaí níos mó solúbthachta agus freagrúlachta do thuismitheoirí, agus freastalaíonn siad ar uaireanta oibre tuismitheoirí. Chomh maith leis sin, is réiteach éifeachtach é feighlíocht leanaí ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar agus rochtain, mar nach dteastaíonn **mórán infheistíochta caipitil**, agus go mbaineann inmharthanacht eacnamaíoch leis an bhfeighlíocht leanaí fiú i gceantair thuaithe iargúlta.

D'ainneoin na mbuntáistí go leor a bhaineann leis an bhfeighlíocht leanaí, áfach, tá feighlíocht leanaí in Éirinn beagnach neamhrialaithe agus dofheicthe ar bhealaí go leor. Ní fios cé mhéad feighlí leanaí atá sa tír agus ní féidir ach an líon a mheas. Tá roinnt acu cláraithe le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – tá formhór acu díolmhaithe, rud atá á gcosc ó chlárú mar nach gceadaíonn na rialacháin reatha ach dóibh siúd atá ag tabhairt aire do sheachtar leanaí nó níos mó (nó ceathrar leanaí réamhscoile nó níos mó) i dteach an fheighlí leanaí clárú le Tusla. Tugann fianaise starógach le fios go n-oibríonn go leor feighlithe leanaí sa gheilleagar neamhfhoirmiúil. Is ionann an ganntanas rialúcháin agus ganntanas dearbhaithe cáilíochta do leanaí nó tuismitheoirí agus baol féideartha, gan aon cheanglas a bheith ann seiceálacha grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a dhéanamh fiú. Ciallaíonn sé nach bhfuil aon rochtain ag tuismitheoirí ar mian leo feighlí leanaí a úsáid ar fhóirdheontas poiblí, agus de bhrí go bhfuil go leor feighlithe leanaí ag obair sa gheilleagar neamhfhoirmiúil bíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí iad a aimsiú. Cuireann an ganntanas rialúcháin seo teorainn ar scóip na bhfeighlithe leanaí d'fhorbairt ghairmiúil freisin, cuireann sé cosc ar a rochtain ar oiliúint mhaoinithe nó ar thacaíochtaí le haghaidh cáilíochta.

**Aidhmeanna agus cuspóirí**

Is é príomhchuspóir an Phlean Gníomhaíochta seo rochtain ar luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile ar ardchaighdeán agus inacmhainne a fheabhsú trí fheighlíocht leanaí. Chun é seo a dhéanamh, leagtar amach sa phlean gníomhaíochta conair incriminteach agus thacúil do rialúchán. Cuirfidh sé seo ar chumas níos mó feighlithe leanaí rochtain a fháil ar fhóirdheontais Rialtais, rud a chiallóidh go mbeidh a gcuid seirbhísí níos inacmhainne do thuismitheoirí. Chomh maith leis sin, cuirfidh sé ar a gcumas rochtain a fháil ar thacaíochtaí éagsúla chun cabhrú leo ceanglais rialála agus cháilíochta a chomhlíonadh.

Chun an cuspóir seo a bhaint amach, cuirfidh an Plean Gníomhaíochta leis na haidhmeanna seo a leanas:

- Tacú le **rogha tuismitheoirí maidir leis an gcineál** soláthróra luathfhoghlama agus cúraim agus cúram ar aois scoile.
- Cur leis an rochtain ar luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile **inacmhainne.**
- Cur le **hinfhaighteacht áiteanna** do luathfhoghlaim agus cúram, go háirithe do leanaí faoi 3 bliana d'aois, agus do chúram leanaí ar aois scoile.
- Breis **solúbthachta** a thairiscint do thuismitheoirí a oibríonn uaireanta neamhrialta.
- Tacú le **rannpháirtíocht sa mhargadh fostaíochta do gach tuismitheoir, lena n-áirítear iad siúd** atá ina gcónaí i gceantair ina bhfuil dlús daonra íseal.
- **Cáilíocht** sholáthar na luathfhoghlama agus an chúraim agus an chúraim ar aois scoile a fheabhsú, agus ar an tslí sin, cabhrú le tacú le **forbairt an linbh agus torthaí oideachais**.
- Breis **aitheantais** fhoirmiúil a sholáthar d'fheighlithe leanaí agus tacú lena **bhforbairt ghairmiúil**.

Mar chuid den chuspóir iomlán feighlithe leanaí a áireamh i lárshruth an rialúcháin agus na dtacaíochtaí, tá roinnt cuspóirí sonracha luaite sa Phlean Gníomhaíochta:

1. Cur ar chumas líon i bhfad níos mó tuismitheoirí a úsáideann feighlithe leanaí tairbhe a bhaint as **fóirdheontais faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí**.

2. Tacú le dearbhú cáilíochta feighlithe leanaí agus cosaint leanaí trí **raon feidhme an rialacháin agus na cigireachta a leathnú** agus gach feighlí leanaí íoctha, neamhghaolta a chur san áireamh.
3. Aitheantas níos fearr a thabhairt d'fheighlithe leanaí agus **rialacháin feighlithe leanaí agus próisis chigireachta a shaincheapadh chun an timpeallacht baile a chur san áireamh,** an timpeallacht ina n-oibríonn feighlithe leanaí agus na bealaí neamhfhoirmiúla a thosaíonn feighlithe leanaí ag obair san earnáil go minic.
4. Acmhainní saincheaptha a fhorbairt chun **tacú le cáilíocht sholáthar na feighlíochta leanaí**, lena n-áirítear trí **líonraí áitiúla le foireann** a fhorbairt chun tacaíocht ghairmiúil agus piarthacaíocht a sholáthar, mar aon leis an bhféidearthacht caidreamh comhpháirtíochta nua a bhunú idir feighlithe leanaí agus seirbhísí ionadbhunaithe.
5. **Tacaíocht airgeadais agus deiseanna oiliúna** a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí lena n-áirítear cur le **Ciste na bhFoghlaimeoirí** chun cabhrú le feighlithe leanaí ceanglais cháilíochta a chomhlíonadh agus córas d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar.
6. **Próiseas aistrithe thacúil, chéimnithe** a sholáthar chun cead a thabhairt don líon is mó agus is féidir feighlithe leanaí a bheith páirteach san earnáil rialaithe, i ndearbhú cáilíochta, agus rochtain a fháil ar fhóirdheontais Rialtais, agus ag an am céanna an méid ama agus na tacaíochtaí a theastaíonn don athchóiriú seo a chur san áireamh.

<u>**Forbairt an Phlean Gníomhaíochta**</u>

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Fheighlíocht Leanaí conair chun gealltanais Rialtais a chomhlíonadh:

- Tugtar gealltanas maidir leis na nithe seo a leanas in *An Chéad 5, Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh*, a foilsíodh i mí na Samhna 2018:
  - Clárú feighlithe leanaí íoctha, neamhghaolta atá incháilithe faoi láthair chun clárú le Tusla mar ullmhúchán do thús a chur leis an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a chur chun cinn agus tacú leis.
  - Rialúchán a leathnú agus feighlithe leanaí eile íoctha, neamhghaolta a chur san áireamh ar bhonn céimnithe thar shaolré na Straitéise, ag cur le tuarascáil Ghrúpa Oibre 2018. Ciallóidh sé seo go mbeidh fóirdheontais na Scéime Náisiúnta Cúram Leanaí ar fáil do níos mó tuismitheoirí a bhfuil úsáid á baint acu as seirbhísí feighlíocht leanaí.
  - Faoin mbliain 2028 beidh íoscháilíocht ag gach feighlí leanaí rialaithe (tá an leibhéal le cinneadh ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi dheireadh 2019).
  - Taighde a dhéanamh ar riachtanais luathfhoghlama agus cúraim (agus cúram ar aois scoile) tuismitheoirí a oibríonn uaireanta neamhrialta nó atá ag cur fúthu i bpobail thuaithe agus moltaí a fhorbairt do ghníomh amach anseo.
- Sonraítear an méid seo a leanas sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta:
  - 'Tuigimid cé chomh luachmhar is atá an cúram leanaí neamhfhoirmiúil do theaghlaigh agus tacaímid le forbairt clár céimnithe d'athchóirithe d'fheighlithe leanaí a chiallóidh go mbeidh sé níos éasca tacú le teaghlaigh agus le feighlithe leanaí.'
- Gealltanas eile atá luaite in *Future Jobs Ireland* is ea go bhfoilseofar Plean Gníomhaíochta um Fheighlíocht Leanaí agus is gealltanas inseachadta sonrach é faoin gcolún 'Rannpháirtíocht sa Mhargadh Fostaíochta a Mhéadú' de *Future Jobs Ireland 2019*:

- 'Foilsigh Plean Gníomhaíochta um Fheighlíocht Leanaí chun níos mó rochtana a thabhairt do thuismitheoirí ar Luathfhoghlaim agus Cúram fóirdheonaithe sa bhaile.'

Tá an Plean Gníomhaíochta um Fheighlíocht Leanaí seo ag brath go mór ar thuarascáil an Ghrúpa Oibre ar Athchóirithe agus Tacaíochtaí don Earnáil Feighlíocht Leanaí, a bhunaigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige in 2016 agus a d'fhoilsigh a mholtaí in earrach na bliana 2018 (ar a dtugtar 'Tuarascáil an Ghrúpa Oibre' anseo).[1] Tá buíochas gafa leis an nGrúpa as an obair atá déanta aige.

Ó thaobh raon feidhme de, dírítear go príomha sa Phlean Gníomhaíochta ar fheighlithe leanaí féinfhostaithe a oibríonn ina dtithe féin, agus atá inchomparáide le soláthraithe ionadbhunaithe a thairgeann seirbhís a d'fhéadfadh a bheith ar fáil don phobal (a éilíonn, dá réir sin, rialúchán agus dearbhú cáilíochta) ainneoin go bhfuil an scála agus an suíomh difriúil. Níl an Plean Gníomhaíochta dírithe go príomha ar fheighlithe leanaí nó ar bhuimí a oibríonn i dteach an linbh, agus ar fostaithe de chuid thuismitheoirí an linbh iad, ná níl an Plean Gníomhaíochta dírithe go príomha ar au pair. Áirítear sa Phlean Gníomhaíochta, áfach, gníomh chun acmhainní eolais / oiliúna a fhorbairt i ndáil le húsáid buimí agus au pair.

**<u>Aistriú céimithe</u>**

D'ainneoin gá a bheith le plean gníomhaíochta le haghaidh feighlíocht leanaí le fada, cruthaíonn **an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí atáthar ar tí a chur i bhfeidhm deis agus práinn** gníomhú láithreach. Soláthróidh an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí fóirdheontais Rialtais a chabhróidh leis an gcostas a bhaineann le luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile atá cláraithe le Tusla do theaghlaigh ar ioncam íseal suas go dtí uas-tairseach teaghlaigh de €60,000, mar aon le fóirdheontas uilíoch dóibh siúd ag a bhfuil leanaí faoi 3 bliana d'aois. Tá sé mar aidhm leis an scéim nua a chinntiú go mbeidh luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile níos inacmhainne agus níos inrochtana.


Cruthaíonn an deis a bheith in ann páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí dreasacht dhearfach d'fheighlithe leanaí clárú le Tusla, rud a thugann deis dóibh – agus do na tuismitheoirí a úsáideann feighlithe leanaí – deis nach raibh ann roimhe seo, rochtain a fháil ar fhóirdheontais. Os a choinne sin, mura ndéantar gníomh anois chun an fhéidearthacht chláraithe a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí d'fhéadfadh teaghlaigh áirithe a bheidh incháilithe le haghaidh fóirdheontais shuntasacha faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí athrú chuig cúram leanaí ionadbhunaithe, rud a chruthaíonn an baol go mbeidh roinnt feighlithe leanaí á gcur as gnó. Bheadh sé seo mar bhonn leis an rogha atá ar fáil do thuismitheoirí a laghdú go suntasach agus teorainn a chur le rochtain ar roghanna inacmhainne ar luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile.

Cé go gcruthaíonn teacht i bhfeidhm na Scéime Náisiúnta Cúram Leanaí práinn áirithe, tá **gá le cúram freisin.** Áirítear sa phlean gníomhaíochta atá molta athrú suntasach a dhéanamh chomh fada is a bhaineann le feighlithe leanaí. **Is den tábhacht é go dtacaítear leis an oiread feighlithe leanaí agus is féidir ionas gur féidir athrú chuig ré rialúcháin nua agus go mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar fhóirdheontais do theaghlaigh a bhfuil a gcuid seirbhísí á n-úsáid acu. I bhfianaise scála ollmhór na n-athchóirithe** i gceist, agus súil

[1] Grúpa Oibre ar Athchóirithe agus Tacaíochtaí don Earnáil Feighlíocht Leanaí (2018) *Pathway to a Quality Support and Assurance System for Childminding: Volume 1.*

leis go mbeidh na mílte feighlithe leanaí ag teacht faoi raon feidhme an rialúcháin agus an gheilleagair fhoirmiúil, agus an gá atá le hinfreastruchtúr a fhorbairt chun tacú leis na hathchóirithe, is gá cur chuige céimnithe a áireamh sa Phlean Gníomhaíochta thar shaolré *An Chéad 5* (go dtí 2028), a bhfuil cur síos agus achoimre air sa tábla thíos.

**Céimeanna sa Phlean Gníomhaíochta**




**Céim 1: Ullmhúchán – Comhairliúchán, taighde agus forbairt. (Fad 2-3 bliana.)**
Áireofar i gCéim 1 pleanáil mhionsonraithe agus bloic thógála a leagan síos don aistriú. Áireofar anseo comhairliúchán agus tuilleadh taighde ar go leor gnéithe den phlean, mar aon leis an infreastruchtúr riachtanach a fhorbairt. Go háirithe, áireofar i gCéim 1 rialacháin a bhaineann go sonrach le agus atá oiriúnach d'fheighlithe leanaí, a thiocfaidh i bhfeidhm i gCéim 2. De bhrí nach mbeidh éifeacht leis na rialacháin nua fós, beidh na rialacháin reatha – agus díolúintí dlíthiúla ón rialachán ar fhormhór na bhfeighlithe leanaí – i bhfeidhm i rith Chéim 1.

Táthar ag glacadh leis go mairfidh Céim 1 idir 2-3 bliana, agus braithfidh an méid ama i gceist ar chostáil níos mionsonraithe agus buiséad a bheith ar fáil.

Áireofar i gCéim 1:

- Tacú leis an líon teoranta feighlithe leanaí a thagann laistigh de raon feidhme na rialachán reatha **clárú** le Tusla nó leo siúd a d'fhéadfadh clárú sa ghearrthéarma (iad siúd atá ag tabhairt aire do sheachtar leanaí nó níos mó d'aois ar bith, nó ceathrar leanaí réamhscoile nó níos mó), agus ar an tslí sin, cabhrú le níos mó feighlithe leanaí agus tuismitheoirí tairbhe a bhaint sa ghearrthéarma as fóirdheontais a bheidh ar fáil faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.
- **Taighde** ar líon na bhfeighlithe leanaí a bhfuiltear ag súil go mbeidh orthu de réir dlí clárú le Tusla i gCéim 2 agus a fhanfaidh san earnáil. Taighde ar an gcostas a bhíonn ar fheighlithe leanaí a gcuid seirbhísí a chur ar fáil. Costmheastacháin le haghaidh athchóirithe Chéim 2 a ullmhú ar an mbonn seo, lena n-áirítear an costas a bhaineann

le rochtain a bheith á fáil ag teaghlaigh bhreise ar fhóirdheontais na Scéime Náisiúnta Cúram Leanaí trí fheighlithe leanaí.

- **Comhairliúchán** poiblí faoin dréacht-Phlean Gníomhaíochta agus plean deiridh a chríochnú a bheidh le faomhadh ag an Rialtas.
- Comhairliúchán maidir le **Rialacháin** nua (réamhscoile agus ar aois scoile) agus **próiseas cigireachta** gaolmhar bunaithe ar pheirspictíocht feighlithe leanaí lena chinntiú go bhfuil na Rialacháin comhréireach agus oiriúnach don suíomh baile agus teaghlaigh ina bhfuil feighlithe leanaí ag obair.
- **Leasú ar Acht um Chúram Leanaí, 1991** (agus tá an leasú le teacht i bhfeidhm ag tús Chéim 2) chun ceadú do rialúchán feighlithe leanaí nach n-áirítear faoin rialúchán faoi láthair.
- Athbhreithniú agus forbairt **oiliúna agus cáilíochtaí** saincheaptha d'fheighlithe leanaí agus do róil chomhordaitheora feighlí leanaí áitiúil (atá le cur i gcrích i gcomhar leis an bPlean Forbartha d'Oibrithe do Luathfhoghlaim agus do Chúram agus do Chúram Leanaí ar Aois Scoile, faoi cheannaireacht RLGÓ.)
- Sainaithin athchóirithe costais ar **cháilíocht** agus **tacaíochtaí airgeadais** le haghaidh feighlithe leanaí, lena n-áirítear taighde ar líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí le foireann.
- Forbair straitéis **chumarsáide** lena chinntiú go bhfuil feighlithe leanaí agus tuismitheoirí ar an eolas faoi na buntáistí a bhaineann leis na hathchóirithe agus nádúr na n-athruithe atá i gceist.

**Céim 2: Céim aistrithe. (Fad 3-5 bliana.)**

Céim aistrithe a bheidh i gCéim 2 ina mbeidh cead ag líon i bhfad níos mó feighlithe leanaí clárú le Tusla agus páirt a ghlacadh i scéimeanna maoinithe Stáit, mar aon le tairbhe a bhaint as oiliúint agus as tacaíochtaí chun ceanglais rialála a chomhlíonadh agus cur leis an mbunsraith le haghaidh forbairt cháilíochta agus ghairmiúil. I rith na céime aistrithe seo, ní bheidh na ceanglais rialála – go háirithe ceanglais le haghaidh oiliúna / cáilíochtaí – chomh dochraideach leis an rialúchán iomlán a bheidh i gceist i gCéim 3.

Cuirfear tús le Céim 2, a bhfuiltear ag súil leis a mhairfidh idir 3 agus 5 bliana, nuair a thagann deireadh leis na díolúintí dlíthiúla reatha ón rialúchán agus nuair a thagann rialacháin nua a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí i bhfeidhm. Braithfidh uainiú an athraithe seo ar bhuiséad agus beidh sé faoi réir comhaontaithe leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ó tharla gur dócha go méadófar costas na Scéime Náisiúnta Cúram Leanaí mar go mbeidh líon níos mó teaghlach ag baint tairbhe aisti, agus an costas a bhaineann le clárú / cigireacht bhreise agus acmhainní forbartha gairmiúla.

Áireofar i gCéim 2:

- Deireadh a chur leis an eisiamh dlíthiúil ó rialúchán d'fheighlithe leanaí áirithe, agus teacht i bhfeidhm aon athruithe riachtanacha ar na **Rialacháin** a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí.
- Tús a chur le **ceanglais nua oiliúna agus cháilíochta** d'fheighlithe leanaí mar chuid de na Rialacháin nua, a bhféadfaí socruithe aistrithe a áireamh iontu.[2]

[2] Mar shampla, ó Chéim 2 den Phlean Gníomhaíochta ar aghaidh d'fhéadfaí go mbeadh cead ag feighlí leanaí clárú le Tusla – agus, dá bhrí sin, páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí – má tá cúrsa bunúsach oiliúna déanta acu, ar an gcoinníoll go leanann siad ar aghaidh chun cáilíocht ainmnithe a bhaint amach laistigh de thréimhse ama ar leith.

- Cáilitheacht chun páirt a ghlacadh sa **Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí**, d'aon fheighlí leanaí a chomhlíonann na ceanglais chláraithe a bunaíodh i rith na céime aistrithe seo.
- Cur le **seirbhísí cigireachta** Tusla chun samhail chláraithe agus cigireachta d'fheighlithe leanaí a chur san áireamh.
- **Tacaíochtaí a fhorbairt d'fheabhas agus agus oiliúint cháilíochta** d'fheighlithe leanaí, lena n-áirítear tréimhse phíolótach agus tús a chur b'fhéidir le líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí le foireann faoi cheannaireacht ceannairí cáilithe líonra (leibhéal céimí, le hoiliúint shonrach), á chomhordú go náisiúnta ag *Tús Níos Fearr*.
- Athchóiriú féideartha **tacaíochtaí airgeadais** d'fheighlithe leanaí (e.g. athruithe féideartha ar an Deontas Forbartha um Fheighlíocht Leanaí).
- Gníomhartha **cumarsáide** chun feighlithe leanaí agus tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi rialacháin nua agus tacaíochtaí atá ar fáil.

**Céim 3: Céim an fheidhmiúcháin iomláin**
Áireofar i gCéim 3 ceanglais rialála ag teacht go hiomlán i bhfeidhm. Cuirfear tús le Céim 3 idir 5 agus 8 mbliana i ndiaidh thús an Phlean Gníomhaíochta, agus tá an dáta beacht le meas i gCéim 1 nuair atá rialacháin agus pleanáil na hamlíne don aistriú go dtí ceanglais rialála iomlána á bhforbairt. I gCéim 3, beidh feighlíocht leanaí á lárshruthú i ngach infreastruchtúr cáilíochta agus maoinithe don luathfhoghlaim agus cúram agus don chúram leanaí ar aois scoile.

Áireofar i gCéim 3:

- **Ceanglais iomlána oiliúna agus cháilíochta**, agus leagfar amach na ceanglais deiridh sna rialacháin nua a bhaineann le go sonrach le feighlithe leanaí a forbraíodh i gCéim 1.
- Céim an fheidhmiúcháin iomláin ina gcuirtear feighlithe leanaí san áireamh sa raon iomlán tacaíochtaí cáilíochta agus maoinithe, agus ina gcuirtear críoch leis na hathchóirithe ar an infreastruchtúr forbartha cáilíochta.
- Tacú leis an aidhm níos leithne gur céimithe iad na hoibrithe trí **líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí le foireann** a rolladh amach diaidh ar ndiaidh faoi cheannaireacht ceannairí líonra ag a bhfuil cáilíochtaí ag leibhéal céime (mar aon le hoiliúint shonrach), á chomhordú go náisiúnta ag *Tús Níos Fearr*.
- D'fhéadfadh go mbeadh rochtain ag iontrálaithe nua ar ghairm mar fheighlí leanaí bunaithe ar cheanglais chéimnithe iontrála.

**<u>Costais</u>**
Baineann dúshlán le costáil an Phlean Gníomhaíochta seo ó tharla éiginnteacht shuntasach a bheith ag baint le líon na bhfeighlithe leanaí atá ag obair sa tír, agus níos lú éiginnteachta fós a bheith ag baint le líon na bhfeighlithe leanaí a roghnódh obair san earnáil i ndiaidh theacht i bhfeidhm na rialachán. Bíonn tionchar ag an éiginnteacht seo ar mheastacháin ar líon na leanaí agus teaghlach breise a bheidh in ann rochtain a fháil ar fhóirdheontais nua na Scéime Náisiúnta Cúram Leanaí. Dá réir sin, tá na costmheastacháin a chuirtear i láthair anseo táscach agus dhéanfaí iad a bheachtú i rith Chéim 1 sula dtugtar na hathruithe rialála isteach.

Bheadh síneadh a chur leis an rialúchán mar bhonn leis na cineálacha costais breise seo a leanas a bheadh le tabhairt faoi deara i rith Chéim 2 den Phlean Gníomhaíochta go príomha:

- Ardú ar líon na leanaí agus teaghlach atá ag baint tairbhe as an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.

- Fairsingiú seirbhísí cigireachta chun clárú agus cigireacht a dhéanamh ar fheighlithe leanaí rialaithe.
- Cur leis an infreastruchtúr forbartha cáilíochta agus an leibhéal tacaíochta airgeadais atá ar fáil d'fheighlithe leanaí a ardú, e.g. trí Chiste na bhFoghlaimeoirí, agus Deontas Forbartha na bhFeighlithe Leanaí.

Ag an am céanna, áfach, bheadh coigilteas fritháirimh ann, go príomha trí rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh fostaíochta mar thoradh ar rochtain níos leithne ar fhóirdheontais na Scéime Náisiúnta Cúram Leanaí, méadú ar ioncam cánach agus méadú ionchais ar líon na bhfeighlithe leanaí a bhfuil ioncam inchánaithe á fhógairt do na Coimisinéirí Ioncaim acu.

I rith Chéim 1 bheadh roinnt costas breise ann trí ullmhúchán le haghaidh athchóirithe Chéim 2, lena n-áirítear tús a chur le hoiliúint le haghaidh feighlithe leanaí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir rialúcháin i gCéim 2. Meastar go bhféadfadh costais Chéim 1 a bheith cothrom le thart ar **€1.8m sa bhliain** sa phríomhchás, nó **€3m sa bhliain** sa chás níos airde (a ghlacann leis go mbeidh níos mó úsáide ná mar a bhfuil súil leis á baint as Ciste na bhFoghlaimeoirí agus roghanna oiliúna eile, mar ullmhúchán le haghaidh síneadh a chur le rialúcháin i gCéim 2).

Bunaithe ar na sonraí atá ar fáil agus ar chomparáid le líon na bhfeighlithe leanaí cláraithe i ndlínsí eile a bhfuil feighlithe leanaí rialaithe iontu cheana féin, tá na costmheastacháin phríomha atá sonraithe bunaithe ar an toimhde go gcláródh thart ar **5,000** feighlí leanaí le Tusla agus go mbeidís cáilithe chun páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí i gCéim 2. Ina theannta sin, cuirtear cás costais níos airde i láthair ina glactar leis go bhféadfadh líon na bhfeighlithe leanaí rialaithe méadú go dtí thart ar **10,000**.

Ar an mbonn seo, meastar go mbeidh an glanchostas breise bliantúil ar an Státchiste chun feighlithe leanaí a rialú, i gCéim 3 den Phlean Gníomhaíochta, cothrom le **€26m sa bhliain**, a bheadh cothrom le **méadú 4.5%** ar an gcaiteachas poiblí bliantúil ar luathfhoghlaim agus cúram agus cúram ar aois scoile. (Faoin gcás costais is airde, ina nglactar le dhá oiread níos mó feighlithe leanaí cláraithe, bheadh an glanchostas cothrom le €56m sa bhliain.) Tugtar gealltanas in *An Chéad 5* go ndúblófar, ar a laghad, an infheistíocht i Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile faoi 2028, i gcomparáid leis an mbonnlíne de €487m a bhí ann in 2018. Meastar go mbeadh an costas a bhaineann le feighlithe leanaí a rialú ag teacht ón méadú seo.Ina theannta sin, scrúdófar an fhéidearthacht a bhaineann le Cistí Struchtúracha AE a úsáid chun tacú le huas-sciliú an mhargaidh fostaíochta do luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile, lena n-áirítear feighlithe leanaí.

**<u>Feidhmiúchán</u>**

Beidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) i gceannas ar an gcomhairliúchán tosaigh maidir leis an dréacht-Phlean Gníomhaíochta agus ullmhúchán Plean deiridh a bheidh le faomhadh ag an Rialtas. Ansin ceapfar **Coiste Stiúrtha** chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiúchán an Phlean Gníomhaíochta. Beidh an Coiste Stiúrtha faoi chathaoirleacht RLGÓ, agus páirteach ann beidh ionadaithe feighlithe leanaí, tuismitheoirí agus príomhpháirtithe leasmhara eile ó na hearnálacha luathfhoghlama agus cúraim agus cúram leanaí ar aois scoile.

Le déanaí, cheap RLGÓ **Comhordaitheoir Náisiúnta Feighlíochta Leanaí**, a thacóidh le hAonad um Ardchaighdeán sna Luathbhlianta na RLGÓ le Céim 1 den Phlean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm. Beidh an Comhordaitheoir Náisiúnta Feighlíochta Leanaí ina b(h)all den Choiste Stiúrtha.

I rith Chéim 1, buailfidh ceithre **Ghrúpa Chomhairleacha** le chéile, faoi choimirce an Choiste Stiúrtha, agus oibreoidh siad le hoifigigh RLGÓ i ndáil leis na nithe seo a leanas:

A. *Rialúchán agus Cigireacht* – ábhar rialachán a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí, lena n-áirítear impleachtaí na timpeallachta baile.
B. *Cáilíochtaí agus Oiliúint* – ceanglais cháilíochta d'fheighlithe leanaí, oiliúint, agus socruithe aistrithe. (Cinnfear na ceanglais cháilíochta laistigh de chomhthéacs an Phlean Forbartha d'Oibrithe, agus dá réir sin, beidh dlúth-idirchaidreamh idir an grúpa comhairleach seo agus grúpa stiúrtha an Phlean Forbartha d'Oibrithe.)
C. *Maoiniú agus Tacaíochtaí Airgeadais* – lena n-áirítear athbhreithniú ar Chiste na bhFoghlaimeoirí agus an Deontas Forbartha um Fheighlíocht Leanaí.
D. *Comhairliúchán agus Cumarsáid* – straitéis chomhairliúcháin agus chumarsáide a fhorbairt don Phlean Gníomhaíochta, lena n-áirítear comhairliúchán i rith fhorbairt gníomhartha sonracha i gCéim 1, eolas maidir le bearta athchóirithe a roinnt, agus acmhainní eolais / oiliúna maidir le húsáid buimí agus au pair.

**<u>Cumarsáid agus comhairliúchán</u>**

Tá roinnt mhaith **comhairliúcháin** déanta cheana féin a bheidh mar bhonn le forbairt an Dreáchtphlean Gníomhaíochta seo, tríd an nGrúpa Oibre – a chuir comhairliúcháin le leanaí, tuismitheoirí agus feighlithe leanaí san áireamh – agus trí phróisis chomhairliúcháin níos leithne a bhí mar bhonn le treo beartais iomlán d'fheighlíocht leanaí, e.g. na comhairliúcháin a bhí mar bhonn le *An Chéad 5*. Ach éileoidh scála an athchóirithe atá i gceist sa Phlean Gníomhaíochta seo tuilleadh comhairliúcháin, ag an tús maidir leis an gcur chuige atá á mholadh agus ansin i rith fhorbairt na rialachán a bhaineann go sonrach leis an timpeallacht baile.

Beidh gá le hiarracht shuntasach cumarsáide lena chinntiú go mbeidh neart eolais ag feighlithe leanaí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile faoi na hathruithe atá á ndéanamh agus faoi na buntáistí a bheidh mar thoradh leo.

Bunófar Grúpa Comhairleach maidir le Comhairliúchán agus Cumarsáid i rith Chéim 1 chun tacú le RLGÓ le forbairt agus le feidhmiúchán **straitéis chomhairliúcháin agus chumarsáide**. Cabhróidh an Grúpa Comhairleach seo agus an straitéis a fhorbróidh sé chun tacú le cúrsaí cumarsáide trí chéile chomh fada is a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta, agus tacóidh sé le Grúpaí Comhairleacha eile a chinntiú go bhfuil comhairliúchán poiblí ag tacú leis na tograí a dhéanann siad (e.g. maidir le rialacháin agus athchóiriú na dtacaíochtaí airgeadais).

| **Achoimre ar ghníomhartha** | | | |
|---|---|---|---|
| | **Céim 1<br>Ullmhúchán<br>Fad 2-3 bliana** | **Céim 2<br>Aistriú<br>Fad 3-5 bliana** | **Céim 3<br>Feidhmiúchán iomlán** |
| **Anailís costais** | • Tuilleadh taighde agus anailíse ar líon na bhfeighlithe leanaí ar dócha go mbeidh siad laistigh de raon feidhme an | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | rialúcháin.<br>• Anailís a dhéanamh ar an méadú is dócha a thiocfaidh ar chostais na Scéime Náisiúnta Cúram Leanaí mar gheall ar líon níos mó leanaí agus teaghlach a bheith ag baint tairbhe aisti.<br>• Tuilleadh costmheastachán a dhéanamh ar ghníomhartha Chéim 2 agus 3 (rialúchán, oiliúint, tacaíochtaí).<br>• Measúnú ar Thionchar Rialála a dhéanamh. | | |
| **Reachtaíocht agus rialacháin** | • Bunaigh Grúpa Comhairleach maidir le Rialacháin.<br>• Athbhreithnigh Rialacháin agus dréachtaigh aon athruithe riachtanacha a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí, lena n-áirítear comhairliúchán poiblí.<br>• Leasaigh Acht um Chúram Leanaí, 1991. | • Cuir deireadh le heisiamh dlíthiúil ó rialúchán feighlithe leanaí a bhfuil aire á tabhairt acu do 6 leanbh nó níos lú (agus níos lú ná 4 leanbh réamhscoile).<br>• Rialacháin Leasaithe ag teacht i bhfeidhm, le ceanglais cháilíochta níos ísle i rith na céime aistrithe.<br>• Gníomhartha cumarsáide chun aird a tharraingt ar na rialacháin nua. | • Ceanglais iomlána oiliúna agus cháilíochta i bhfeidhm mar chuid de na rialacháin.<br>• D'fhéadfadh go mbeadh cead ag feighlithe leanaí nua a bhfuil seirbhís á bunú acu rochtain a fháil ar cheanglas cáilíochta céimnithe. |
| **Ceanglais cháilíochta agus oiliúna** | • Déan cinneadh faoi cheanglais cháilíochta agus oiliúna, mar chuid den Phlean Forbartha d'Oibrithe.<br>• Bunaigh Grúpa Comhairleach maidir le Cáilíochtaí | • Ceanglais nua cháilíochta agus oiliúna a thabhairt isteach diaidh ar ndiaidh, le ceanglas tosaigh ag leibhéal níos ísle i rith Chéim 2.<br>• Leanúint ar aghaidh le cosaint leanaí | • Ceanglais iomlána cháilíochta agus oiliúna.<br>• D'fhéadfadh go mbeadh cead ag feighlithe leanaí nua a bhfuil seirbhís á bunú acu rochtain a fháil ar cheanglas cáilíochta |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | agus Oiliúint.<br>• Oiliúint cosanta leanaí agus garchabhrach d'fheighlithe leanaí ar dócha go mbeidh siad faoi réir rialúcháin i gCéim 2 a rolladh amach. | agus oiliúint gharchabhrach a rolladh amach. | céimnithe.<br>• Tacú leis an aidhm ghinearálta gur céimithe a bheidh san fhoireann oibrithe trí chomhordaitheoirí feighlíocht leanaí ag a bhfuil cáilíochtaí céime. |
| **Tacaíochtaí cáilíochta** | • Scrúdú a dhéanamh ar na roghanna atá ann maidir le tacaíochtaí feighlíocht leanaí trí struchtúir atá ann cheana féin (lena n-áirítear *Tús Níos Fearr* agus na cigireachtaí) agus roghanna nua (e.g. líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí le foireann), nasctha leis an athbhreithniú ar an gcóras oibriúcháin le haghaidh luathfhoghlaim agus cúram (ELC) agus cúram ar aois scoile (SAC).<br>• Taighde a dhéanamh ar líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí le foireann. | • Seirbhísí cigireachta a leathnú.<br>• Tacaíochtaí cáilíochta d'fheighlithe leanaí a fhairsingiú agus a athchóiriú.<br>• Tús a chur ar bhonn píolótach agus céimnithe le líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí le foireann, ag brath ar thoradh an taighde a dhéantar i gCéim 1. | • Tacaíochtaí cáilíochta a sholáthar go cothrom d'fheighlithe leanaí agus do sholáthraithe ionadbhunaithe.<br>• Líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí le foireann a rolladh amach, a d'fhéadfadh a bheith nasctha le rolladh amach samhail nua maoinithe do shuíomhanna ELC agus SAC. |
| **Maoiniú agus tacaíochtaí airgeadais** | • Bunaigh Grúpa Comhairleach maidir le Maoiniú agus Tacaíochtaí Airgeadais.<br>• Tacaigh le feighlithe leanaí ar féidir leo na ceanglais rialála reatha a chomhlíonadh agus páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, lena | • Oscail an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí do gach feighlí leanaí a chomhlíonann na ceanglais rialála aistritheacha.<br>• Déan athchóiriú céimnithe ar thacaíochtaí airgeadais eile. | • Oscail an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí do gach feighlí leanaí a chomhlíonann ceanglais rialála.<br>• Críochnaigh athchóiriú céimnithe ar thacaíochtaí airgeadais eile. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | n-áirítear trí Chiste na bhFoghlaimeoirí.<br>• Athbhreithnigh tacaíochtaí airgeadais eile. | | |
| **Comhairliúchán agus cumarsáid** | • Bunaigh Grúpa Comhairleach maidir le Comhairliúchán agus Cumarsáid.<br>• Forbair straitéis chomhairliúcháin agus chumarsáide.<br>• Forbair acmhainní eolais / oiliúna maidir le húsáid buimí agus au pair. | • Cuir straitéis chomhairliúcháin agus chumarsáide i bhfeidhm.<br>• Scaip acmhainní eolais / oiliúna maidir le húsáid buimí agus au pair. | • Lean leis an straitéis chomhairliúcháin agus chumarsáide a chur i bhfeidhm.<br>• Scaip acmhainní eolais / oiliúna maidir le húsáid buimí agus au pair. |

# 1. Comhthéacs

Tá **ról lárnach** ag feighlithe leanaí i luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile **a sholáthar** in Éirinn. I gcás go leor leanaí in Éirinn, is é feighlí leanaí an príomhchúramóir atá acu mar aon lena dtuismitheoirí, agus go minic bíonn leanaí faoi chúram feighlí leanaí ina n-óige agus leantar ar aghaidh leis an gcúram seo nuair a bhíonn siad ag freastal ar scoil. Bíonn ról seasmhach ag feighlí leanaí i saol linbh agus bíonn meas ar an bhfeighlí leanaí – beagnach cosúil leis an dara clann.

Tá fianaise le fáil i dtaighde atá déanta ar **thorthaí dearfacha a bheith á mbaint ag leanaí** as feighlíocht leanaí ar ardchaighdeán, a d'fhéadfaí a nascadh le comhsheasmhacht cúramóra agus cóimheas íseal linbh-aosaigh. Cé go dtairgeann soláthar ionadbhunaithe ar ardchaighdeán buntáistí i dtéarmaí cáilíochta, lena n-áirítear níos mó scóipe le haghaidh obair foirne agus ceannaireacht, déantar cás láidir san fhianaise chosúil faoi thorthaí do leanaí, rogha de chineál soláthróra a thabhairt do thuismitheoirí, agus leanúint le caighdeáin ar fud na hearnála a ardú.

Tá **ardmheas ag go leor tuismitheoirí ar** fheighlithe leanaí – go háirithe i gcás leanaí faoi 3 bliana d'aois agus leanaí ar aois scoile – mar gheall ar an suíomh atá cosúil leis an mbaile, caidreamh maith a mhaireann ar feadh i bhfad, agus solúbthacht, lena n-áirítear freastal ar ghrúpaí measctha ó thaobh aoise de, siblíní san áireamh. I gcás tuismitheoirí áirithe, is é feighlíocht leanaí an t-aon rogha atá acu mar go bhfuil siad ina gcónaí i gceantair nach bhfuil aon chúram ionadbhunaithe le fáil iontu nó níl na huaireanta oscailte ag freastal ar a gcuid riachtanas cúram leanaí.

Trí rialúchán a chur i bhfeidhm i gcás feighlithe leanaí cuirtear ar a gcumas rochtain níos fearr a bheith acu ar thacaíochtaí Rialtais – fóirdheontais a d'fhéadfadh táillí tuismitheoirí a laghdú agus tacaíochtaí chun cabhrú le feighlithe leanaí seirbhís leanúnach ar ardchaighdeán a chur ar fáil do leanaí. Trí chur leis na roghanna atá ar fáil do thuismitheoirí chomh fada is a

bhaineann le luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile atá inrochtana, inacmhainne agus ar ardchaighdeán, is féidir **tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh fostaíochta**. Go háirithe, uaireanta tairgeann feighlithe leanaí níos mó solúbthachta agus freagrúlachta do thuismitheoirí, agus freastalaíonn siad ar uaireanta oibre tuismitheoirí. Chomh maith leis sin, is réiteach éifeachtach é feighlíocht leanaí ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar agus rochtain, mar nach dteastaíonn **mórán infheistíochta caipitil**, agus go mbaineann inmharthanacht eacnamaíoch leis an bhfeighlíocht leanaí fiú i gceantair thuaithe iargúlta.

D'ainneoin na mbuntáistí go leor a bhaineann leis an bhfeighlíocht leanaí, áfach, tá feighlíocht leanaí in Éirinn beagnach neamhrialaithe agus dofheicthe ar bhealaí go leor. Ní fios cé mhéad feighlithe leanaí atá sa tír agus ní féidir ach an líon a mheas. Tá roinnt acu cláraithe le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – tá formhór acu díolmhaithe, rud atá á gcosc ó chlárú mar nach gceadaíonn na rialacháin reatha ach dóibh siúd atá ag tabhairt aire do sheachtar leanaí nó níos mó (nó ceathrar leanaí réamhscoile nó níos mó) i dteach an fheighlí leanaí clárú le Tusla. Tugann fianaise starógach le fios go n-oibríonn go leor feighlithe leanaí sa gheilleagar neamhfhoirmiúil. Is ionann an ganntanas rialúcháin agus ganntanas dearbhaithe cáilíochta do leanaí nó tuismitheoirí agus baol féideartha, gan aon cheanglas a bheith ann seiceálacha grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a dhéanamh fiú. Ciallaíonn sé nach bhfuil aon rochtain ag tuismitheoirí ar mian leo feighlí leanaí a úsáid ar fhóirdheontas poiblí, agus de bhrí go bhfuil go leor feighlithe leanaí ag obair sa gheilleagar neamhfhoirmiúil bíonn deacrachtaí ag tuismitheoirí iad a aimsiú. Cuireann an ganntanas rialúcháin seo teorainn ar scóip na bhfeighlithe leanaí d'fhorbairt ghairmiúil freisin, cuireann sé cosc ar a rochtain ar oiliúint mhaoinithe nó ar thacaíochtaí le haghaidh cáilíochta.

## 1.1 Sainmhíniú ar fheighlíocht leanaí

Is é an sainmhíniú atá luaite le feighlíocht leanaí sa Phlean Gníomhaíochta seo cúram leanaí íoctha, neamhghaolta, leanaí idir aois bhreithe agus 14 bliana d'aois (lena n-áirítear luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile) ina dtugtar aire do leanaí laistigh de shuíomh teaghlaigh an fheighlí leanaí.

Uaireanta deirtear gur cúram '**baile-bhunaithe**' é feighlíocht leanaí, seachas cúram 'ionadbhunaithe'. Uaireanta, cuirtear cúram ionadbhunaithe – go háirithe cúram seisiúnach – ar fáil laistigh de theach an tsoláthraí seirbhíse, i síneadh saintógtha leis an teach, mar shampla. Tá difríocht idir soláthar den sórt sin, áfach, agus feighlíocht leanaí, ó thaobh scála de (líon na leanaí), an méid comhtháthaithe le saol teaghlaigh an fheighlí leanaí, agus an seans go mbeidh grúpaí aoismheasctha i gceist:

- **Scála** – Go ginearálta, oibríonn feighlithe leanaí leo féin, cé go mb'fhéidir go mbeadh baill teaghlaigh ag tacú leo. É sin ráite, tá go leor soláthraithe de chúram ionadbhunaithe seisiúnach in Éirinn i mbun a seirbhísí a reáchtáil ina n-aonar chomh maith.[3] Tá scála na feighlíochta leanaí níos lú go ginearálta, mar gheall ar rialacha

[3] Éilíonn Rialacháin Luathbhlianta 2016 ar fheighlithe leanaí (rialaithe) agus oibritheoirí aonair seirbhísí réamhscoile seisiúnacha an dara duine a thuigeann modh oibre na seirbhíse a bheith gar don tseirbhís an t-am ar fad agus in ann freastal ar an suíomh i gcás éigeandála.

pleanála agus árachas. Foráiltear i Rialacháin Phleanála agus Forbartha 2001, I.R.600, le haghaidh díolúine ó chead pleanála le haghaidh 'an ghníomhaíocht a bhaineann le haire a thabhairt do nach mó ná 6 leanbh, lena n-áirítear leanaí, más ann dóibh, an duine atá i mbun na feighlíochta leanaí, i dteach an duine sin, le haghaidh brabúis nó gnóthachain'.

- **Saol teaghlaigh** – Go hiondúil, comhtháthaíonn feighlithe leanaí cúram a leanaí lena saol teaghlaigh féin, agus d'fhéadfaidís deis a thabhairt do leanaí taithí a fháil ar ghníomhaíochtaí laethúla a bheadh ag tarlú ina dteach féin. Go hidirnáisiúnta, go minic úsáidtear an téarma 'cúram lae teaghlaigh' chun cur síos a dhéanamh ar fheighlíocht leanaí.
- **Grúpaí aoismheasctha** – Go hiondúil, freastalaíonn feighlithe leanaí ar ghrúpaí aoismheasctha, lena n-áirítear leanaí réamhscoile agus ar aois scoile, agus d'fhéadfaidís aire a thabhairt do shiblíní atá níos óige agus níos sine ná a chéile ag an am céanna. É sin ráite, bíonn roinnt soláthraithe ionadbhunaithe ag freastal ar ghrúpaí aoismheasctha chomh maith.

Déantar idirdhealú idir feighlithe leanaí agus cúramóirí gaolta, sa mhéid is go dtugann siad airde do leanaí **neamhghaolta** agus go bhfaigheann siad **íocaíocht** as aire a thabhairt dóibh. Is féidir le feighlithe leanaí, áfach, aire a thabhairt do bhaill teaghlaigh (a leanaí féin agus leanaí gaolta leo) sa bhreis ar bhaill neamhtheaghlaigh (rud atá fíor i gcás soláthar ionadbhunaithe freisin), agus d'fhéadfadh roinnt cúramóirí gaolta cúiteamh a fháil ó thuismitheoirí linbh as aire a thabhairt don leanbh. Ina ainneoin sin, saintréith d'fheighlíocht leanaí is ea gur gnó é agus nach socrú teaghlaigh atá ann go heisiach, agus chuige sin, d'fhéadfadh go mbeadh sé faoi réir rialúcháin. (Ba cheart a thabhairt faoi deara go nglactar le coincheap an 'phá' anseo i dtéarmaí ginearálta agus nach bhfuil sé teoranta d'íocaíochtaí airgid.)

Chun críocha rialála, go hiondúil tá feighlíocht leanaí teoranta do nach mó ná íosmhéid **líon uaireanta in aghaidh an lae** nó na seachtaine, agus, dá réir sin, tá idirdhealú á dhéanamh idir é agus 'aire a thabhairt do leanaí'. I dTuaisceart Éireann, mar shampla, is gá clárú mar fheighlí leanaí má tá níos mó ná dhá uair an chloig in aghaidh an lae á chaitheamh ag tabhairt aire do leanbh.

Chomh maith leis sin, tá idirdhealú á dhéanamh idir feighlíocht leanaí, a áiríonn **cúram i dteach an fheighlí leanaí**, agus cúram a thugtar i dteach an linbh, cúram a d'fhéadfadh a bheith á thabhairt ag buime, au pair nó 'duine atá ag tabhairt aire do leanbh'. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh cúram i dteach an linbh á thabhairt ag duine ar a dtugtar 'feighlí leanaí', téarma atá in úsáid go coitianta. É sin ráite, ní hionann an caidreamh fostaíochta agus an comhthéacs dlíthiúil agus rialála. Cé gur iondúil go mbíonn feighlí leanaí atá ag obair i dteach an fheighlí féin **féinfhostaithe** agus go mbíonn seirbhís á tairiscint a d'fhéadfaí a rochtain ar bhonn poiblí, glactar leis gur fostaí de chuid thuismitheoirí an linbh é duine éigin atá ag tabhairt aire do leanbh i dteach an linbh. Ina theannta sin, ina lán cásanna go minic áiríonn fostú duine éigin i dteach an linbh meascán de chúram agus róil eile, e.g. glantachán nó dualgais tí eile.[4] Os a choinne sin, de bhrí go n-oibríonn siad i dteach na dtuismitheoirí/an linbh seachas ina dteach féin, ní féidir glacadh leis go bhfuil freagracht

[4] Maidir le au pair, rialaigh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre gur fostaithe intíre iad au pair agus go bhfuil siad i dteideal an t-íosphá a fháil.

aonair ar au pair agus buimí as sábháilteacht nó oiriúnacht an tí sin chun críche na luathfhoghlama nó an chúraim leanaí.

Chun críche na soiléireachta, sainmhínítear sa Phlean Gníomhaíochta seo **'feighlí leanaí'** mar dhuine a thugann aire do leanaí i dteach an fheighlí leanaí, agus a úsáideann an téarma **'buime'** chun cur síos a dhéanamh ar dhuine éigin a thugann aire do leanaí i dteach an linbh.

## 1.2 Buntáistí na feighlíochta leanaí

Tairgeann feighlíocht leanaí, mar atá sainmhínithe in 1.1, raon buntáistí do leanaí agus do theaghlaigh. Níltear ag moladh anseo go bhfuil feighlíocht leanaí nó soláthar ionadbhunaithe 'níos fearr' ná a chéile. É sin ráite, tá buntáistí suntasacha agus fairsinge ag baint le feighlíocht leanaí a chiallaíonn go bhfuil cás láidir ann chun rogha den chineál seo suímh a thabhairt do thuismitheoirí trí fheighlíocht leanaí ar bhonn cothrom le feighlíocht leanaí ionadbhunaithe i dtéarmaí an chreata rialála agus infhaighteacht fóirdheontas, tacaíochtaí agus eolais.

**<u>Fianaise ar thorthaí do leanaí</u>**
Ainneoin níos mó spéise a bheith á léiriú ag leibhéal beartais, aithnítear gur ábhar taighde nach bhfuil dóthain forbartha déanta air é an méid a chuireann feighlíocht leanaí le torthaí a bhaint amach.[5] Tarraingíonn taighde atá déanta go dtí seo aird ar raon buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le feighlíocht leanaí, cé nach soláthraíonn sonraí oibiachtúla fianaise shoiléir maidir le torthaí níos fearr a bheith ag eascairt as feighlíocht leanaí nó soláthar ionadbhunaithe, go háirithe i gcomhthéacs ina bhfuil feighlithe leanaí á rialáil agus ina bhfaigheann siad oiliúint agus tacaíochtaí cáilíochta.

D'fhéadfadh gur fianaise iad difríochtaí i dtorthaí leanaí ar na difríochtaí idir cineálacha suímh in idirghníomhaíochtaí idir daoine fásta agus leanaí, mar aon leis an leibhéal tacaíochta atá ar fáil do chleachtóirí. Mar shampla, cé go bhféadfadh níos mó seans a bheith ann go mbainfidh cleachtóirí i gcúram ionadbhunaithe tairbhe as obair foirne, am chun machnamh a dhéanamh, acmhainní oideachais agus forbairt ghairmiúil leanúnach, a d'fhéadfadh torthaí níos fearr do leanaí a chinntiú, d'fhéadfadh idirghníomhaíochtaí idir feighlithe leanaí agus leanaí tairbhe a bhaint as níos mó comhsheasmhachta agus leanúnachas cúraim, cóimheasa níos lú aosaigh-leanaí agus comhpháirtíocht leanúnach le tuismitheoirí. Áirítear i bhfeighlíocht leanaí, de réir an tsainmhínithe, leanúnachas cúraim, cé nach gné é seo de chúram ionadbhunaithe i gcónaí, agus go hiondúil áiríonn sé cóimheas íseal idir baill foirne agus leanaí, a aithnítear mar ghné thábhachtach de chaighdeán struchtúrach,[6] agus tá fianaise ann go bhféadfadh go mbeadh cóimheasa níos ísle réamh-mheastach maidir le cúram

[5] Ang, L., Brooker, E., & Stephen, C. (2017). A Review of the Research on Childminding: Understanding Children's Experiences in Home-Based Childcare Settings. *Early Childhood Education Journal*, 45(2), 261-270.
[6] Grúpa Oibre an Choimisiúin Eorpaigh. (2014). *Proposal for Key Principles of a Quality Framework for Early Childhood Education and Care.* Tuarascáil an Ghrúpa Oibre maidir le hOideachas Luath-Óige agus Cúram faoi Choimirce an Choimisiúin Eorpaigh. An Bhruiséil: An Coimisiún Eorpach.

dearfach agus luathfhorbairt shochmhothúchánach leanaí[7],[8], le héifeacht níos láidre le tabhairt faoi deara do leanaí níos óige.[9]

Aimsíodh sa staidéar Ag Fás Aníos in Éirinn (GUI) go bhfuil éifeachtaí dearfacha ag feighlíocht leanaí[10] ar stór focal leanaí.[11] I Staidéar na Ríochta Aontaithe ar Oideachas agus Cúram na Luath-Óige (SEED) tá nasc cruthaithe idir cumas briathartha níos airde agus úsáid [12] foghlaim agus cúram luath-óige[13] aonair foirmiúil agus neamhfhoirmiúil.

Tá fianaise ann freisin go bhfuil tionchar dearfach ag feighlíocht leanaí ar thorthaí mothúchánacha do leanaí.[14] Tá níos mó seans ann go mbeidh leanaí a dtugann duine neamhghaolta aire dóibh ag déileáil le fadhbanna iompraíochta inmheánaithe agus tá seans ann go mbeidh siad níos inniúla go sóisialta.[15] Luaitear níos lú siomptóm mothúchánach agus breis féinrialúcháin iompraíochta le feighlithe leanaí.[16] Tá fianaise ann freisin go bhféadfadh timpeallachtaí baile imní sa luath-óige a laghdú.[17] Go ginearálta, tá níos mó seans ann go mbeidh imní agus strus á seachaint ag naíonáin agus lapadáin i suíomhanna luathfhoghlama agus cúram neamhthuismitheoireachta má fhorbraíonn siad ceangal tánaisteach marthanach le cúramóir amháin atá ar fáil go comhsheasmhach, ceangal a bhfuil níos mó seans ann go dtarlóidh sé nuair a bhíonn aire á tabhairt ag cúramóir aonair cosúil le feighlí leanaí.[18]

---

[7] Leach, P., Barnes, J., Malmberg, L.-E., Sylva, K., & Stein, A. (2008). The Quality of Different Types of Child Care at 10 and 18 months: A Comparison Between Types and Factors Related to Quality. *Early Child Development and Care*, 178, 177–209.

[8] Dalli, C., White, E. J., Rockel, J., Duhn, I., Buchanan, E., Davidson, S., Ganly, S., Kus, L. & & Wang, B. (2011). *Quality Early Childhood Education for Under-Two-Year-Olds: What Should It Look Like? A Literature Review.* Tuarascáil don Aireacht Oideachais. An Nua-Shéalainn: An Aireacht Oideachais.

[9] Melhuish, E. (2016). *Discussion Paper: Provision of Quality Early Childcare Services.* Ullmhaithe don Phiarmheasúnú ar an gClár um Chosaint agus um Chuimsiú Sóisialta. An Bhruiséil: An Coimisiún Eorpach.

[10] Déantar idirdhealú i staidéar GUI idir ‘cúram gaolta’ (seantuismitheoir de ghnáth), ‘cúram neamhghaolta’ (feighlí leanaí de ghnáth) agus ‘cúram ionadbhunaithe‘ (e.g. creis) mar na príomhchineálacha de chúram neamhthuismitheoireachta.

[11] McGinnity, F., Russell, H., & Murray, A. (2015). *Non-Parental Childcare and Child Cognitive Outcomes at Age 5.* Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI).

[12] Sa Staidéar ar Oideachas agus Cúram na Luath-Óige (SEED), tá suíomhanna roinnte i ngrúpa foirmiúil (e.g. naíolanna), duine aonair foirmiúil (e.g. feighlithe leanaí), agus duine aonair neamhfhoirmiúil (e.g. cairde agus gaolta).

[13] Morris, S. P., Melhuish, E., & Gardiner, J. (2017). *Study of Early Education and Development (SEED): Impact Study on Early Education Use and Child Outcomes up to Age Three.* Londain: An Roinn Oideachais.

[14] French G. (2007). *Children’s Early Learning and Development: A Research Paper*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA).

[15] Russell, H., Kenny, O. & McGinnity, F. (2016). *Childcare, Early Education and Socio-Emotional Outcomes at Age 5: Evidence from the Growing Up in Ireland (GUI) Study*. Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

[16] Morris, S. P., Melhuish, E., & Gardiner, J. (2017). Study of Early Education and Development (SEED): Impact Study on Early Education Use and Child Outcomes up to Age Three. Londain: An Roinn Oideachais.

[17] Coplan, R., Findlay, L. C., & Schneider, B. H. (2010). Where do Anxious Children ‘Fit’ Best? Childcare and the Emergence of Anxiety in Early Childhood. *Canadian Journal of Behavioural Science*, 42(3), 185.

[18] Bowlby, R. (2007). Is féidir le Naíonáin agus Lapadáin i gCúram Lae Neamhthuismitheoireachta Strus agus Imní a Sheachaint má Fhorbraíonn siad Ceangal Tánaisteach Marthanach le Cúramóir Amháin atá ar fáil go Comhsheasmhach. *Attachment & Human Development*, 9(4), 307-319.

Tá roinnt fianaise ann a thugann le fios go bhféadfadh ról tacúil a bheith ag feighlíocht leanaí in aistrithe agus naisc leanaí ó thimpeallachtaí baile go scoile.[19] Chomh maith leis sin, tugadh faoi deara gur féidir le feighlíocht leanaí foirm de thacaíocht teaghlaigh a chur ar fáil,[20] go háirithe do theaghlaigh leochaileacha.

**Sainroghanna leanaí**

Níl ach fianaise theoranta ann maidir le tosaíocht a bheith á tabhairt ag leanaí d'fheighlíocht leanaí seachas do chúram ionadbhunaithe. É sin ráite, tugann an fhianaise atá ar fáil le fios go bhféadfadh tóir a bheith ag go leor leanaí réamhscoile agus ar aois scoile ar an timpeallacht baile agus ar shuíomh 'teaghlaigh' na feighlíochta leanaí.

Aimsíodh sa tuarascáil *An Chéad 5* maidir leis an gcomhairliúchán náisiúnta le leanaí óga idir 3-5 bliana d'aois (lena n-áirítear leanaí réamhscoile agus ar aois scoile)[21] gur mheas leanaí óga go raibh tábhacht leis an mbaile agus leis an teaghlach, cé gur thagair roinnt leanaí go fabhrach do sheirbhísí ionadbhunaithe chomh maith. Bhain leanaí óga taitneamh as an 'eispéireas a bhain le bheith sa bhaile', agus níor thaitin sé leo nuair a bhí siad scartha ón teaghlach. Mórán mar an gcéanna, aimsíodh i gcomhairliúchán *Start Strong* le leanaí óga gur mheas leanaí go raibh sé tábhachtach go mbeadh a dteaghlaigh mórthimpeall orthu.[22] Cé nach bhfuil aire á tabhairt ag teaghlach an linbh féin i gceist le feighlíocht leanaí, is suíomh teaghlaigh agus timpeallacht cosúil leis an mbaile atá ann.

Tarraingíodh aird i suirbhé a rinneadh don Phlean Gníomhaíochta ar Chúram Leanaí ar Aois Scoile[23] ar raon cúiseanna a mheasann leanaí go mbaineann luach le feighlithe leanaí agus cúram baile. Rinne leanaí cur síos ar chaidreamh dearfach le feighlithe leanaí agus ar an deis a bheith ag spraoi agus ag sóisialú le cairde. Thagair leanaí do bhia cócaráilte sa bhaile mar ghné fhabhrach de shuíomhanna iarscoile. Thagair leanaí níos sine don iontaoibh a bhí ag a dtuismitheoirí as feighlithe leanaí.

**Sainroghanna tuismitheoirí**

Is fearr le go leor tuismitheoirí feighlithe leanaí a úsáid, mar gur dóigh leo gurb ionann an comhtháthú le saol an teaghlaigh agus timpeallacht cosúil leis an mbaile.[24] Cé gur fianaise é úsáid fhorleathan, leanúnach a bheith á baint ag tuismitheoirí as feighlithe leanaí, gur fearr le tuismitheoirí feighlíocht leanaí ná cúram ionadbhunaithe, d'fhéadfadh gur fianaise é, áfach, cinntí tuismitheoirí ar raon fachtóirí seachas tosaíocht a bheith á tabhairt don chineál cúraim, lena n-áirítear infhaighteacht, costas, suíomh, solúbthacht, agus tuiscintí ar cháilíocht.

[19] Ang, L., Brooker, E., & Stephen, C. (2017) A Review of the Research on Childminding: Understanding Children's Experiences in Home-Based Childcare Settings. *Early Childhood Education Journal*, 45(2), 261-270.

[20] Garrity, S., & McGrath, B. (2011). 'It's Not Like a Job Now; It's Part of Me': Exploring African Women's Experiences in the Irish Childcare Sector. *Child Care in Practice*, 17(1), 69-86.

[21] Coyne, I., Mallon, D., & Chubb, E. (2018). *An Chéad 5: A National Consultation with Young Children on A Whole-of-Government Strategy for Babies, Young Children and their Families.* Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann.

[22] Start Strong (2011). *If I Had a Magic Wand: Young Children's Visions and Ideas for Early Care and Education Services.* Baile Átha Cliath: Start Strong.

[23] *Action Plan on School Age Childcare* na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (2017). Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais.

[24] Fauth, R., Owen, S., & Jelicic, H. (2012). *The Next Best Thing to Being at Home: Parents' View of Quality in Home-Based Childcare Settings*. Achoimre Taighde. Londain: Ionad Taighde NCB.

D'fhéadfadh suirbhéanna ar thuismitheoirí fianaise níos soiléire maidir le sainroghanna a sholáthar. Léiríodh i suirbhé ar thuismitheoirí a rinne an Grúpa Oibre um Athchóirithe agus Tacaíochtaí don Earnáil Feighlíochta Leanaí, a d'fhreagair níos mó ná 3,600 tuismitheoir, ardleibhéal de shástacht tuismitheoirí le feighlithe leanaí (shonraigh 72% de fhreagróirí go raibh siad 'an-sásta' lena bhfeighlí leanaí). Ní féidir, áfach, lena leithéid de shuirbhé an céatadán de thuismitheoirí (ag úsáid ionad cúrambhunaithe, feighlí leanaí, nó foirm chúraim eile) a roghnódh feighlí leanaí dá mbeadh gach foirm soláthair inrochtana go cothrom a léiriú.[25] I suirbhé CSO a rinneadh in 2016 fiafraíodh de leanaí faoin cén socrú *malartach* cúram leanaí ar mhaith leo a úsáid nach bhfuil in úsáid acu faoi láthair, agus roghnaigh 18% de thuismitheoirí leanaí réamhscoile agus 14% de thuismitheoirí leanaí ar aois scoile an chatagóir 'feighlí leanaí íoctha / au pair / buime'.[26]

Rinne an Grúpa Oibre an suirbhé ar thuismitheoirí agus soláthraítear ann freisin léargas ar na fachtóirí a shíleann tuismitheoirí atá tábhachtach nuair a roghnaíonn siad seirbhísí feighlíocht leanaí seachas cúram ionadbhunaithe. I measc na bhfachtóirí a measadh a bhí tábhachtach bhí uaireanta solúbtha, tacaíocht le leanaí a fhágáil agus a bhailiú, agus suíomh gar do theach an teaghlaigh. Tá roinnt fianaise ann freisin go síleann roinnt tuismitheoirí go dtacaíonn feighlíocht leanaí le filleadh ar an obair. Ar an gcuma chéanna, tá aird tarraingthe ag taighde eile ar raon fachtóirí a chuireann tuismitheoirí a chinneann feighlí leanaí a úsáid san áireamh; d'fhéadfadh go mbeadh tuismitheoirí den tuairim go bhfuil cáilíocht na seirbhíse atá á cur ar fáil ag feighlithe leanaí níos airde, go bhfuil cóimheasa níos ísle agus níos mó féidearthachta le haghaidh cúram pearsantaithe agus tuiscint ar riachtanais leanaí aonair.[27] Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh tús áite á thabhairt ag tuismitheoirí don timpeallacht cosúil leis an mbaile.[28] Ina theannta sin, tá an meascán gníomhaíochtaí agus turas a thairgeann feighlithe leanaí aitheanta ag roinnt tuismitheoirí mar chúis le feighlí leanaí a roghnú seachas cúram ionadbhunaithe.[29]

Tugtar le fios i bhfianaise ghaolmhar go mbeadh fonn ar thuismitheoirí a chinntiú go bhfuil siad 'ag réiteach go maith' le feighlithe leanaí, ag obair i gcomhpháirt le, agus ag glacadh le feighlíocht leanaí mar ghné dá gcuid tuismitheoireachta féin.[30] Tá iontaofacht aitheanta mar ghné thábhachtach freisin nuair a bhíonn feighlí leanaí á roghnú.[31]

**Rochtain agus buntáistí eacnamaíocha**

Cé go gciallaíonn an ganntanas rialúcháin ar fheighlíocht leanaí gur beag fianaise nithiúil atá ann maidir le suíomh geografach nó uaireanta oibre feighlithe leanaí, d'fhéadfadh go mbeadh sciar suntasach de sheirbhísí i suíomhanna tuaithe agus iargúlta á sholáthar ag feighlithe

[25] Grúpa Oibre ar Athchóirithe agus Tacaíochtaí don Earnáil Feighlíocht Leanaí (2018) *Pathway to a Quality Support and Assurance System for Childminding: Volume 2.*
[26] CSO (2017) QNHS Module on Childcare, 2016.
[27] Fauth, R., Owen, S., & Jelicic, H. (2012). *The Next Best Thing to Being at Home: Parents' View of Quality in Home-Based Childcare Settings: Research Summary.* Londain: Ionad Taighde NCB.
[28] Shannon, R., Geraghty, T., & Molyneaux, F. (2014). *Childminding in Northern Ireland: An Exploration of Practice, Quality and the Impact of Vertical Placements on Children*. Londain: Biúró Náisiúnta na Leanaí
[29] Fauth, R., Jelicic, H., Lea, J., Willnott, N. & Owen, S. (2011). *Childminding Practice in England: Final Report.* Londain: Biúró Náisiúnta na Leanaí.
[30] Fauth, R., Owen, S., & Jelicic, H. (2012). *The Next Best Thing to Being at Home: Parents' View of Quality in Home-Based Childcare Settings: Research Summary.* Londain: Ionad Taighde NCB.
[31] Huskindon, T., Pye, J., Medien, K., Dobie, S., Ferguson, C., Gardner, C., Gilby, N., Littlewood, M. & D'Souza, J. (2013). *Childcare and Early Years Survey of Parents 2011.* Londain: An Roinn Oideachais.

leanaí,[32] agus d'fhéadfadh go mbeadh a n-uaireanta oibre níos solúbtha, rud a rachaidh chun tairbhe tuismitheoirí atá i mbun sealoibre nó uaireanta oibre mírialta go háirithe.

Is féidir le feighlithe leanaí seirbhísí a chur ar fáil gan costais chaipitil nó forchostais shuntasacha a thabhú,[33] trí chúram a chur ar fáil do leanaí ina dtithe féin. Dá thoradh sin, is féidir le feighlithe leanaí oibriú ar scála níos lú, agus tá níos mó seans ann go mbeidh siad in ann gnóthaí inmharthana a rith i gceantair ina bhfuil an t-éileamh íseal.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh feighlithe leanaí atá ag obair ina dtithe féin áisiúil, agus lonnaithe níos cóngaraí do thithe tuismitheoirí. Glacann go leor tuismitheoirí leis seo mar rud dearfach, agus uaireanta glactar leis gur baill den phobal iad feighlithe leanaí.[34]

Bunaithe ar na cúiseanna seo ar fad, is féidir le rochtain fhorleathan ar fheighlíocht leanaí rialáilte rannpháirtíocht tuismitheoirí sa mhargadh fostaíochta a éascú, go háirithe rannpháirtíocht na mban sa mhargadh fostaíochta, agus is féidir leis an éileamh ar áiteanna cúram leanaí a mhéadú, ag cur le hiomaíocht sa 'mhargadh cúram leanaí', go háirithe i gceantair áitiúla ina bhfuil rochtain ar rogha seirbhísí ionadbhunaithe teoranta. I gcomhthéacs margaidh, d'fhéadfadh iomaíocht mhéadaithe an brú a mhéadú le haghaidh soláthair ar ardchaighdeán agus an riosca a bhaineann le méaduithe iomarcacha ar tháillí a laghdú.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go n-eascródh buntáistí eacnamaíocha níos ginearálta as caighdeáin cháilíochta níos airde i luathfhoghlaim agus seirbhísí cúraim, bunaithe ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag soláthar ar ardchaighdeán ar fhorbairt leanaí agus ar thorthaí oideachais. Cé go bhfuil dreasacht ann d'fheighlithe leanaí a bhí ag obair sa gheilleagar neamhfhoirmiúil roimhe seo a bheith páirteach sa gheilleagar foirmiúil, d'fhéadfadh go mbeadh ioncam cánach ag ardú freisin.

## 1.3 An earnáil feighlíocht leanaí in Éirinn

**<u>Stádas dlí</u>**

Tá go leor feighlithe leanaí díolmhaithe ón rialúchán faoi láthair mar thoradh ar dhíolúintí atá leagtha síos in Alt 58L d'Acht um Chúram Leanaí, 1991. Roimh mhí Feabhra 2019, ní raibh ach feighlithe leanaí a thug aire do bhreis is triúr leanaí réamhscoile ó theaghlaigh dhifriúla [35] faoi réir rialúcháin agus, dá réir sin, bhí dualgas orthu clárú le Tusla (nó, roimh bhunú Tusla, fógra a chur chuig HSE).

Ó mhí Feabhra 2019, nuair a tháinig Alt 22 d'Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí, 2018 i bhfeidhm, tá raon feidhme an rialacháin leathnaithe agus áirítear ann seirbhís atá dírithe ar chúram níos mó ná seisear leanaí d'aois ar bith ag am amháin, i dteannta leo siúd a thugann aire do bhreis is triúr leanaí réamhscoile. Mar a tugadh faoi deara in alt 1.1 thuas, áfach, glactar go ginearálta le feighlíocht leanaí mar chúram a chur ar fáil do sheisear leanaí nó níos lú.

---

[32] ibid

[33] Department for Education (2018) *Survey of Childcare and Early Years Providers: Main Summary*. Londain: An Roinn Oideachais.

[34] Fauth, R., Owen, S., & Jelicic, H. (2012). The next best thing to being at home: Parents' view of quality in home-based childcare settings. *Research summary. Londain: Ionad Taighde NCB.*

[35] Sa chás gur ón teaghlach amháin iad na leanaí a bhfuil feighlí leanaí ag tabhairt aire dóibh (seachas teaghlach an fheighlí leanaí féin), tá an feighlí leanaí díolmhaithe ón rialúchán,

Faoi Lúnasa 2019, bhí 81 feighlí leanaí cláraithe le Tusla, iad ar fad cláraithe le haghaidh cúram leanaí réamhscoile. Cé go bhfuiltear ag súil leis go n-ardóidh an líon atá cláraithe le Tusla i rith 2019 mar thoradh ar athruithe ar an Acht Tacaíochta Cúraim Leanaí agus tabhairt isteach rialachán do chúram leanaí ar aois scoile, níltear ag súil le haon athrú mór ar an líon cláraithe gan athchóiriú rialála.

Cé go nglactar leis go bhfuil líon mór feighlithe leanaí díolmhaithe ó rialúchán, glactar leis chomh maith go bhfuil roinnt feighlithe leanaí ann a thagann laistigh de raon feidhme na rialachán reatha nach bhfuil cláraithe le Tusla cé go bhfuil dualgas orthu de réir dlí clárú.

I gcás feighlithe leanaí atá díolmhaithe ó rialúchán, cuireadh tús le próiseas 'fógartha deonaí' in 2006 faoi Straitéis Náisiúnta Cúram Leanaí 2006 - 2010, a chiallaigh go raibh rogha á déanamh ag feighlithe leanaí rannpháirteacha fógra a thabhairt do Choistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí . Má chomhlíontar critéir áirithe, tá feighlithe leanaí incháilithe le haghaidh tacaíochtaí áirithe, lena n-áirítear Deontas Forbartha um Fheighlíocht Leanaí agus Faoiseamh Cánach do Sheirbhísí Cúram Leanaí (féach thíos). Ní stádas dlí é fógra deonach, áfach, agus tá an líon i gceist laghdaithe le blianta beaga anuas de réir mar atá an leibhéal tacaíochta atá ar fáil don phróiseas laghdaithe. I láthair na huaire, tá thart ar 610 feighlí leanaí a bhfuil fógra tugtha acu dá gCoiste Cúram Leanaí Cathrach / Contae. Lena chois sin, soláthraíonn RLGÓ maoiniú bliantúil do Feighlíocht Leanaí na hÉireann, a bhfuil thart ar 700 ball aige, a bhaineann tairbhe as tacaíochtaí a chuireann Feighlíocht Leanaí na hÉireann ar fáil, agus ní mór dóibh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a dhéanamh.

**Meastacháin maidir le líon na bhfeighlithe leanaí**

Tá roinnt mhaith éiginnteachta ann maidir le líon na leanaí a bhfuil feighlithe leanaí ag tabhairt aire dóibh, agus maidir le líon na bhfeighlithe leanaí atá ag obair in Éirinn inniu.


Thug suirbhé CSO a rinneadh ar thuismitheoirí in 2016 le fios go bhfuil feighlí leanaí, au pair nó buime ag tabhairt aire do thart ar 13% de leanaí réamhscoile agus 8% de leanaí bunscoile in Éirinn, i dteannta le meascán d'fhoirmeacha eile de chúram tuismitheoireachta agus neamhthuismitheoireachta.[36] Bunaithe ar na meastacháin reatha faoin daonra, is ionann é seo agus thart ar 84,300 leanbh.

I gceist shuirbhé an CSO, áfach, tá feighlithe leanaí (mar atá sainmhínithe sa Phlean Gníomhaíochta seo) á ngrúpáil le buimí agus au pairs, agus ní fios an líon coibhneasta i ngach cás. Tugtar le fios sa chairt thíos, bunaithe ar chomhairliúchán ar líne le tuismitheoirí ina ndearnadh iarracht feighlithe leanaí a idirdhealú ó bhuimí agus au pairs, go bhfuil i bhfad níos mó úsáide á baint as feighlithe leanaí ná au pair agus buimí, agus go bhfuil feighlithe leanaí ag tabhairt aire do thart ar 92% den líon iomlán. Ní raibh an sampla de thuismitheoirí a d'fhreagair suirbhé an chomhairliúcháin ionadaíoch, áfach. Ina theannta sin, go minic úsáidtear an téarma 'feighlí leanaí' chun cur síos a dhéanamh ar dhuine atá ag tabhairt aire do leanbh i dteach an linbh, agus ní léir cén cineál léargais atá á thabhairt ag na freagraí a léirítear sa chairt ar an soláthar i ndáiríre. I dtéarmaí níos ginearálta, tá sonraí shuirbhé an CSO bunaithe ar shuirbhé na dtuismitheoirí agus ar ndóigh tá scóip ann go mbainfidh daoine an chiall chontráilte as na ceisteanna. Neamhchosúil le soláthar ionadbhunaithe, áit a gciallaíonn an ceanglas clárú le Tusla go soláthraíonn sonraí riaracháin cros-seiceáil iontaofa

[36] An Phríomh-Oifig Staidrimh (2016) *Quarterly National Household Survey Childcare Quarter 1, 2016.*

le sonraí suirbhé, níl aon sonraí riaracháin ar fáil faoi líon na leanaí a bhfuil cúram á sholáthar ag feighlithe leanaí in Éirinn dóibh.

**Cineálacha luathfhoghlama agus cúraim agus cúram leanaí ar aois scoile**




Foinse: comhairliúchán ar líne le tuismitheoirí déanta nuair a bhí tuarascáil an Ghrúpa Oibre Idir-Rannaí, *Future Investment in Childcare (2015)*, á hullmhú.

Bunaithe ar shonraí shuirbhé an CSO, agus ar thoimhde go dtugann feighlithe leanaí, ar an meán, aire do 2.5 leanbh réamhscoile (a bhí bunaithe ar shuirbhé a rinneadh ar bhaill Fheighlíocht Leanaí na hÉireann in 2009), in 2011, mheas Comhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody go raibh thart ar 19,000 feighlí leanaí ag tabhairt aire do leanaí réamhscoile.[37] (Níor cuireadh leanaí ar aois scoile san áireamh i dtuarascáil Goodbody.) I meastacháin a rinneadh ina dhiaidh sin cuireadh an figiúr 2.5 i bhfeidhm i ndáil le líon iomlán na leanaí a bhfuil feighlithe leanaí ag tabhairt aire dóibh (níos mó ná 80,000), agus mheas an Grúpa Oibre go bhféadfadh go mbeadh 35,000 feighlí leanaí ag obair in Éirinn.[38] Ní áirítear sa mheastachán seo, áfach, go dtugann go leor feighlithe leanaí aire do leanaí réamhscoile agus leanaí ar aois scoile.

Tugtar le fios i suirbhé níos déanaí (2012) a rinneadh ar bhaill Fheighlíocht Leanaí na hÉireann, ar an meán, go bhféadfadh feighlithe leanaí aire a thabhairt do thart ar 4 leanbh, nuair a chuirtear leanaí réamhscoile agus ar aois scoile san áireamh.[39]

Tríd an bhfigiúr seo a chur i bhfeidhm ar an meastachán de 84,000 leanbh, ar féidir le feighlí leanaí aire a thabhairt do 92% díobh, is féidir a mheas go bhféadfadh suas le 19,400 feighlí leanaí a bheith ann. Ba cheart glacadh leis seo, áfach, mar theorainn sheachtrach, mar gur

[37] Comhairleoirí Eacnamaíocha Goodbody (2011) *Children 2020: Cost-Benefit Analysis.*
[38] Grúpa Oibre ar Athchóirithe agus Tacaíochtaí don Earnáil Feighlíocht Leanaí (2018) *Pathway to a Quality Support and Assurance System for Childminding: Volume 1.*
[39] *Childminding Ireland* (2013) *Report on Survey of Registered Members in 2012*.

cosúil go bhfuil céatadán suntasach de na feighlithe leanaí curtha san áireamh anseo mar chúram 'feighlithe leanaí' do leanaí i dteach an linbh agus, dá réir sin, ní bheadh sé ag teacht leis an sainmhíniú d'fheighlí leanaí a úsáidtear sa Phlean Gníomhaíochta seo.

**Cúlra na dtacaíochtaí**

Bhí rochtain ar na príomhscéimeanna maoinithe Stáit do luathfhoghlaim agus cúram teoranta do sholáthraithe cúraim atá rialaithe. I gcleachtas, chiallaigh sé seo nach raibh ach líon beag feighlithe leanaí páirteach sna scéimeanna seo. Tá eolas maidir le líon na bhfeighlithe leanaí a bhfuil conradh acu chun scéimeanna maoinithe Stáit a chur ar fáil leagtha amach anseo thíos:

| | |
|---|---:|
| CCSP 2018 | 19 |
| CETS 2018 | 2 |
| ECCE 2018 | 25 |
| Líon iomlán na bhfeighlithe leanaí cláraithe | 81 |

De bhrí go bhfuil formhór na bhfeighlithe leanaí lasmuigh de raon feidhme an rialúcháin, bhí sé mar aidhm le roinnt tionscnamh agus scéimeanna tacaíochtaí a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí neamhrialaithe, chun caighdeáin cháilíochta a ardú, agus chun dreasacht a thabhairt d'fheighlithe leanaí an geilleagar neamhfhoirmiúil a fhágáil.

Bhí roinnt snáitheanna sa Tionscnamh Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí, ar cuireadh tús leis in 2002:

- Foilsíodh Treoirlínte Náisiúnta d'Fheighlithe Leanaí.
- An córas fógra deonach, trína bhféadfadh feighlithe leanaí nach raibh dualgas orthu fógra a thabhairt do HSE (nó, le deireanas, clárú le Tusla), fógra a thabhairt go deonach dá gCoiste Cúram Leanaí Cathrach / Contae, agus ar an tslí sin, tairbhe a bhaint as raon tacaíochtaí.
- Cúrsa oiliúna tosaigh – an Clár Feasachta Cáilíochta (QAP).
- Tá an Deontas Forbartha um Fheighlíocht Leanaí, a bunaíodh in 2004, agus atá deartha chun cabhrú le feighlithe leanaí leis an gcostas a bhaineann le míreanna sábháilteachta, trealamh, acmhainní súgartha nó mion-oiriúnuithe tí. Tá feighlithe leanaí in ann rochtain a fháil ar mhaoiniú suas le €1,000 chun 90% de na costais a chlúdach.
- Faoiseamh Cánach Seirbhísí Cúram Leanaí, trínar féidir le feighlithe leanaí tairbhe a bhaint as díolúine ó cháin suas go dtí €15,000 d'ioncam tuillte ó fheighlíocht leanaí. (Níl an faoiseamh cánach seo ar fáil ach d'fheighlithe leanaí nach bhfuil incháilithe clárú le Tusla faoi láthair, e.g. iad siúd atá ag tabhairt aire do thriúr leanaí réamhscoile nó níos lú)
- Oifigigh Chomhairleacha Feighlíocht Leanaí a cheapadh, cuid acu atá fostaithe ag HSE agus cuid ag Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí , chun eolas, tacaíocht agus oiliúint a thairiscint d'fheighlithe leanaí, chun an córas fógra deonach a chothabháil, agus chun na tacaíochtaí eile atá dírithe ar fheighlithe leanaí a riaradh.

Cuireadh deireadh den chuid is mó le poist na nOifigeach Comhairleach Feighlíocht Leanaí in 2012-2013 mar thoradh ar laghduithe buiséid, agus ó shin i leith, tá laghdú tagtha ar líon na ndaoine atá ag baint tairbhe as tacaíochtaí eile. Taispeántar sa tábla thíos, mar shampla, an

laghdú de réir a chéile ó 2014 ar líon na bhfeighlithe leanaí atá ag cur isteach ar agus ag fáil an Deontais Forbartha um Fheighlíocht Leanaí (CMDG).

| | **Iarratais CMDG faighte** | **Iarratais CMDG faofa** |
|---|---|---|
| 2012 | 383 | 273 |
| 2013 | 295 | 280 |
| 2014 | 314 | 298 |
| 2015 | 224 | 215 |
| 2016 | 247 | 237 |
| 2017 | 201 | 189 |
| 2018 | 189 | 173 |

## 1.4 Feighlíocht leanaí i ndlínsí eile

Cé go bhfuil éagsúlacht shuntasach le tabhairt faoi deara chomh fada is a bhaineann le stádas dlí agus úsáid na feighlíochta leanaí, tá go leor dlínsí ann ina bhfuil feighlíocht leanaí go hiomlán rialaithe, agus i roinnt dlínsí is ionann é agus cuid shuntasach den soláthar 'foirmiúil'. Áit a bhfuil an fheighlíocht leanaí rialaithe, tá éagsúlacht shuntasach le tabhairt faoi deara freisin sna híoscheanglais, idir seiceálacha sábháilteachta agus sláinte, caighdeáin foirne agus curaclaim, agus maoirseacht oideolaíoch a bheith á déanamh ag comhlacht creidiúnaithe. De réir athbhreithniú a rinne an OECD ar sholáthar do leanaí réamhscoile i dtíortha OECD in 2017, 'tá cúram lae teaghlaigh… níos coitianta i gcás leanaí faoi 3 bliana d'aois'.[40]

Aimsítear i dtuarascáil AE (Eurydice) 2019 ar sholáthar ar fud na hEorpa go bhfuil:

> 'Trí cheathrú de chórais oideachais na hEorpa ag déanamh soláthair le haghaidh seirbhísí rialaithe baile ECEC [oideachas luath-óige agus cúram], nach mór a leanfadh rialacha réamhshainithe agus caighdeáin cháilíochta áirithe. In 12 córas oideachais, tá dualgas ar fheighlithe leanaí a bhfuil an cineál seo soláthair á thairiscint acu oiliúint shonrach a dhéanamh. Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara sa mhéid ama a chaitear i mbun an chineáil seo oiliúna, idir níos lú ná 50 uair an chloig i roinnt *Länder* sa Ghearmáin, i Laitvia agus i roinnt Cantún san Eilvéis, go dtí suas le 1,053 uair an chloig i bPobal na Fraince sa Bheilg. Is idir 100 agus 300 uair an chloig a bhíonn i gceist de ghnáth…. In aon trian de na córais oideachais ina bhfuil soláthar rialaithe

[40] OECD (2017) *Starting Strong 2017: Key Indicators on Early Childhood Education and Care*. Páras: OECD, lch.60.

baile á chur ar fáil, ní éilíonn an t-údarás barrleibhéil aon íoscháilíochtaí agus aon oiliúint shonrach chun oibriú mar fheighlí leanaí.'[41]

I gcomparáid leis sin, in Éirinn is é an ceanglas cáilíochta atá ann faoi láthair chun clárú le Tusla mórdhámhachtain i gCúram Luath-Óige agus Oideachas ag Leibhéal 5 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí (NFQ).

Léirítear sa tábla thíos an raon ceanglas nach mór d'fheighlithe leanaí a chomhlíonadh i roinnt dlínsí. Mar a léirítear, tá go leor dlínsí ann anois – lena n-áirítear Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag agus Tuaisceart Éireann – ina bhfuil dualgas ar gach feighlí leanaí clárú le comhlacht rialála, agus tá siad faoi réir raon ceanglas a bhaineann le grinnfhiosrúchán póilíneachta, cigireacht, agus oiliúint. Cé go bhfuil ceanglais cháilíochta le haghaidh feighlithe leanaí teoranta do chúrsaí oiliúna tosaigh, ba cheart a thabhairt faoi deara in a lán dlínsí dá leithéid (neamhchosúil le hÉirinn) nach bhfuil aon cheanglas ar gach ball foirne i suíomhanna ionadbhunaithe freisin cáilíocht ábhartha a bheith acu.

**Ceanglais le haghaidh feighlithe leanaí i ndlínsí roghnaithe**

| Sasana | Ceanglais |
|---|---|
| Clárú | Ní mór clárú le Ofsted nó Gníomhaireacht um Fheighlíocht Leanaí má tá aire á tabhairt do leanbh faoi 8 mbliana d'aois. |
| Grinnfhiosrúchán | Seiceálacha Nochta agus Urchoisc d'fheighlí leanaí agus gach duine fásta os cionn 16 mbliana d'aois atá ag maireachtáil sa bhaile. |
| Cigireacht | Tá cigireacht le déanamh ag eagraíocht amháin nó ag an dá eagraíocht a bhfuil an feighlí leanaí cláraithe leo. |
| Cáilíocht | Is gá freastal ar chúrsa atá faofa ag Údarás Áitiúil e.g. Bunchúrsa um Fheighlíocht Leanaí. |
| Oiliúint Bhreise | Teastas i nGarchabhair Phéidiatrach. |

| Tuaisceart Éireann | Ceanglais |
|---|---|
| Clárú | Ní mór clárú leis an *Health & Social Care Trust*. |
| Grinnfhiosrúchán | Déanann na póilíní seiceáil ar gach duine os cionn 10 mbliana d'aois i dteach an fheighlí leanaí. |
| Cigireacht | Tá cigireacht le déanamh ag an *Health and Social Care Trust*. |
| Cáilíocht | Oiliúint Réamhchláraithe. |
| Oiliúint Bhreise | Éilíonn Íoschaighdeáin le haghaidh Feighlíocht Leanaí agus Cúram Lae go bhfreastalaíonn feighlí leanaí ar oiliúint ábhartha chun eolas agus faisnéis a fháil faoi Shláinte & Sábháilteacht, Cosaint Leanaí agus Tús Eolais ar an nGarchabhair Phéidiatrach. |

| An Bhreatain Bheag | Ceanglais |
|---|---|
| Clárú | Ní mór clárú le Cigireacht um Chúram agus Seirbhísí Sóisialta na Breataine Bige. |

[41] An Coimisiún Eorpach, EACEA, Eurydice (2019) *Key Data on Early Childhood Education and Care in Europe, 2019 Edition.* Lucsamburg: Lch.79.

| | |
|---|---|
| Grinnfhiosrúchán | Seiceálacha Nochta agus Urchoisc d'fheighlí leanaí agus gach duine fásta os cionn 16 mbliana d'aois atá ag maireachtáil sa bhaile. |
| Cigireacht | Tá cigireacht le déanamh ag Cigireacht um Chúram agus Seirbhísí Sóisialta na Breataine Bige. |
| Cáilíocht | Oiliúint Réamhchláraithe. |
| Oiliúint Bhreise | Éilíonn Íoschaighdeáin le haghaidh Feighlíocht Leanaí agus Cúram Lae go bhfreastalaíonn feighlí leanaí ar oiliúint ábhartha chun eolas agus faisnéis a fháil faoi Shláinte & Sábháilteacht, Cosaint Leanaí agus Tús Eolais ar an nGarchabhair Phéidiatrach. |

| Albain | Ceanglais |
|---|---|
| Clárú | Ní mór clárú leis an gCigireacht um Chúram agus ní mór do gach duine fásta atá ina gcónaí nó ag obair sa bhaile ina bhfuil an feighlí leanaí lonnaithe clárú freisin. |
| Grinnfhiosrúchán | Déanfaidh an Chigireacht um Chúram seiceálacha Scéim um Chosaint Grúpaí Leochaileacha agus seiceálacha ar thaifid choiriúla *Disclosure Scotland* ar an bhfeighlí leanaí mar aon le seiceáil ar aon duine eile atá 16 mbliana d'aois nó níos sine atá ina c(h)ónaí nó ag obair sa bhaile. |
| Cigireacht | Tá cigireacht le déanamh ag an gCigireacht um Chúram. |
| Cáilíocht | Molann an Chigireacht um Chúram don fheighlí leanaí Cúrsa Foghlama Ionduchtaithe san Fheighlíocht Leanaí a dhéanamh. |

| An Fhrainc | Ceanglais |
|---|---|
| Clárú | Tá clárú nasctha le faomhadh sonrach ó La Protection Maternelle et Infantile (PMI) agus údaráis áitiúla, a aithníonn a stádas gairmiúil agus a shocraíonn líon agus aois na leanaí ar féidir leo aire a thabhairt dóibh. |
| Grinnfhiosrúchán | Níl aon cheanglas ann maidir le grinnfhiosrúchán. |
| Cigireacht | Tá cigireacht le déanamh ag Cigirí PMI. |
| Cáilíocht | Ní mór don fheighlí leanaí 60 uair an chloig d'oiliúint a dhéanamh roimh ghlacadh leis an gcéad leanbh, agus 60 uair an chloig eile sa dá bhliain ina dhiaidh sin. (D'fhéadfadh go mbeadh daoine a bhfuil cáilíochtaí áirithe sa chúram leanaí acu cheana féin díolmhaithe.) |

| An Danmhairg | Ceanglais |
|---|---|
| Clárú | Ní mór a bheith faofa ag agus cláraithe leis an mbardas, agus tá feighlithe leanaí fostaithe ag an údarás áitiúil. |
| Grinnfhiosrúchán | Ní mór go mbeadh teastas leanaí ag an bhfeighlí leanaí, a áirítear air faisnéis faoi chiontuithe agus sárú rialacha an Chóid Choiriúil maidir le cionta gnéasacha a bhaineann le mionaoisigh nó pornagrafaíocht leanaí. |
| Cigireacht | Tá cigireacht le déanamh ag Cigirí bardais. |
| Cáilíocht | Níl aon cheanglas oiliúna. |

| An Ísiltír | Ceanglais |
|---|---|
| Clárú | Ní mór go mbeadh feighlithe leanaí cláraithe le gníomhaireacht um fheighlíocht leanaí ar Chlár Náisiúnta um Chúram Leanaí agus Grúpa Súgartha na hÍsiltíre (*Landelijk Register Kinderopvang en Peuterspeelzalen, LRKP*). |
| Grinnfhiosrúchán | Ní mór go mbeadh teastas dea-chlú ag feighlithe leanaí. Chomh maith leis sin, is gá do gach duine fásta os cionn 18 mbliana d'aois agus gach duine aonair sa teach os cionn 12 bliana d'aois grinnfhiosrúchán a dhéanamh. |
| Cigireacht | Cigireacht bhliantúil ar na nGníomhaireachtaí um Fheighlíocht Leanaí agus cigireacht randamach ar na feighlithe leanaí. |
| Cáilíocht | Ní mór go mbeadh cáilíocht ábhartha ag feighlithe leanaí ISCED leibhéal 3, ar a laghad (coibhéiseach le Leibhéal 4/5 ar NFQ na hÉireann). |
| Oiliúint Bhreise | Ní mór go mbeadh teastas garchabhrach cláraithe agus bailí ag feighlithe leanaí atá dírithe ar leanaí. |

## 1.5 Forbairt an Phlean Ghníomhaíochta

I roinnt tuarascálacha a cuireadh i dtoll a chéile le blianta beaga anuas táthar ag iarraidh plean nó straitéis náisiúnta a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh feighlíocht leanaí á háireamh mar chuid den soláthar lárshrutha, lena n-áirítear raon feidhme an rialúcháin a leathnú:

- In 2013, mhol an Sainghrúpa Comhairleach ar an Straitéis Náisiúnta Luathbhlianta 'rialúchán le haghaidh agus tacaíocht do gach feighlí leanaí íoctha neamhghaolta', trí Acht um Chúram Leanaí, 1991 a leasú, céim aistrithe roimh athrú rialála, agus forbairt rialachán atá comhréireach agus oiriúnach do thimpeallacht baile an fheighlí leanaí.[42]
- In 2015, mhol an Grúpa Oibre Idir-Rannaí ar *Future Investment in Childcare* 'clár céimnithe d'athchóirithe [le haghaidh feighlithe leanaí] ag aistriú ó cheanglais dheonacha go dtí ceanglais éigeantacha', ina 'bhféadfaí a áireamh freisin tús a chur in athuair le seirbhís chomhairleach feighlíocht leanaí'.[43]
- In 2017, moladh sa Phlean Gníomhaíochta ar Chúram Leanaí ar Aois Scoile sainghrúpa oibre a bhunú chun 'córas láidir dearbhaithe cáilíochta d'fheighlithe leanaí' a fhorbairt.[44]

Tugadh gealltanas i *gClár do Rialtas Comhpháirtíochta* 2016 'tacú le forbairt clár céimnithe athchóirithe d'fheighlithe leanaí a chiallódh go mbeadh sé níos éasca tacú le teaghlaigh agus le feighlithe leanaí'.

[42] An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2013). *Right from the Start: Report of the Expert Advisory Group on the National Early Years Strategy*. Foilseacháin Rialtais.
[43] An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (2015). *Report of Inter-Departmental Working Group: Future Investment in Childcare in Ireland*. Foilseacháin Rialtais.
[44] *Action Plan on School Age Childcare* na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (2017). Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais.

Ag cloí leis an ngealltanas Rialtais seo, agus ag cur leis na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha roimhe, i Meán Fómhair 2016, bhunaigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige **Grúpa Oibre** maidir le hAthchóirithe agus Tacaíochtaí don Earnáil Feighlíocht Leanaí chun:

- Tuairisc ar an earnáil feighlíocht leanaí in Éirinn a sholáthar, lena n-áirítear na catagóirí difriúla feighlithe leanaí agus, áit ar féidir, an líon measta i ngach catagóir.
- Moltaí a dhéanamh maidir leis na catagóirí ba cheart a áireamh sna pleananna le haghaidh athchóirithe agus tacaíocht don earnáil, agus (más gá) réasúnaíocht a sholáthar chun catagóirí eile a fhágáil as an áireamh.
- Sa ghearrthéarma, sainaithin na hathchóirithe agus na tacaíochtaí atá ag teastáil ionas go mbeidh córas láidir dearbhaithe cáilíochta ann d'fheighlithe leanaí.
- Tograí a dhéanamh le haghaidh, agus costáil áit ar cuí, samhail athchóirithe agus tacaíochtaí don earnáil feighlíocht leanaí sa ghearrthéarma (1-3 bliana), sa mheántéarma (3-5 bliana) agus san fhadtéarma (5-10 mbliana).
- Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht agus ar impleachtaí an aistrithe ón rialúchán deonach go dtí an rialúchán éigeantach don earnáil feighlíocht leanaí.

Mar chuid den obair, rinne an Grúpa Oibre **comhairliúchán** le tuismitheoirí trí shuirbhé tuismitheoirí i mBealtaine 2017, agus chuathas i gcomhairle le feighlithe leanaí trí shuirbhé ar bhaill Fheighlíocht Leanaí na hÉireann agus lá plé a cheadaigh plé níos doimhne le 22 feighlí leanaí as ar fud na tíre. Cuireadh san áireamh, sa Phlean Gníomhaíochta um Chúram Leanaí ar Aois Scoile, torthaí an chomhairliúcháin le 177 leanbh idir 5-12 bliain d'aois a rinneadh in 2016. D'fhreagair 3,630 duine suirbhé na dtuismitheoirí, agus cuireadh ceisteanna maidir le húsáid na feighlíochta leanaí agus dearcthaí maidir le feighlíocht leanaí. D'fhreagair 357 duine suirbhé na bhfeighlithe leanaí. Tá sé beartaithe tuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh mar chuid d'fheidhmiúchán an Phlean Gníomhaíochta seo (féach roinn 5.2).

Foilsíodh **tuarascáil** an Ghrúpa Oibre i Márta 2018. Ag teacht lena téarmaí tagartha, leagtar amach sa tuarascáil sraith de mholtaí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a bhfuil sé mar aidhm leo aistriú i dtreo rialúcháin agus tacaíocht do gach feighlí leanaí íoctha, neamhghaolta thar thréimhse 5-10 mbliana. Tá achoimre ar na tograí le fáil san Iarscríbhinn. Cuirtear tuarascáil an Ghrúpa Oibre san áireamh sa Phlean Gníomhaíochta um Fheighlíocht Leanaí seo, agus tá aitheantas tugtha do na hiarrachtaí atá déanta ag an nGrúpa Oibre.

Chomh maith leis sin, cloíonn an Plean Gníomhaíochta um Fheighlíocht Leanaí le gealltanais an Rialtais a rinneadh in ***An Chéad 5***, an Straitéis Uile-Rialtais Uile do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh, a foilsíodh i mí na Samhna 2018. Tá *An Chéad 5* tiomanta do na nithe seo a leanas:

- Clárú feighlithe leanaí íoctha, neamhghaolta atá incháilithe faoi láthair chun clárú le Tusla mar ullmhúchán do thús a chur leis an Scéim [Náisiúnta] Cúram Leanaí a chur chun cinn agus tacú leis.
- Rialúchán a leathnú agus feighlithe leanaí eile íoctha, neamhghaolta a chur san áireamh ar bhonn céimnithe thar shaolré na Straitéise [2019-2028], ag cur le tuarascáil Ghrúpa Oibre 2018. Ciallóidh sé seo go mbeidh fóirdheontais [na Scéime Náisiúnta Cúram Leanaí] ar fáil do níos mó tuismitheoirí a bhfuil úsáid á baint acu as seirbhísí feighlíocht leanaí.
- Faoin mbliain 2028 beidh íoscháilíocht ag gach feighlí leanaí rialaithe (tá an leibhéal le cinneadh ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi dheireadh 2019).

Taighde a dhéanamh ar riachtanais ELC tuismitheoirí (agus leanaí ar aois scoile) a oibríonn uaireanta neamhrialta nó atá ag cur fúthu i bpobail thuaithe agus moltaí a fhorbairt do ghníomh amach anseo.

# 2. Aidhmeanna agus cuspóirí

Is féidir le leanaí agus tuismitheoirí **go leor buntáistí a bhaint as feighlíocht leanaí ach i láthair na huaire is beag aitheantais fhoirmiúil atá á fháil ag feighlíocht leanaí ón Stát.** Ainneoin gur tháinig forbairt thapa ar chúram leanaí ionadbhunaithe le 20 bliain anuas i dtéarmaí beartais, tá feighlíocht leanaí fós ag an imeall chomh fada is a bhaineann le maoiniú, tacaíocht agus rialúchán, d'ainneoin na mbuntáistí go leor a bhaineann léi agus tóir leanúnach a bheith ag tuismitheoirí uirthi. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta seo plean 10 mbliana chun feighlíocht leanaí a bhrú i dtreo an rialúcháin lárshrutha agus na tacaíochta Stáit.

Cloíonn an Plean Gníomhaíochta um Fheighlíocht Leanaí le tiomantas an Chláir do Rialtas Comhpháirtíochta 'tacú le forbairt clár céimnithe athchóirithe d'fheighlithe leanaí a chiallaíonn go bhfuil sé níos éasca tacú le teaghlaigh agus le feighlithe leanaí', agus tiomantas an Rialtais in *An Chéad 5* 'rialúchán a leathnú agus feighlithe leanaí eile íoctha, neamhghaolta a chur san áireamh. Sonrófar i bPlean Gníomhaíochta um Fheighlíocht Leanaí plean chun forbairt a dhéanamh i dtreo breis rialúcháin agus tacaíochta d'fheighlithe leanaí thar shaolré na Straitéise [2019-2028] ag cur le tuarascáil 2018 an Ghrúpa Oibre'.[45]

## 2.1 Aidhmeanna

Is é príomhchuspóir an Phlean Gníomhaíochta seo rochtain ar luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile ar ardchaighdeán agus inacmhainne a fheabhsú trí fheighlíocht leanaí. Chun é seo a dhéanamh, leagtar amach sa phlean gníomhaíochta conair incriminteach agus thacúil do rialúchán. Cuirfidh sé seo ar chumas níos mó feighlithe leanaí rochtain a fháil ar fhóirdheontais Rialtais, rud a chiallóidh go mbeidh a gcuid seirbhísí níos inacmhainne do thuismitheoirí. Chomh maith leis sin, cuirfidh sé ar a gcumas rochtain a fháil ar thacaíochtaí éagsúla chun cabhrú leo ceanglais rialála agus cháilíochta a chomhlíonadh.

Chun an cuspóir seo a bhaint amach, cuirfidh an Plean Gníomhaíochta leis na haidhmeanna seo a leanas:

- Tacú le **rogha tuismitheoirí maidir leis an gcineál** soláthróra luathfhoghlama agus cúraim agus cúram ar aois scoile.
- Cur leis an rochtain ar luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile **inacmhainne.**
- Cur le **hinfhaighteacht áiteanna** do luathfhoghlaim agus cúram, go háirithe do leanaí faoi 3 bliana d'aois, agus do chúram leanaí ar aois scoile.
- Breis **solúbthachta** a thairiscint do thuismitheoirí a oibríonn uaireanta neamhrialta.
- Tacú le **rannpháirtíocht sa mhargadh fostaíochta do gach tuismitheoir, lena n-áirítear iad siúd** atá ina gcónaí i gceantair ina bhfuil dlús daonra íseal.
- **Cáilíocht** sholáthar na luathfhoghlama agus an chúraim agus an chúraim ar aois scoile a fheabhsú, agus ar an tslí sin, cabhrú le tacú le **forbairt an linbh agus torthaí oideachais**.

[45] Rialtas na hÉireann (2018) *An Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh, 2019-2028*. Foilseacháin Rialtais.

- Breis **aitheantais** fhoirmiúil a sholáthar d'fheighlithe leanaí agus tacú lena **bhforbairt ghairmiúil**.

## 2.2 Cuspóirí

Mar chuid den chuspóir iomlán feighlithe leanaí a áireamh i lárshruth an rialúcháin agus na dtacaíochtaí, tá roinnt cuspóirí sonracha luaite sa Phlean Gníomhaíochta:

1. Cur ar chumas líon i bhfad níos mó tuismitheoirí a úsáideann feighlithe leanaí tairbhe a bhaint as **fóirdheontais faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí**.
2. Tacú le dearbhú cáilíochta feighlithe leanaí agus cosaint leanaí trí **raon feidhme an rialacháin agus na cigireachta a leathnú** agus gach feighlí leanaí íoctha, neamhghaolta a chur san áireamh.
3. Aitheantas níos fearr a thabhairt d'fheighlithe leanaí agus **rialacháin feighlithe leanaí agus próisis chigireachta a shaincheapadh chun an timpeallacht baile a chur san áireamh,** an timpeallacht ina n-oibríonn feighlithe leanaí agus na bealaí neamhfhoirmiúla a thosaíonn feighlithe leanaí ag obair san earnáil go minic.
4. Acmhainní saincheaptha a fhorbairt chun **tacú le cáilíocht sholáthar na feighlíochta leanaí**, lena n-áirítear trí **líonraí áitiúla le foireann** a fhorbairt chun tacaíocht ghairmiúil agus piarthacaíocht a sholáthar, mar aon leis an bhféidearthacht caidreamh comhpháirtíochta nua a bhunú idir feighlithe leanaí agus seirbhísí ionadbhunaithe.
5. **Tacaíocht airgeadais agus deiseanna oiliúna** a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí lena n-áirítear cur le **Ciste na bhFoghlaimeoirí** chun cabhrú le feighlithe leanaí ceanglais cháilíochta a chomhlíonadh agus córas d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar.
6. **Próiseas aistrithe thacúil, chéimnithe** a sholáthar chun cead a thabhairt don líon is mó agus is féidir feighlithe leanaí a bheith páirteach san earnáil rialaithe, i ndearbhú cáilíochta, agus rochtain a fháil ar fhóirdheontais Rialtais, agus ag an am céanna an méid ama agus na tacaíochtaí a theastaíonn don athchóiriú seo a chur san áireamh.

## 2.3 Uainiú: práinn agus cúram

Tá sé thar am an Plean Gníomhaíochta seo a chur i dtoll a chéile. Tá ról lárnach ag feighlithe leanaí i luathfhoghlaim agus cúram agus cúram ar aois scoile a sholáthar in Éirinn, ach tá siad beagnach neamhrialaithe mar go bhfuil formhór na bhfeighlithe leanaí díolmhaithe ó chlárú le Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Tá daoine ag iarraidh go mbeidh breis aitheantais agus tacaíochta ar fáil d'fheighlithe leanaí le blianta fada, agus tá **gá leanúnach le rialúchán** chun leanaí a chosaint agus chun dearbhú a thabhairt do thuismitheoirí maidir le cáilíocht sholáthar na feighlíochta leanaí.

D'ainneoin gá a bheith le plean gníomhaíochta le haghaidh feighlíocht leanaí le fada, cruthaíonn **an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí atáthar ar tí a chur i bhfeidhm deis agus práinn** gníomhú láithreach. Cuirfidh an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí fóirdheontais ar fáil do líon níos mó tuismitheoirí trí úsáid a bhaint as raon éagsúil cineálacha soláthair, chomh fada is go bhfuil na soláthraithe cláraithe le Tusla. Cruthaíonn an deis a bheith in ann páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí dreasacht dhearfach d'fheighlithe leanaí clárú, rud a thugann deis dóibh – agus do na tuismitheoirí a úsáideann feighlithe leanaí – nach raibh ann roimhe seo rochtain a fháil ar fhóirdheontais.

Os a choinne sin, mura ndéantar gníomh anois chun an fhéidearthacht chláraithe a chur ar fáil d’fheighlithe leanaí, bunaithe ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí ar roghanna tuismitheoirí, d’fhéadfadh teaghlaigh áirithe a bheidh incháilithe le haghaidh fóirdheontais shuntasacha faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí athrú chuig cúram leanaí ionadbhunaithe, rud a chruthaíonn an baol go mbeidh roinnt feighlithe leanaí á gcur as gnó, mar go mbeidh tuismitheoirí ag úsáid soláthraithe atá páirteach sa Scéim nua. Dá mbeadh sé seo le tarlú, bheadh sé seo mar bhonn leis an rogha atá ar fáil do thuismitheoirí a laghdú go suntasach agus teorainn a chur le rochtain ar roghanna inacmhainne ar luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile.

Cé go gcruthaíonn teacht i bhfeidhm na Scéime Náisiúnta Cúram Leanaí práinn áirithe, tá **gá le cúram freisin.** Áirítear sa phlean gníomhaíochta atá molta athrú suntasach a dhéanamh chomh fada is a bhaineann le feighlithe leanaí. **Is den tábhacht é go dtacaítear leis an oiread feighlithe leanaí agus is féidir ionas gur féidir athrú chuig ré rialúcháin nua agus go mbeidh siad in ann rochtain a fháil ar fhóirdheontais do theaghlaigh a bhfuil a gcuid seirbhísí á n-úsáid acu. I bhfianaise scála ollmhór na n-athchóirithe** i gceist, agus súil leis go mbeidh na mílte feighlithe leanaí ag teacht faoi raon feidhme an rialúcháin agus an gheilleagair fhoirmiúil, agus an gá atá le hinfreastruchtúr a fhorbairt chun tacú leis na hathchóirithe, glactar le **cur chuige céimnithe** sa Phlean Gníomhaíochta a bheidh i bhfeidhm thar shaolré *An Chéad 5* (go dtí 2028):

- I rith Chéim 1 cuirfear gníomhartha **comhairliúcháin, taighde agus forbartha** i bhfeidhm, lena chinntiú go bhfuil na rialacháin a bhaineann le feighlithe leanaí oiriúnach don timpeallacht baile, chun an t-infreastruchtúr tacaíochta ar ardchaighdeán a theastaíonn a fhorbairt (lena n-áirítear forbairt na gcigireachtaí agus an tsoláthair oiliúna), agus lena chinntiú go bhfuil athchóirithe bunaithe ar chomhairliúchán agus ar fhianaise taighde.
- I rith Chéim 2 tarlóidh próiseas **tacúil aistrithe** nuair a thabharfar deis, a luaithe agus is féidir, d’fheighlithe leanaí páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, agus san am céanna tabharfar dóthain ama d’fheighlithe leanaí na ceanglais rialála ar fad a chomhlíonadh. Glactar leis go bhfuil céim aistrithe a mhairfidh roinnt blianta réasúnach bunaithe ar scála an athraithe i gceist, agus ar an bpointe go raibh céimeanna aistrithe cosúla i gceist le haghaidh cleachtóirí seirbhísí ionadbhunaithe nuair a bhíonn na rialacháin á bhfairsingiú. Mar shampla, fógraíodh tabhairt isteach ceanglas íoscháilíochta do chleachtóirí ionadbhunaithe i lár 2013 ar dtús, síníodh rialacháin i lár 2016, agus bhí an ceanglas i bhfeidhm ag tús 2017.
- Cé go bhfuil críochphointe an Phlean Gníomhaíochta soiléir (lárshruthú iomlán go dtí rialacháin agus tacaíochtaí do luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile), níl an t-uainiú beacht maidir leis an ngluaiseacht idir Céimeanna 1, 2 agus 3, sonraithe sa Phlean Gníomhaíochta. Bunaithe ar na gcostas a d’fhéadfadh a bheith ar an Státchiste chun Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí a oscailt d’fheighlithe leanaí, braithfidh uainiú an aistrithe ó Chéim 1 go 2 ar an **mBuiséad** agus braithfidh sé ar chomhaontú leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

# 3. Réimsí gnímh

Is éard atá sa chaibidil seo cur síos ar ghníomhartha, agus ar an réasúnaíocht le haghaidh na ngníomhartha seo, laistigh de cheithre réimse:

1. Athrú rialála
2. Ceanglais cháilíochta agus oiliúna
3. Tacaíochtaí leanúnacha cáilíochta
4. Maoiniú agus tacaíochtaí airgeadais

Laistigh de gach réimse, gearr (Céim 1), meánach (Céim 2) agus fadtéarmach (Céim 3), aithnítear gníomhartha.

## 3.1 Athrú rialála

**<u>Reachtaíocht</u>**

Príomhcheanglas a bheidh luaite le fóirdheontas Stáit a fháil faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí ná clárú le Tusla. Nuair a foilsíodh an tuarascáil seo, áfach, ní raibh ach 81 feighlí leanaí (as níos mó ná 10,000 seans) cláraithe. De réir thuarascáil an Ghrúpa Oibre, ceann de na príomhchúiseanna a luann feighlithe leanaí le líon íseal na bhfeighlithe leanaí cláraithe é míshásamh feighlithe leanaí leis na rialacháin reatha, mar nach dóigh leo go bhfuil siad deartha do thimpeallacht baile.

Ionas go mbeidh feighlithe leanaí laistigh de raon feidhme an chláraithe agus fóirdheontais, beidh gá le leasú ar Alt 58L d'Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna leasú ag Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí, 2018), a dhíolmhaíonn agus a chuireann trí chatagóir daoine as an áireamh ó rialúchán faoi láthair:

(a) Aire a bheith á tabhairt ag gaol leis an leanbh nó na leanaí nó céile a leithéid sin de ghaol,
(b) Aire a bheith á tabhairt ag duine do leanbh amháin nó níos mó ón teaghlach céanna agus gan aon leanaí eile dá leithéid (seachas leanaí an duine féin) i dteach an duine sin,
(c) Duine atá ag tabhairt aire do 6 leanaí nó níos lú, nach leanaí réamhscoile iad níos mó ná 3 leanaí, ó theaghlaigh dhifriúla (seachas leanaí an duine féin) ag an am céanna i dteach an duine sin, seachas sa chás go bhfuil an duine sin cláraithe go leanúnach mar sheirbhís luathbhlianta do thréimhse bliana, agus ar mian leis fanacht ar an gclár, agus a leanann le cibé coinníollacha a d'fhéadfaí a fhorordú a shásamh.

Chun gach feighlí leanaí íoctha, neamhghaolta a áireamh laistigh de raon feidhme an rialúcháin, tá sé beartaithe an reachtaíocht a leasú trí dhíolúintí (b) agus (c) a bhaint. Tá sé beartaithe díolúine (a) a choimeád, mar nach bhfuil sé beartaithe cúram gaolta a rialú (seachas i gcásanna ina soláthraíonn feighlí leanaí seirbhís réamhscoile nó ar aois scoile do leanaí neamhghaolta).

Tá an togra seo ag teacht le moltaí an Ghrúpa Oibre, a d'argóin gur cheart go mbeadh aire a thabhairt do leanaí ag gaol i dteach an ghaoil sin, díolmhaithe ón sainmhíniú ó tharla go bhfuil nós ag gaolta aire a thabhairt do leanaí chun cabhrú le baill teaghlaigh, ag cur aire ghaoil ar fáil seachas a bheith ag feidhmiú mar ghnó a bhfuil rochtain ag an bpobal air.

Cé go gcuirfear tús le dréachtú an leasuithe reachtaigh ag tús Chéim 1 den Phlean Gníomhaíochta, táthar ag súil go mbeidh a leithéid de leasú á rith ag an Oireachtas a luaithe agus is féidir, ní chuirfear tús leis an leasú go dtí go bhfuiltear ullamh chun bogadh ar aghaidh chuig Céim 2 den Phlean Gníomhaíochta. De bhrí go gciallóidh tosach feidhme leasú den sórt sin go mbeidh gach feighlí leanaí íoctha, neamhghaolta laistigh de raon feidhme an rialúcháin, ní chuirfear tús leis an leasú go mbeidh fianaise ar fáil ar an méid seo a leanas:

- Tá athbhreithniú atá dírithe ar an bhfeighlí leanaí ar na rialacháin críochnaithe anois (féach thíos) agus tá aon leasuithe a theastaíonn ar na Rialacháin curtha i gcrích;
- Tá Cigireacht Luathbhlianta Tusla réidh chun líon mór feighlithe leanaí a chlárú agus cigireacht a dhéanamh orthu; agus
- Tá an buiséad ar fáil chun an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a fhairsingiú mar thoradh ar fheighlithe leanaí a bheith ag tosú ag clárú le Tusla.

**Rialacháin**

Tá an líon teoranta feighlithe leanaí a bhfuil dualgas orthu clárú le rannán Rialachán Seirbhísí Leanaí Tusla (iad siúd a thugann aire do bhreis is seisear leanaí ag aon am amháin nó níos mó ná triúr leanaí réamhscoile) faoi láthair faoi réir dhá thacar Rialacháin: Rialacháin Seirbhísí Luathbhlianta 2016 i ndáil le leanaí réamhscoile agus Rialacháin um Chlárú Seirbhísí ar Aois Scoile 2018 i ndáil le leanaí ar aois scoile. Leagtar amach sna Rialacháin ceanglais nach mór do sheirbhís a chomhlíonadh tráth an chláraithe agus ceanglais nach mór a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach agus a d'fhéadfadh a bheith faoi réir cigireachta Tusla.

Tá na Rialacháin seo mar an gcéanna le haghaidh feighlithe leanaí (neamhdhíolmhaithe) agus le haghaidh seirbhísí ionadbhunaithe. Nuair a bhíonn na cigireachtaí á ndéanamh, áfach, tugtar éagsúlacht faoi deara i léirmhíniú Tusla ar na Rialacháin ag brath ar an gcomhthéacs. Leagadh síos an cur chuige saincheaptha seo i gCreat Cáilíochta agus Rialála (QRF) Tusla a foilsíodh in 2018, ina leagtar amach go sainráite na bealaí ina léirmhíníonn Tusla na Rialacháin maidir le Seirbhísí Luathbhlianta i gcleachtas nuair a bhíonn cigireachtaí á ndéanamh i ndáil le leanaí réamhscoile. Foilsíodh doiciméad QRF ar leith atá dírithe go sonrach ar fheighlithe leanaí.[46]

Cé gur cuireadh fáilte go forleathan roimh an QRF, tá sé curtha in iúl ag feighlithe leanaí nach bhfuil na Rialacháin agus an próiseas cigireachta reatha comhréireach nó oiriúnach don chomhthéacs feighlíocht leanaí. Sonraítear i dtuarascáil an Ghrúpa Oibre (imleabhar 1, lch.26):

> 'Níl gnéithe de na rialacháin – iad siúd a bhaineann leis an áitreabh agus spás, mar shampla, agus le ceanglais feistis agus codlata – oiriúnach do thimpeallacht baile mar gur dearadh iad do sheirbhísí cúram leanaí ionadbhunaithe. Thagair feighlithe leanaí a ndeachaigh an Grúpa Oibre i gcomhairle leo d'oiriúnacht na rialachán mar dhídhreasú chun clárú, agus chuir siad in iúl gur mhaith leo dá mbeadh rialacháin ar leith maidir le caighdeáin feighlíocht leanaí saincheaptha don chomhthéacs cúram leanaí baile.'

[46] Tusla (2018) *Quality and Regulatory Framework: Childminding*, Baile Átha Cliath: Cigireacht Luathbhlianta, Tusla.

D'fhonn dul i ngleic leis na hábhair imní seo, i rith Chéim 1 den Phlean Gníomhaíochta déanfar athbhreithniú ar an dá thacar Rialachán (réamhscoile agus ar aois scoile) agus cuirfear an QRF i gcrích chun scrúdú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht i gcomhthéacs feighlíocht leanaí, agus chun leasuithe a shainaithint lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach le haghaidh feighlíocht leanaí. Ar a laghad, beidh athruithe riachtanach chun próiseas aistrithe a bhunú d'fheighlithe leanaí i ndáil le ceanglais cháilíochta (féach roinn 3.2). Cuireadh na roghanna ar fad san áireamh i rith an athbhreithnithe, lena n-áirítear Rialacháin ar leith, sonrach d'fheighlithe leanaí a fhorbairt. I ndiaidh an athbhreithnithe, dréachtófar leasuithe ar na Rialacháin.

I rith an athbhreithnithe, scrúdófar chomh maith na próisis chláraithe agus chigireachta atá á gcur i gcrích ag Tusla, mar aon le méid na cigireachta. Chun freastal a dhéanamh ar rialúchán feighlithe leanaí, tá gá le méadú suntasach ar líon na n-oifigeach agus cigirí cláraithe.

**<u>Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána</u>**

Is ceanglas a bheidh ann go mbeidh clárú aon fheighlí leanaí le Tusla faoi réir ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, agus go ndéanfaidh aon duine fásta atá ag maireachtáil i dteach an fheighlí leanaí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána chomh maith. I rith Chéim 1 den Phlean Gníomhaíochta, déanfar athbhreithniú ar reachtaíocht agus ar rialacháin i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais lena chinntiú go bhfuil bunús dlí oiriúnach ann le haghaidh grinnfhiosrúchán den sórt sin. Rachfar i gcomhairle freisin leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le hacmhainní a chur ar fáil don Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin chun freastal ar an líon níos mó iarratas grinnfhiosrúcháin ó fheighlithe leanaí.

| **Gníomhartha (Reachtaíocht agus rialacháin)** | |
|---|---|
| **Céim 1 – Comhairliúchán, taighde agus forbairt** | • Grúpa Comhairleach maidir le Rialacháin agus Cigireacht a bhunú.<br>• Athbhreithniú ar Rialacháin agus dréachtú aon athruithe riachtanacha a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí, lena n-áirítear comhairliúchán poiblí.<br>• Leasú ar Acht um Chúram Leanaí, 1991. |
| **Céim 2 – Aistriú** | • Deireadh a chur le heisiamh dlíthiúil ó rialúchán.<br>• Rialacháin Leasaithe ag teacht i bhfeidhm, le ceanglais cháilíochta níos ísle i rith na céime aistrithe.<br>• Gníomhartha cumarsáide chun aird a tharraingt ar na rialacháin nua. |
| **Céim 3 – Feidhmiúchán iomlán** | • Ceanglais iomlána oiliúna agus cháilíochta i bhfeidhm mar chuid de na rialacháin. |

## 3.2 Cáilíochtaí agus oiliúint

Breithnítear sa roinn seo na ceanglais cháilíochta d'fheighlithe leanaí cláraithe. Ansin breithnítear na ceanglais cháilíochta do cheannairí líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí le foireann a phléitear i roinn 3.3 thíos. Breithnítear sa dá roinn dheireanacha, ceanglais oiliúna

eile, agus roghanna soláthair oiliúna. D'fhonn cabhrú le feighlithe leanaí ceanglais cháilíochta agus oiliúna a chomhlíonadh, áireofar sa Phlean Gníomhaíochta tacaíochtaí airgeadais a chur ar fáil trí **Chiste Foghlaimeoirí** fairsingithe, a phléitear i roinn 3.4.

**Cáilíochtaí d'fheighlithe leanaí**

I láthair na huaire, tá na híoscheanglais cháilíochta le haghaidh feighlithe leanaí atá cláraithe le Tusla díreach cosúil leis na cinn atá i bhfeidhm do chleachtóirí i seirbhísí ionadbhunaithe:

- Maidir leo siúd atá ag obair le leanaí réamhscoile: mórdhámhachtain i gCúram Luath-Óige agus Oideachas ag Leibhéal 5 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí nó cáilíocht a mheasann an tAire atá coibhéiseach.
- Ceanglas conarthach níos airde (Leibhéal 6) le haghaidh 'ceannairí seomra' a bhfuil an clár ECCE á chur ar fáil acu. Maidir le feighlithe leanaí (agus 'trádálaithe aonair' a chuireann seirbhís sheisiúnach ECCE ar fáil ina n-aonar), baineann ceanglas an cheannaire seomra le feighlí leanaí atá ag iarraidh an clár ECCE a thairiscint.
- Maidir leo siúd atá ag obair le leanaí ar aois scoile, níl aon cheanglas cáilíochta ann faoi láthair (chomh fada is a bhaineann le seirbhísí ionadbhunaithe nó le haghaidh feighlithe leanaí).[47] Mar chuid de rialúchán cuimsitheach cúram leanaí ar aois scoile, tabharfar isteach ceanglas cáilíochta a bhaineann le cúram leanaí ar aois scoile sna blianta amach romhainn, a shonrófar laistigh de chomhthéacs an Phlean Forbartha d'Oibrithe a fhoilseofar amach anseo.

Mar gheall, áfach, ar na díolúintí dlíthiúla ó rialúchán atá i bhfeidhm faoi láthair, níl céatadán mór d'fheighlithe leanaí faoi réir na gceanglas seo.

Nuair a bhí an t-aistriú go dtí earnáil feighlíocht leanaí atá go hiomlán rialaithe á bhreithniú thar shaolré an Phlean Gníomhaíochta seo, príomhcheist a bhí le cur is ea ar cheart an ceanglas cáilíochta d'fheighlithe leanaí a shonrú ag an leibhéal céanna leis an gceanglas do chleachtóirí ionadbhunaithe. Cé gur mhol an Grúpa Oibre gur cheart go n-áireofaí i 'gceanglas rialála tosaigh' miondámhachtain ag Leibhéal 5 (i.e. modúl) i bhfeighlíocht leanaí, bhí malairt tuairime le tabhairt faoi deara sa Ghrúpa Oibre maidir le leibhéal an cheanglais cháilíochta iomlán ba cheart a thabhairt isteach de réir a chéile.

Seo a leanas an argóint a rinne roinnt ball den Ghrúpa Oibre:

> 'Ba cheart d'fheighlithe leanaí mórdhámhachtain in ECCE ag leibhéal 5 QQI a dhéanamh de réir a chéile, laistigh de chúig bliana mar shampla, chun fanacht ar an gclár feighlíocht leanaí. Bheadh sé seo cosúil leis an gceanglas do bhaill foirne ionadbhunaithe, rud a chinnteodh cothroime ó thaobh stádas gairmiúil d'fheighlithe leanaí, agus rochtain ar sholáthar fóirdheontas rialtais ar bhonn cothrom le hionaid.' (lch.34)

Ar an láimh eile, seo a leanas an argóint a rinne roinnt ball den Ghrúpa Oibre:

> 'Is bac a bheidh sa cheanglas mórdhámhachtain in ECCE ag leibhéal 5 QQI a bhaint amach ar chlárú agus ar rialúcháin d'fheighlithe leanaí. Faoi na rialacháin reatha (2016), tá an ceanglas seo ag teacht le líon níos lú feighlithe leanaí a bheith ag clárú le

[47] Má thugann feighlí leanaí aire do bhreis is seisear leanaí, leanaí réamhscoile agus leanaí ar aois scoile, agus má tá ceathrar nó níos mó díobh ar aois réamhscoile, beidh an íoscháilíocht Leibhéal 5 i bhfeidhm.

Tusla: ó 179 i mí Iúil 2016 go dtí níos lú ná 120 faoi mhí Iúil 2017. Ar bhonn idirnáisiúnta, níl a leithéid de cheanglas le tabhairt faoi deara i gcórais rialaithe feighlíocht leanaí a bhfuil ag éirí go breá leo, áit a gcuirtear oideachas ar fáil i líonra de phobail chleachtais.'

Breithnítear **trí rogha** anseo, mar aon le réasúnaíocht do gach rogha:

| **Roghanna a bhaineann le ceanglais cháilíochta agus oiliúna** | |
|---|---|
| Rogha (1):<br>**Ceanglais choibhéiseacha** | • Sonraigh ceanglais cháilíochta d'fheighlithe leanaí atá comhionann nó coibhéiseach leo siúd atá sonraithe do chleachtóirí ionadbhunaithe, agus ag an am céanna, glacadh le cur chuige pragmatach, céimnithe maidir lena dtabhairt isteach.<br>• I láthair na huaire, ní bheadh aon cheanglais cháilíochta i gceist le haghaidh feighlithe leanaí atá i mbun cúram leanaí aois scoile (nó feighlithe leanaí nach bhfuil ag tabhairt aire ach do leanaí ar aois scoile). D'athródh sé seo sna blianta amach romhainn, agus bheadh íoscháilíochtaí do chúram leanaí ar aois scoile le leagan síos mar chuid den Phlean Forbartha d'Oibrithe atá le foilsiú amach anseo. D'éileodh coibhéis go mbeadh aon cheanglas cáilíochta le haghaidh cúram leanaí ar aois scoile a thugtar isteach á chur i bhfeidhm i gcás na bhfeighlithe leanaí thar am freisin.<br>• Bheadh am treorach i gceist i rith Chéim 2 den Phlean Gníomhaíochta, agus bheadh ceanglais choibhéiseacha cháilíochta le teacht i bhfeidhm i gCéim 3.<br>***Réasúnaíocht***<br>• Léireodh an cur chuige seo toimhde go bhfuil an obair atá á déanamh ag feighlí leanaí cosúil, go bunúsach, leis an obair a dhéanann cleachtóir ionadbhunaithe, mar aon le haitheantas a thabhairt don ghá atá le ham treorach d'fheighlithe leanaí chun ceanglas cáilíochta a chomhlíonadh atá coibhéiseach leis an gceanglas do chleachtóirí ionadbhunaithe, de bhrí nach bhfuil céatadán suntasach d'fheighlithe leanaí faoi réir aon cheanglas cáilíochta faoi láthair. |
| Rogha (2):<br>**Ceanglais chéimnithe** | • Próiseas aistrithe a sholáthar d'fheighlithe leanaí ar bhonn leanúnach, fadtéarmach, agus deis a thabhairt d'fheighlithe leanaí clárú le Tusla ar an gcoinníoll go bhfuil riachtanas bunúsach cáilíochta nó oiliúna comhlíonta acu, agus ansin dualgas a bheith orthu ceanglais cháilíochta a chomhlíonadh atá coibhéiseach leo siúd atá i bhfeidhm i gcás cleachtóirí ionadbhunaithe laistigh de thréimhse shonraithe (e.g. 2 nó 3 bliana).<br>• Bunaithe ar an gcur chuige 'céimnithe' seo, leanfadh feighlithe leanaí le tréimhse aistrithe a bheith acu chun cáilíochtaí iomlána a bhaint amach fiú i gCéim 3 den Phlean |

| | |
|---|---|
| | Gníomhaíochta, cé go mb'fhéidir go mbeadh an tréimhse aistrithe d'fheighlí leanaí níos giorra i gCéim 3 ná i gCéim 2. Mar shampla, d'fhéadfadh go mairfeadh Céim 2 ceithre bliana, rud a chiallódh go mbeadh tréimhse ceithre bliana ag an gcéad ghrúpa d'fheighlithe leanaí rialaithe chun ceanglais cháilíochta iomlána a chomhlíonadh, agus d'fhéadfaí an tréimhse aistrithe le haghaidh gach feighlí leanaí atá ag clárú le Tusla a ghiorrú go dtí dhá bhliain i ndiaidh bogadh chuig Céim 3 den Phlean Gníomhaíochta.<br><br>***Réasúnaíocht***<br>• Léireodh an cur chuige seo toimhde go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfanfaidh an bealach iontrála difriúil (níos neamhfhoirmiúla) chuig feighlíocht leanaí mar an gcéanna san fhadtéarma, agus an gá atá le cur chuige incriminteach chun tacú le feighlithe leanaí an geilleagar neamhfhoirmiúil a fhágáil agus conair fhorásach i dtreo na forbartha gairmiúla a leanúint. |
| Rogha (3):<br>**Ceanglais dhifriúla** | • Sonraigh ceanglais cháilíochta d'fheighlithe leanaí atá ag leibhéal difriúil ná mar atá cleachtóirí ionadbhunaithe, agus na ceanglais dhifriúla seo a fhágáil mar atá go fadtéarmach.<br>• D'fhéadfadh go mbeadh ceanglas bunúsach cáilíochta / oiliúna á thabhairt isteach i gCéim 2 den Phlean Gníomhaíochta agus go mbeadh sé i bhfeidhm go fadtéarmach, nó d'fhéadfadh go mbeadh ceanglas bunúsach cáilíochta / oiliúna á thabhairt isteach i gCéim 2 agus ceanglas beagán níos airde á thabhairt isteach i gCéim 3, ceanglas a bheadh ag leibhéal difriúil ná mar a theastaíonn le haghaidh cleachtóirí ionadbhunaithe. Ar an gcuma chéanna, d'fhéadfadh go mbeadh cur chuige 'céimnithe' i gceist, le ceanglas cáilíochta céimnithe ar fáil san fhadtéarma, ach le ceanglas difriúil ná an ceanglas atá ann le haghaidh cleachtóirí ionadbhunaithe.<br><br>***Réasúnaíocht***<br>• Léiríonn an cur chuige seo toimhde go gcuirfeadh ceanglais cháilíochta níos airde stop ar bhealach suntasach le clárú feighlithe leanaí agus go gcuirfeadh sé cosc ar rannpháirtíocht sa soláthar lárshrutha. Chomh maith leis, d'fhéadfadh go léireodh sé leanúnachas níos fearr cúraim, cóimheas aosaigh-leanaí níos ísle agus méid grúpa níos lú ná mar a bhíonn i gceist le feighlíocht leanaí, rud a d'fhéadfadh cur le caighdeán na n-idirghníomhaíochtaí idir aosaigh-leanaí. |

I bhfianaise an ghá atá le haon chinneadh maidir le ceanglais cháilíochta d'fheighlithe leanaí a mheas i dteannta le cinntí faoi cheanglais cháilíochta amach anseo do chleachtóirí ionadbhunaithe, déanfaidh **Grúpa Stiúrtha an Phlean Forbartha d'Oibrithe**, a bunaíodh le

déanaí, a mhachnamh ar na roghanna seo agus faoi dheireadh 2019 cuirfidh sé moltaí faoi bhráid an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le:

- Na ceanglais cháilíochta deiridh le haghaidh feighlithe leanaí atá le baint amach i gCéim 3 (a bhféadfaí a áireamh iontu, mar atá luaite sa tábla, ceanglas cáilíochta céimnithe le haghaidh feighlithe leanaí nua-cháilithe, ar fáil ar bhonn fadtéarmach); agus
- Cáilíocht bhunúsach (nó aistritheach) nó ceanglas oiliúna le sonrú le haghaidh feighlithe leanaí nua-chláraithe i gCéim 2 den Phlean Gníomhaíochta.

Ansin bunófar **Grúpa Comhairleach maidir le Cáilíochtaí agus Oiliúint** mar chuid de Chéim 1 den Phlean Gníomhaíochta um Fheighlíocht Leanaí chun leanúint le forbairt na gcáilíochtaí nó oiliúint bhunúsach / aistritheach a bhunófar mar cheanglas i gCéim 2 den Phlean Gníomhaíochta. Tríd an méid sin a dhéanamh, déanfaidh an Grúpa Comhairleach a mhachnamh ar an gClár Feasachta Cáilíochta a forbraíodh roimhe seo d’fheighlithe leanaí mar aon leis an Miondámhachtain Leibhéal 5 QQI i gCleachtas um Fheighlíocht Leanaí, ach d’fhéadfadh an Grúpa Oibre forbairt clár oiliúna nua a mholadh chomh maith. Fachtóir tábhachtach, áfach, é dámhachtain a shainaithint ar féidir í a fhorbairt go héasca, chun cabhrú le cleachtóirí bogadh idir feighlíocht leanaí agus soláthar ionadbhunaithe.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur rud nua é an t-íoscheanglas cáilíochta rialála do bhaill foirne atá ag obair le leanaí réamhscoile i seirbhísí ionadbhunaithe. Ba ag tús 2017 a tháinig an ceanglas sin i bhfeidhm, i ndiaidh tréimhse aistritheach, agus tagraíodh do thabhairt isteach an cheanglais seo ar dtús i lár 2013. D’fhonn tacú leis an aistriú, cuireadh Ciste na bhFoghlaimeoirí ar fáil chun cur ar chumas cleachtóirí an ceanglas nua a chomhlíonadh, agus cuireadh dearbhú ‘marthanaithe’ ar fáil do bhaill foirne a bhí ar tí dul ar scor. Táthar ag súil go mbeadh socruithe cosúla (tréimhse aistrithe, Ciste na bhFoghlaimeoirí, agus socrú ‘marthanaithe’) á gcur ar fáil chun tacú le leathnú an íoscheanglais cháilíochta chun an cohórt feighlithe leanaí nach bhfuil faoi réir rialúcháin fós a chur san áireamh. Déantar tuilleadh plé ar Chiste na bhFoghlaimeoirí i roinn 3.4 thíos.

I rith Chéim 1 den Phlean Gníomhaíochta, fad is atá an t-athbhreithniú ar bun agus ar feitheamh aon athrú ar an timpeallacht rialála, beidh clárú le Tusla teoranta d’fheighlithe leanaí a bhfuil mórdhámhachtain Leibhéal 5 acu.

**<u>Oiliúint le haghaidh comhordaitheoirí líonra áitiúil</u>**

Sonraítear in *An Chéad 5* an sprioc seo a leanas a chomhlíonadh:

> ‘foireann oibrithe ar céimithe LFC iad, agus 50%, ar a laghad, den fhoireann (i.e. gach ceannaire seomra, bainisteoir cúnta agus bainisteoir) ag obair go díreach le leanaí i suíomhanna LFC ionadbhunaithe **agus comhordaitheoirí ag tacú le hobair feighlithe leanaí**, a mbeidh cáilíocht chuí ar leibhéal céime acu’.

Mar a pléadh i roinn 3.3, thar thréimhse an Phlean Gníomhaíochta seo, forbrófar struchtúr forbartha cáilíochta d’fheighlithe leanaí, a áireofar ann iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le líonraí áitiúla feighlithe leanaí le foireann. Cé go mbaineann luach le líonraí áitiúla neamhthacaithe, e.g. grúpaí piarthacaíochta, chomh fada is a bhaineann le haonrú a laghdú agus fóram a sholáthar chun eispéiris a roinnt, tá níos mó seans ann go mbeidh líonraí atá á dtreorú ag cleachtóirí cáilithe ag feidhmiú mar fheithiclí do cheannaireacht oideolaíoch, forbairt ghairmiúil leanúnach, cleachtas athmhachnaimh, féinmheastóireacht agus obair foirne.

Cé go bhfuil struchtúir feighlíocht leanaí difriúil, agus nach mbeidh dualgas ar fheighlithe leanaí cáilíocht ar Leibhéal 7 nó 8 a bhaint amach (cé go bhféadfadh feighlithe leanaí áirithe cáilíochtaí a bhaint amach ag na leibhéil seo), is modh iad na líonraí áitiúla le foireann a chiallaíonn gur féidir le feighlithe leanaí tairbhe a bhaint as na buntáistí a bhaineann le soláthar a bheith á chur ar fáil ag céimithe freisin.

I bhfianaise na ról a shamhlaítear a bheidh acu i gceannaireacht agus in oiliúint oideolaíoch agus an tuiscint go mbeidh orthu tabhairt faoi fheighlíocht leanaí, táthar ag súil ní hamháin gur cheart go mbeadh cáilíocht ábhartha ag Leibhéal 7 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochta, ar a laghad, ag ceannairí ar céimithe iad a thacaíonn leis na líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí, ach gur cheart go mbeadh an cháilíocht nó an oiliúint atá acu sonrach dá ról chomh maith. Chun na críche seo, moltar go bhforbrófaí clár oiliúna sonrach a cháilíonn céimithe chun feidhmiú mar Ceannairí Líonra um Fheighlíocht Leanaí. D'fhéadfadh a leithéid sin de chlár cur leis an taithí atá faighte ar chlár LINC d'oiliúint Chomhordaitheoirí um Ionchuimsiú laistigh de sheirbhísí luathfhoghlama agus cúraim mar chuid den chlár AIM.

Dá réir sin, áireofar i measc thascanna an Ghrúpa Chomhairligh maidir le Cáilíocht agus Oiliúint d'Fheighlithe Leanaí:

- Comhpháirteanna, leibhéal agus samhail soláthair a shonrú do chlár oiliúna sonrach do ról an Cheannaire Líonra um Fheighlíocht Leanaí.

**<u>Oiliúint eile</u>**

Príomhghealltanas atá luaite sa Phlean Gníomhaíochta a chinntiú go bhfuil an oiliúint ar fad a theastaíonn ó sholáthraithe luathfhoghlama agus cúraim agus cúram ar aois scoile ar fáil ar bhealach cothrom do sholáthraithe ionadbhunaithe agus d'fheighlithe leanaí atá cláraithe le Tusla.

I rith Chéim 1 den Phlean Gníomhaíochta, nuair nach bhfuil ach líon teoranta feighlithe leanaí faoi réir rialúcháin, cuirfear an oiliúint ábhartha ar fáil – bunaithe ar an mbuiséad – d'fheighlithe leanaí neamhchláraithe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir rialúcháin i rith Chéim 2.

Ceann de na fachtóirí a chuirfear san áireamh nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le cathain tús a chur le Céim 2 é an costas agus an phraiticiúlacht a bhaineann le hoiliúint a chur ar fáil ar bhonn níos leithne (i.e. do gach feighlí leanaí cláraithe). (Cuirtear costas san áireamh i roinn 4 thíos.)

Trí oiliúint a chur ar fáil do chohórt níos leithne feighlithe leanaí, ní mór go mbeadh léargas á thabhairt ag meicníochtaí seachadta ar an bpointe go n-oibríonn feighlithe leanaí leo féin agus, dá réir sin, nach mbíonn siad ar fáil go hiondúil chun oiliúint a dhéanamh ach sa tráthnóna nó ag an deireadh seachtaine. D'fhéadfadh go mbeadh cúrsaí oiliúna atá ar fáil ar líne, nó a bhfuil gné ar líne laistigh de shamhail foghlaim chumaisc i gceist leo, an-oiriúnach. (Tá an rud céanna i gceist maidir le hoiliúint do thrádalaithe aonair a chuireann an clár ECCE ar fáil ina n-aonar, cé go bhfuil níos mó seans ann go mbeidh lá oibre níos giorra ag cleachtóirí den chineál sin i gcomparáid le feighlithe leanaí.)

***Oiliúint maidir le Cosaint Leanaí***

Príomhghné de chosaint leanaí é oiliúint *Tús Áite do Leanaí* do chleachtóirí luathfhoghlama agus cúraim agus cúram ar aois scoile, a thacaíonn le cleachtóirí ábhair imní maidir le leanaí

a aithint agus an próiseas a bhaineann le hábhair imní dá leithéid a thuairisciú, má bhíonn siad i gceist.

I mí na Nollag 2017, tugadh isteach an Reachtaíocht nuashonraithe *Tús Áite do Leanaí*. Chiallaigh an reachtaíocht seo go raibh dualgas ar gach duine atá ag obair le leanaí ráiteas cosanta a fhorbairt agus a thaispeáint. Dhear Coiste Náisiúnta Luathbhlianta *Tús Áite do Leanaí* an oiliúint cosanta leanaí a chuireann Coistí Cúram Leanaí Cathrach/Contae ar fáil, agus déanann siad maoirseacht ar an oiliúint sin. Is féidir le feighlithe leanaí tabhairt faoin oiliúint seo, agus tá feighlithe leanaí ag baint tairbhe as an oiliúint seo. Chomh maith leis sin, faoi choimirce Choiste Náisiúnta Luathbhlianta *Tús Áite do Leanaí*, reáchtálann *Feighlíocht Leanaí na hÉireann* oiliúint cosanta leanaí a áirítear inti cásanna a bhaineann go sonrach le feighlíocht leanaí. De réir mar a mhéadóidh líon na bhfeighlithe leanaí cláraithe thar shaolré an Phlean Gníomhaíochta, iarrfar ar an gCoiste plean a fhorbairt d'oiliúint cosanta leanaí a bhaineann go sonrach le feighlíocht leanaí.

Le cois oiliúint a bhaineann go sonrach le cleachtóirí luathfhoghlama agus cúraim agus cúram ar aois scoile, d'oibrigh Tusla agus RLGÓ agus HSE chun clár oiliúna uilíoch ríomhfhoghlama a fhorbairt dar teideal 'Tús Eolais ar *Tús Áite do Leanaí*', ar pointe úsáideach tosaigh é dóibh siúd atá ag obair le leanaí, lena n-áirítear feighlithe leanaí.

***Oiliúint Gharchabhrach***

Príomhghné de chosaint leanaí é oiliúint *Tús Áite do Leanaí* do chleachtóirí luathfhoghlama agus cúraim agus cúram ar aois scoile, a thacaíonn le cleachtóirí ábhair imní maidir le leanaí a aithint agus an próiseas a bhaineann le hábhair imní dá leithéid a thuairisciú, má bhíonn siad i gceist. Éileoidh Cigireacht Luathbhlianta Tusla go mbeidh duine amháin, ar a laghad, ar an áitreabh an t-am ar fad, ag a bhfuil cáilíocht FAR, ó Bhealtaine 2020 ar aghaidh.

Tacófar le feighlithe leanaí trí oiliúint Gharchabhrach a chur ar fáil. I Meán Fómhair 2018, d'fhógair RLGÓ plean chun oiliúint Gharchabhrach a chur ar fáil do sheirbhísí Luathfhoghlama agus Cúraim chun an ceanglas rialála nua a chomhlíonadh. Tá an plean seo á fheidhmiú i rith 2019 agus sna míonna tosaigh de 2020, agus tá áit mhaoinithe amháin á tairiscint do gach seirbhís chláraithe nuair a imíonn a teastasú garchabhrach in éag. I dteannta leis na seirbhísí ionadbhunaithe ar fad, tá oiliúint mhaoinithe ar fáil freisin do 250 feighlí leanaí, lena n-áirítear gach feighlí leanaí atá cláraithe faoi láthair mar aon le roinnt feighlithe leanaí nach bhfuil cláraithe fós.

| Gníomhartha (Cáilíochtaí agus oiliúint) | |
|---|---|
| **Céim 1 – Comhairliúchán, taighde & forbairt** | • Athbhreithniú agus cinneadh maidir le ceanglais cháilíochta agus oiliúna, mar chuid den Phlean Forbartha d'Oibrithe.<br>• Grúpa Comhairleach maidir le Cáilíochtaí agus Oiliúint a bhunú.<br>• Oiliúint cosanta leanaí agus garchabhrach a rolladh amach d'fheighlithe leanaí ar dócha go mbeidh siad faoi réir rialacháin i gCéim 2. |
| **Céim 2 – Aistriú** | • Ceanglais nua cháilíochta agus oiliúna a thabhairt isteadh diaidh ar ndiaidh, le ceanglas tosaigh ag leibhéal níos ísle i rith Chéim 2.<br>• Leanúint ar aghaidh le cosaint leanaí agus oiliúint gharchabhrach a rolladh amach. |
| **Céim 3 – Feidhmiúchán iomlán** | • Ceanglais iomlána cháilíochta agus oiliúna.<br>• D'fhéadfadh go mbeadh cead ag feighlithe leanaí nua a bhfuil seirbhís á bunú acu rochtain a fháil ar cheanglas cáilíochta céimnithe.<br>• Tacú leis an aidhm ghinearálta gur céimithe a bheidh san fhoireann oibrithe trí chomhordaitheoirí feighlíocht leanaí ag a bhfuil cáilíochtaí céime. |

## 3.3 Tacaíochtaí cáilíochta

Le deich mbliana anuas, tá forbairt shuntasach tagtha ar an infheistíocht atá déanta i seirbhísí ionadbhunaithe a bhfuil luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile á gcur ar fáil acu. Áiríodh san infheistíocht seo tionscnaimh chun cáilíocht a fheabhsú agus sábháilteacht agus leas leanaí a chinntiú trí rialúchán, meantóireacht, oiliúint agus tacaíochtaí ginearálta do cháilíocht an tsoláthair.

Tá sé riachtanach go mbeadh gach leanbh, a bhfuil feighlithe leanaí ag tabhairt aire dóibh, á chosaint agus ag fáil tacaíochta ar bhonn cothrom. Le cois na n-íoscheanglas cáilíochta agus oiliúna le haghaidh gach feighlí leanaí (curtha san áireamh i roinn 3.2 thuas), éileoidh feabhas ar cháilíocht an tsoláthair feighlíocht leanaí raon tacaíochtaí a chur ar fáil ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear:

- Meantóireacht
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
- Comhairle
- Ceannaireacht oideolaíoch
- Foghlaim agus dea-chleachtas a mhalartú idir piaraí

Chomh fada agus a bhaineann le soláthraithe ionadbhunaithe luathfhoghlama agus cúraim agus cúram ar aois scoile, cuirtear an meascán seo de thacaíochtaí cáilíochta ar fáil trí mheascán de:

- Róil cheannaireachta agus tacaíochta laistigh de sheirbhísí (a bhfuil tacaíocht Stáit á fáil ag cuid acu, e.g. ról na gComhordaitheoirí um Ionchuimsiú bunaithe mar chuid den chlár AIM).
- Meantóireacht agus oiliúint curtha ar fáil ag *Tús Níos Fearr*, lena n-áirítear na tacaíochtaí meantóireachta atá curtha ar fáil ag an tSeirbhís Forbartha Cáilíochta agus an clár nua *Aistear* agus *Play CPD* atá á rolladh amach trí *Tús Níos Fearr* mar chuid de Thionscnamh Náisiúnta *Síolta Aistear*.
- Meantóireacht, comhairle agus oiliúint curtha ar fáil ag na hEagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí.[48]
- Tacaíochtaí forbarthacha agus comhairleacha curtha ar fáil ag Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí .
- Tacaíochtaí feabhais cáilíochta curtha ar fáil trí chigireachtaí, cigireachtaí rialála déanta ag Tusla agus cigireachtaí oideachais déanta ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS).
- Tacaíochtaí curaclaim agus aistrithe curtha ar fáil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

I láthair na huaire, tá na tacaíochtaí leanúnacha ar ardchaighdeán atá ar fáil d’fheighlithe leanaí teoranta (féach thíos), agus is éard atá i gceist leo den chuid is mó tacaíocht atá á cur ar fáil ag Feighlíocht Leanaí na hÉireann (á maoiniú mar cheann de na hEagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí) agus ag Coistí Cúram Leanaí Cathrach / Contae. Dúshlán ar leith a bhfuil ar fheighlithe leanaí déileáil leis é aonrú agus ganntanas tacaíochtaí ceannaireachta agus obair foirne ar féidir iad a chur ar fáil laistigh de go leor seirbhísí ionadbhunaithe.

I rith Chéim 1 den Phlean Gníomhaíochta, déanfar taighde agus costálacha ar raon roghanna chun tacaíochtaí leanúnacha ar ardchaighdeán a sholáthar d’fheighlithe leanaí, agus cuirfear tús leis an tréimhse phíolótach i gCéim 2. Is é an phríomhaidhm a bheidh ann a chinntiú go bhfuil feighlithe leanaí **comhtháite go hiomlán** in agus a bheith in ann tairbhe a bhaint as na tacaíochtaí ar ardchaighdeán ar fad a chuirtear ar fáil do luathfhoghlaim agus do chúram leanaí ar aois scoile, ar aon dul leis an bpríomhchuspóir atá ann - feighlithe leanaí a áireamh mar chuid den soláthar lárshrutha. Ó tharla gur dócha go bhforbróidh an t-infreastruchtúr forbartha náisiúnta ar ardchaighdeán le haghaidh seirbhísí ionadbhunaithe sna deich mbliana amach romhainn, mar chuid de *An Chéad 5*, forbróidh na tacaíochtaí atá ar fáil d’fheighlithe leanaí mar chuid den infreastruchtúr forbartha náisiúnta ar ardchaighdeán.

Le cois na forbartha a d’fhéadfaí a dhéanamh ar na tacaíochtaí atá ar fáil d’fheighlithe leanaí faoi láthair agus an t-oiriúnú a d’fhéadfaí a dhéanamh ar na tacaíochtaí atá le cur ar fáil do sheirbhísí ionadbhunaithe ag *Tús Níos Fearr* agus ag Eagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí, cuirfear san áireamh tús a chur le líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí le foireann (féach thíos), arb ionann iad go bunúsach agus modh chun aonrú feighlithe leanaí a laghdú agus iad a nascadh leis na cineálacha ceannaireachta agus piarthacaíochtaí atá ar fáil laistigh de sheirbhísí ionadbhunaithe.

[48] Faigheann na heagraíochtaí seo a leanas maoiniú Stáit chun tacaíochtaí cáilíochta a chur ar fáil do sheirbhísí atá ag soláthar luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile: Barnardos, Cumann Náisiúnta Feighlíocht Leanaí na hÉireann, an Gréasán Náisiúnta Óige, Cumann Steiner Kindergarten na hÉireann, an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Bunscoil agus Cumann Montessori San Nioclás na hÉireann.

Is dúshláin iad aonrú agus easpa tacaíochtaí ceannaireachta agus obair foirne a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag seirbhísí ionadbhunaithe beaga freisin (e.g. seirbhísí seisiúnacha ECCE atá á rith ag duine amháin). Dá réir sin, breithneofar freisin samhlacha tacaíochta a bhféadfadh seirbhísí ionadbhunaithe beaga tairbhe a bhaint astu ag an am céanna le feighlithe leanaí.

Braithfidh an cinneadh deiridh maidir leis an gcineál tacaíochta cáilíochta leanúnaí – nó meascán tacaíochtaí – a chuirfear ar fáil d'fheighlithe leanaí ar an taighde agus ar na costálacha a dhéanfar i gCéim 1, agus ar thoradh an athbhreithnithe ar an gcóras oibriúcháin do luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile atá le tosú gan mhoill mar chuid de *An Chéad 5*.[49]

**<u>Tacaíochtaí atá ar fáil faoi láthair</u>**

Fiú amháin roimh athrú rialála, tá gá láithreach le faisnéis, comhairle agus treoir a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí, go háirithe faisnéis faoi cheanglais rialála reatha agus athraitheacha, agus deiseanna maoinithe. Chun na críche seo, fuarthas €500,000 breise i mBuiséad 2019 chun Comhordaitheoir Náisiúnta Feighlíochta Leanaí agus foireann de sheisear Oifigeach Feighlíocht Leanaí a earcú, chun an earnáil feighlíocht leanaí a ullmhú do rialúchán níos leithne agus i láthair na huaire, chun tacú le feighlithe leanaí atá faoi réir na rialachán reatha ach nach bhfuil cláraithe le Tusla fós chun ceanglais chláraithe Tusla a chomhlíonadh, agus ar an tslí sin, cur ar chumas níos mó feighlithe leanaí páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí nuair a osclaíonn an Scéim, nó gan mórán moille ina dhiaidh sin. Tá sé beartaithe go gcuirfidh na tacaíochtaí breise seo leis na tacaíochtaí atá á gcur ar fáil ag Coistí Cúram Leanaí Cathrach / Contae cheana féin, a bhí laghdaithe go suntasach i ndiaidh deireadh a bheith curtha le post an Oifigigh Chomhairligh Feighlíocht Leanaí in 2012/13.

Tá an Comhordaitheoir Náisiúnta Feighlíochta Leanaí i mbun oibre ó Aibreán 2019. Tá na seisear Oifigeach Feighlíocht Leanaí á n-earcú i lár 2019, agus beidh siad lonnaithe i gCoistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CCC), agus oibreoidh gach oifigeach le braisle réigiúnach de CCCanna. Chomh maith leis sin, oibreoidh na hOifigigh Forbartha Feighlíocht Leanaí le CCCanna chun cabhrú leo córas oidhreachta an fhógra dheonaigh agus Deontas Forbartha an Fheighlí Leanaí a riaradh (féach roinn 3.4 thíos).

Mar cheann de na hEagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí atá á maoiniú ag RLGÓ, soláthraíonn *Feighlíocht Leanaí na hÉireann* faisnéis, comhairle, treoir agus oiliúint dá bhaill. Is cuid shuntasach den raon tacaíochtaí atá ar fáil go sonrach d'fheighlithe leanaí a cuid oibre.

Ó 2016, rinne Cigireacht ROS cigireachtaí oideachas-dírithe ar sheirbhísí a bhfuil an clár ECCE á chur ar fáil acu, ag cur leis na cigireachtaí reachtúla atá á ndéanamh ar gach seirbhís chláraithe atá á ndéanamh ag Tusla. As an 81 feighlí leanaí atá cláraithe le Tusla faoi láthair (agus faoi réir cigireachta ag Tusla), tá an clár ECCE á chur ar fáil ag 25 acu agus, dá réir sin, d'fhéadfadh go mbeadh siad faoi réir cigireachtaí oideachas-dírithe á ndéanamh ag Cigireacht ROS. D'fhéadfadh go soláthródh clárú an chohóirt nua feighlithe leanaí i gCéim 2 den Phlean Gníomhaíochta deis do roinnt de na feighlithe leanaí seo an Clár ECCE a chur ar fáil agus, dá réir sin, a bheith san áireamh i bpróiseas cigireachta ROS. Ina theannta sin, in 2019-2020, tá Cigireacht ROS ag ullmhú le haghaidh agus ansin ag reáchtáil cigireachtaí oideachais ar

[49] Áirítear in *An Chéad 5* gealltanas 'athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras oibriúcháin do LFC (agus cúram leanaí ar aois scoile), ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil, chun pleanáil, maoiniú agus tacaíocht cháilíochta níos comhdhlúite agus níos sruthlínithe a fhorbairt'.

bhonn píolótach i ngach seirbhís luathfhoghlama agus cúraim, do leanaí idir aois bhreithe agus 6 bliana d'aois. Ciallaíonn an fhorbairt seo gur féidir le Cigireacht ROS líon níos mó cigireachtaí oideachais a dhéanamh ar fheighlithe leanaí i rith Chéim 2 den Phlean Gníomhaíochta.

Athscrúdófar róil chigireacht luathbhlianta Tusla agus chigireacht ROS i ndáil le feighlithe leanaí sna blianta amach romhainn i bhfianaise ghealltanas *An Chéad 5* roghanna le haghaidh athchóirithe a chur sa mheá chomh fada is a bhaineann le clárú agus cigireacht luathfhoghlama agus cúraim agus cúram leanaí ar aois scoile, lena chinntiú gur ann do réimeas cigireachta comhréireach agus cur chuige níos comhtháite.

**<u>Líonraí áitiúla le foireann</u>**

Is dúshlán é aonrú a bhíonn le sárú ag feighlithe leanaí mar aon le bac ar a bhforbairt ghairmiúil. D'fhéadfadh cleachtóirí i seirbhísí ionadbhunaithe, go háirithe seirbhísí níos mó, tairbhe a bhaint as obair foirne, am neamhtheagmhála le haghaidh ullmhúcháin agus taifeadadh breathnóireachtaí maidir le forbairt leanaí, agus tacaíochtaí atá á gcur ar fáil ag ceannairí oideolaíocha laistigh den suíomh. Níl a leithéid sin de thacaíochtaí ar fáil d'fheighlithe leanaí a oibríonn ina n-aonar ina dtithe féin.

Chun cúiteamh a thabhairt, tá raon meicníochtaí forbartha ag roinnt dlínsí a d'fhéadfadh feighlithe leanaí a nascadh le líonraí áitiúla (féach ar an mbosca). D'fhéadfadh a leithéid sin de mheicníochtaí deis a sholáthar do mhalartú idir piaraí agus suíomh malartach a sholáthar inar féidir le leanaí a bheith ag súgradh agus ag idirghníomhú le leanaí eile mar aon le deis a bheith acu acmhainní a roinnt (e.g. bréagáin agus trealamh), agus le haghaidh tacaíochtaí faisnéise, meantóireachta agus oiliúna freisin. Is é an coincheap sin atá i gceist leis an téarma **'líonra áitiúil le foireann'**, téarma a mhol an Grúpa Oibre. Tugtar le fios sa taighde atá déanta ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a leithéid de chur chuige go bhféadfadh go mbeadh buntáistí suntasacha ag baint le cáilíocht i soláthar feighlíocht leanaí a fheabhsú.[50]

Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbíonn fadhbanna mórán mar an gcéanna ag soláthraithe seirbhísí beaga, seisiúnacha luathfhoghlama agus cúraim, atá á reáchtáil ag daoine ina n-aonar. Breithneofar an rogha a bhaineann le gnéithe de líonraí áitiúla le foireann a fhorbairt chun a leithéid sin de sholáthraithe a chur san áireamh.

Nuair a bheidh scrúdú á dhéanamh ar fhorbairt líonraí áitiúla le foireann le haghaidh feighlithe leanaí ar fud na tíre, beidh sé tábhachtach a chinntiú go mbeidh na **róil tacaíochta / oideolaíocha ceannaireachta** laistigh de na líonraí seo á gcur i gcrích ag cleachtóirí atá oilte go cuí agus a bhfuil tacaíocht oiriúnach ar fáil dóibh, ag a bhfuil tuiscint mhaith ar ghnéithe praiticiúla na feighlíochta leanaí, an cumas ceannaireacht oideolaíoch a thabhairt, agus straitéisí fianaisebhunaithe ar cuid de chur chuige náisiúnta comhaontaithe iad. Cé go bhfuil gá le tuilleadh taighde ar struchtúir agus ar chuir chuige, samhlaítear go mbeadh na líonraí áitiúla le foireann á gcomhordú ag *Tús Níos Fearr*, chun **cur chuige comhsheasmhach náisiúnta** a chinntiú. (Pléitear forbairt na hoiliúna do na róil tacaíochta / cheannaireachta i roinn 3.2 thuas.)

[50] Otero, M. agus Melhuish E. (2015) *Study of Early Education and Development (SEED): Study of the Quality of Childminder Provision in England*.

Cheadódh forbairt líonraí áitiúla le foireann feighlithe leanaí a áireamh laistigh den ghealltanas a rinneadh in *An Chéad 5* bogadh i dtreo **foireann oibre ar céimithe iad** sa luathfhoghlaim agus cúram. Ní bheidh dualgas ar fheighlithe leanaí cáilíochtaí ag Leibhéal 7 nó 8 a bhaint amach, ach táthar ag súil go ndéanfaidh roinnt feighlithe leanaí é sin, agus ba cheart go mbeadh aon tacaíochtaí agus dreasachtaí airgeadais atá sainaitheanta sa Phlean Forbartha d'Oibrithe ar fáil ar bhonn cothrom d'fheighlithe leanaí. Seachas sin, tá sé molta gur cheart ceannaireacht ag leibhéal céime san earnáil feighlíocht leanaí a bhaint amach trí cheannairí na líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí, a bhféadfadh cuid acu a bheith ag obair mar fheighlithe leanaí roimhe seo.

I ndeireadh na dála, bheadh rannpháirtíocht i líonraí áitiúla le foireann riachtanach d'fheighlithe leanaí, mar cheanglas rialála nó mar cheanglas conarthach chun maoiniú Stáit a fháil, ach ní fhéadfadh sé seo tarlú ach nuair atá dóthain líonraí áitiúla ann chun deis a thabhairt do gach feighlí leanaí a bheith páirteach iontu. Dá réir sin, ní fhéadfaí a leithéid de chéim a chur i gcrích ach i rith Chéim 3 nó i ndiaidh an Phlean Gníomhachta 10 mbliana seo a thabhairt i gcrích.

Le cois an ghá atá ann le ceannaireacht cleachtóra atá oilte go cuí agus a bhfuil dóthain tacaíochta ar fáil dó, má tá a leithéid de líonraí chun spásanna cruinnithe a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí agus/nó spásanna inar féidir le feighlithe leanaí leanaí a thabhairt le chéile le haghaidh idirghníomhaíocht shóisialta agus eispéiris níos ginearálta, teastaíonn **suíomh fisiciúil** oiriúnach ó líonraí. Cuirfear raon roghanna san áireamh i rith Chéim 1. Breithneofar roinnt líonraí a bhunú laistigh de sheirbhísí ionadbhunaithe (áit a bhfuil áiseanna cuí ag na seirbhísí sin), leis an tacaíocht / ról ceannaireachta oideolaíoch á chur ar fáil ag pearsanra atá oilte go cuí.

Ag brath ar scála áitiúil an tsoláthair feighlíocht leanaí, agus an raon tacaíochtaí atá le cur ar fáil, d'fhéadfadh i gcásanna áirithe go mbeidh ról an Cheannaire Líonra um Fheighlíocht Leanaí á dhéanamh ar bhonn páirtaimseartha i dteannta le róil eile laistigh de sheirbhís ionadbhunaithe, agus fiú más lonnaithe in ionad seirbhísbhunaithe atá an ceannaire go bhféadfadh an Ceannaire Líonra a bheith ag obair mar fheighlí leanaí roimhe seo, agus déanfar scrúdú chomh maith ar shamhlacha eile ina bhfuil ról ceannaireachta ag an bhfeighlí leanaí. Mar chuid den **tsamhail nua mhaoinithe**, meastar i gcásanna áirithe, dá mbeadh seirbhísí ionadbhunaithe le tacaíocht a chur ar fáil i bhfoirm éigin do líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí go mb'fhéidir go mbeadh maoiniú oiriúnach don ról ag teastáil. Níltear ag súil go mbeadh gach seirbhís ionadbhunaithe ag tacú le líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí. Bheadh rannpháirtíocht seirbhís ionadbhunaithe ag brath ar chumas na seirbhíse agus infhaighteacht ball foirne atá cáilithe go cuí.

D'fhéadfadh go leanfadh an cur chuige seo, a d'fhéadfaí a áireamh mar chuid den tsamhail nua mhaoinithe le haghaidh luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile a fógraíodh in *An Chéad 5*, forbairt de réir a chéile de shamhail chomhtháite soláthair, ina mbeadh feighlithe leanaí agus seirbhísí ionadbhunaithe nasctha ag an leibhéal áitiúil trí líonraí áitiúla a fhorbairt, agus ina gcuirfí deireadh leis an deighilt atá ann faoi láthair idir feighlíocht leanaí agus soláthar ionadbhunaithe.

D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná tacaíochtaí cáilíochta i gceist le comhpháirtíocht idir feighlithe leanaí áitiúla agus seirbhísí ionadbhunaithe. D'fhéadfadh sé, mar shampla, deis a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí áitiúla agus do sheirbhísí ionadbhunaithe na seirbhísí atá á gcur ar fáil acu a chomhordú, e.g. b'fhéidir go bhféadfadh seirbhís ionadbhunaithe oibriú le

feighlithe leanaí áitiúla a thairgeann cúram do leanaí níos óige ná mar atá á thairiscint sa tseirbhís ionadbhunaithe, nó a thairgeann cúram lasmuigh d'uaireanta oibre a chuireann leis an tseirbhís atá á soláthar ag an tseirbhís ionadbhunaithe. Ní shamhlaítear, áfach, gur ceanglas a bheadh sa tsamhail chomhordaithe nó chomhtháite seachadta seo.

Nascann an fhéidearthacht seo gealltanas *An Chéad 5* 'Forbairtí samhlacha de chomhpháirtíochtaí áitiúla ELC [luathfhoghlaim agus cúram] a reáchtáil ar bhonn píolótach chun déileáil ar bhealach níos fearr le rialachas agus inbhuanaitheacht in ELC, i gcomhpháirt le soláthraithe pobail agus príobháideacha… I rith an tionscadail phíolótaigh bunófar comhpháirtíochtaí áitiúla ELC, i.e. líonraí braisle geografach de sholáthraithe trínar féidir struchtúir chomhpháirtíochta a fhorbairt. Breithneofar dreasachtaí speisialta chun feighlithe leanaí a chur san áireamh.'

**Líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí i ndlínsí roghnaithe**

I Sasana, reáchtálann údaráis áitiúla Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta, a chiallaíonn go mbaineann feighlithe leanaí a bhíonn páirteach sa scéim tairbhe as raon tacaíochtaí cáilíochta, lena n-áirítear meantóireacht, oiliúint agus comhairle, mar aon le deiseanna idirghníomhaíochta le feighlithe leanaí eile. D'fhéadfadh go mbeadh na comhordaitheoirí líonra bunaithe in Ionaid Leanaí, a tugadh isteach ag tús na bliana 2000, agus a chuireann raon seirbhísí ar fáil, lena n-áirítear tacaíocht tuismitheoireachta, seisiúin 'fan agus bí ag spraoi' do thuismitheoirí agus leanaí óga, seirbhísí sláinte, agus seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim. Tá líonraí feighlíocht leanaí á rith i roinnt Ionad, nó tá siad ag comhordú le gníomhaireachtaí eile a chuireann líonraí den sórt sin ar fáil, chun seirbhís níos nasctha a chur ar fáil do thuismitheoirí.

Sa Fhrainc, soláthraíonn feighlithe leanaí céatadán suntasach den chúram leanaí do leanaí faoi thrí bliana d'aois. Mar iarracht caighdeán an chúraim atá á chur ar fáil ag feighlithe leanaí a fheabhsú, spreag rialtas na Fraince údaráis áitiúla chun *Relais Assistances Maternelles* (RAManna) a bhunú, ionaid tacaíochtaí feighlíocht leanaí. Tugann siad deis d'fheighlithe leanaí bualadh le feighlithe leanaí eile, comhairle agus tacaíocht a fháil maidir le forbairt leanaí agus ceisteanna praiticiúla, agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha do na leanaí a dtugann siad aire dóibh. Chomh maith leis sin, cuireann RAManna comhairle ar thuismitheoirí, e.g. cúram leanaí a aimsiú. Tá thart ar 500 RAM sa Fhrainc (thart ar ceann le haghaidh gach 130,000 duine).

Foinsí: Wheaton B., Harding C. (2017). *International childcare comparisons*. Londain: Coram Family and Childcare Trust; Joy, S., La Valle, I., Smith, T., Sylva, K., Mathers, S., Dearden, L., Goodman, A., Kaplan, G. (2004). *Wraparound care: a model of integrated provision, final report for the Department for Education and Skills*. An Ríocht Aontaithe: An tIonad Náisiúnta um Thaighde Sóisialta, Ollscoil Oxford, An Institiúid um Staidéar Fioscach.

| Gníomhartha (Tacaíochtaí leanúnacha cáilíochta) | |
|---|---|
| **Céim 1 – Ullmhúchán** | • Scrúdú agus iniúchadh ar roghanna le haghaidh tacaíochtaí feighlíocht leanaí trí struchtúir atá ann cheana féin (lena n-áirítear *Tús Níos Fearr* agus na cigireachtaí) agus roghanna nua (e.g. líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí le foireann), nasctha leis an athbhreithniú ar chórais oibriúcháin le haghaidh ELC agus SAC.<br>• Taighde ar líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí le foireann, nasctha le forbairt samhail nua mhaoinithe faoi *An Chéad 5*. |
| **Céim 2 – Aistriú** | • Forbairt seirbhísí cigireachta.<br>• Fairsingiú agus athchóiriú tacaíochtaí cáilíochta d'fheighlithe leanaí.<br>• Tús a chur ar bhonn píolótach agus céimnithe le líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí le foireann, ag brath ar thoradh an taighde atá á dhéanamh i gCéim 1. |
| **Céim 3 – Feidhmiúchán iomlán** | • Soláthar tacaíochtaí cáilíochta ar bhonn cothrom d'fheighlithe leanaí agus do sholáthraithe ionadbhunaithe.<br>• Líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí a rolladh amach, a d'fhéadfadh a bheith nasctha le rolladh amach samhail nua mhaoinithe do shuíomhanna ELC agus SAC. |

## 3.4 Maoiniú agus tacaíochtaí airgeadais

Tá roinnt tacaíochtaí airgeadais ar fáil d'fheighlithe leanaí cheana féin, lena n-áirítear Deontas Forbartha an Fheighlí Leanaí agus an Faoiseamh Cánach do Sheirbhísí Cúram Leanaí. I bprionsabal, tá na príomhscéimeanna maoinithe chun seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim agus cúram leanaí ar aois scoile a chur ar fáil – ECCE agus CCSP (a bhfuil an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí le teacht ina n-áit gan mhoill) – oscailte d'fheighlithe leanaí cheana féin, i gcleachtas, ciallaíonn an líon an-teoranta feighlithe leanaí cláraithe agus rialacha na scéime nach bhfuil ach fíorbheagán feighlithe leanaí páirteach sna scéimeanna.

Mar chuid den Phlean Gníomhaíochta cuirfear scéimeanna maoinithe ar fáil ar bhonn níos forleithne d'fheighlithe leanaí, mar chuid de rialúchán níos leithne agus lárshruthú na feighlíochta leanaí, mar aon le maoiniú tiomnaithe a chur ar fáil chun tacú le feighlithe leanaí uas-sciliú agus ceanglais rialála a chomhlíonadh.

**<u>Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí</u>**
Tiocfaidh an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, a bheidh ag glacadh le hiarratais ó thuismitheoirí gan mhoill, in áit gach scéim fóirdheontais spriocdhírithe atá ann cheana féin le haghaidh luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile, mar aon leis an bhfóirdheontas uilíoch atá ar fáil do leanaí faoi 3 bliana d'aois.

Sonraítear in Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí, 2018, a sholáthraíonn bonn reachtúil don Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, nach mbeidh ach soláthraithe atá cláraithe le Tusla incháilithe chun páirt a ghlacadh sa Scéim. Tá ról lárnach ag an gceanglas seo sa Phlean Gníomhaíochta seo, bunaithe ar an ngá atá le clárú le Tusla a leathnú amach i measc chohórt i

bhfad níos mó feighlithe leanaí má tá aidhm an bheartais - tacú le rogha tuismitheoirí agus rogha soláthraithe cláraithe a chur ar fáil - le comhlíonadh. Chomh maith leis sin, cruthaíonn sé deis ar leith feighlithe leanaí a áireamh sa soláthar lárshrutha, mar gheall ar an dreasacht airgeadais atá ann d'fheighlithe leanaí páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.

Le cois clárú le Tusla, beidh ceanglais chonarthacha ann freisin nach mór d'aon soláthraí rannpháirteach – ionadbhunaithe nó feighlí leanaí – a chomhlíonadh chun páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, e.g. comhlíonadh le rialacha scéime i ndáil le leanaí a chlárú agus athrúcháin ábhartha ar thinreamh leanaí.

Bunaithe ar na heisiaimh reatha dhlíthiúla ó chlárú atá i gceist i gcás go leor feighlithe leanaí, tá líon na bhfeighlithe leanaí a bhfuiltear ag súil leis a ghlacfaidh páirt sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí i rith Chéim 1 den Phlean Gníomhaíochta íseal. Táthar ag súil, áfach, go mbeidh an dreasacht airgeadais chun páirt a ghlacadh sa scéim, mar aon leis an obair a dhéanfaidh Oifigigh Feighlíocht Leanaí a cheapfar i rith 2019, mar bhonn le méadú ar líon na bhfeighlithe leanaí a bhfuil luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile atá fóirdheonaithe ag an Stát á gcur ar fáil acu i gcomparáid leis an 81 feighlí leanaí atá cláraithe faoi láthair.

Níltear ag súil le méadú níos mó ar líon na bhfeighlithe leanaí atá ag glacadh páirte sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí ach i rith Chéim 2 den Phlean Gníomhaíochta, i ndiaidh raon feidhme an rialúcháin a fhairsingiú. Is fachtóir suntasach i gcinneadh a dhéanamh maidir le huainiú thosú Chéim 2 a bheidh sa mhéadú a thiocfaidh ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a sholáthar mar gheall ar líon níos mó leanaí agus teaghlach a bheith ag baint tairbhe as fóirdheontais (a bhfuil tuilleadh plé déanta air i Roinn 4 thíos).

Cé go mbeidh feighlithe leanaí a chomhlíonann ceanglais cháilíochta aistritheacha (agus atá cláraithe le Tusla) in ann páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí i rith Chéim 2 den Phlean Gníomhaíochta, i gCéim 3, beidh dualgas ar fheighlithe leanaí na ceanglais cháilíochta iomlána atá le cinneadh a chomhlíonadh (seachas na feighlithe leanaí a bhaineann tairbhe as aon socrú 'marthanaithe' a bhunaítear).

Áireofar sa taighde atá le déanamh i rith Chéim 1 ar líon na bhfeighlithe leanaí ar dócha go bhfanfaidh siad san earnáil tuilleadh taighde ar an gcostas a bhaineann le seirbhísí feighlíocht leanaí a chur ar fáil, ag cur leis an Athbhreithniú Neamhspleách ar Chostas an Chúraim Leanaí, le cinneadh a dhéanamh faoi maidir le cé an bhfuil nó nach bhfuil gá le haon choigeartú ar rátaí fóirdheontais faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí i ndáil le feighlithe leanaí. Áireofar sna gníomhartha ullmhúcháin le haghaidh Chéim 1 freisin athbhreithniú ar na ceanglais chonarthacha agus chomhlíontachta le haghaidh rannpháirtíocht sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí lena chinntiú go bhfuil siad oiriúnach chun an rialúchán a fhairsingiú chun gach feighlí leanaí íoctha, neamhghaolta a chur san áireamh.

Chomh maith leis sin, bhainfeadh feighlithe leanaí atá ag glacadh páirte sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí tairbhe as Clár Íocaíochtaí Tacaíochta a chuirtear ar fáil do sholáthraithe atá ag glacadh páirte sa scéim.

**<u>ECCE nó clár réamhscoile uilíoch</u>**
I bprionsabal, tá ECCE nó an clár réamhscoile uilíoch oscailte d'fheighlithe leanaí cheana féin. Éilíonn rialacha an chláir, áfach:

- Ní mór do sholáthróir a bheith cláraithe le Tusla.

- Ní mór go mbeadh cúigear leanaí ECCE-incháilithe ag feighlí leanaí.
- De bhrí go bhfuil feighlí leanaí ag feidhmiú mar 'cheannaire seomra', ní mór, ar a laghad, go mbeadh cáilíocht ag an bhfeighlí leanaí, a chomhlíonann ceanglais Cheannaire Seomra ECCE, e.g. cáilíocht ábhartha ag Leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

I gcleachtas, níl ach fíorbheagán feighlithe leanaí cáilithe chun ECCE a thairiscint. I láthair na huaire, níl conradh ach ag 25 feighlí leanaí chun ECCE a sholáthar agus tá 220 leanbh ag glacadh páirte i gclár ECCE trí fheighlí leanaí (fianaise ar an bhféidearthacht gur féidir le feighlí leanaí aonair – díreach cosúil le seirbhís sheisiúnach réamhscoile – seisiúin ECCE ar leith a reáchtáil ar maidin agus sa tráthnóna le grúpaí difriúla leanaí).

Éagsúil leis an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, tá cuspóir oideachais sainráite luaite le ECCE, a chuireann teorainn le scála agus carachtar na seirbhísí ar féidir leo an clár a chur ar fáil. Bhí an t-ábhar imní seo mar bhonn leis na teorainneacha atá luaite leis faoi láthair. Tá gá le tuilleadh taighde, áfach, le cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an mbeidh nó nach mbeidh na teorainneacha seo oiriúnach i gcomhthéacs leathnú an rialúcháin chun níos mó feighlithe leanaí a chur san áireamh thar thréimhse an Phlean Gníomhaíochta.

Dá réir sin, áireofar i gCéim 1 den Phlean Gníomhaíochta taighde ar na teorainneacha ba cheart a bheith i bhfeidhm i ndáil le rannpháirtíocht feighlithe leanaí laistigh de chlár ECCE.

**<u>Ciste na bhFoghlaimeoirí</u>**

I mí Mheán Fómhair 2018, d'fhógair RLGÓ go mbeadh Ciste na bhFoghlaimeoirí ar fáil d'fheighlithe leanaí a bhaineann amach mórdhámhachtain leibhéal 5 i gcúram luath-óige agus oideachas agus a chláraíonn le Tusla. D'fhéadfaí leanúint leis an scéim seo mar atá faoi láthair i rith Chéim 1 den Phlean Gníomhaíochta seo, nuair a bheidh feighlithe leanaí ag feidhmiú laistigh den chreat rialála reatha. D'fhéadfaí ansin, cur le Ciste na bhFoghlaimeoirí chun tacú le feighlithe leanaí ceanglais nua cháilíochta agus oiliúna a bhaint amach mar a bhfuil cur síos déanta orthu i roinn na gcáilíochtaí den tuarascáil seo. Chomh maith leis sin, tabharfar an deis d'fheighlithe leanaí uas-sciliú go dtí leibhéal 7 agus 8, e.g. a bheith ina gcomhordaitheoirí áitiúla um fheighlíocht leanaí d'fhonn tacú leis na líonraí áitiúla um fheighlíocht leanaí le foireann.

Is snáithe maoinithe é Ciste na bhFoghlaimeoirí a thairgeann RLGÓ do chleachtóirí atá ag obair in earnáil na luathfhoghlama agus cúraim agus cúram leanaí ar aois scoile ar mian leo uas-sciliú agus cáilíochtaí níos airde a bhaint amach. Tá sé i mbun feidhme le roinnt blianta trí mhaoiniú réamhdhámhachtana a sholáthar nó sparánacht iardhámhachtana. Rolladh amach an tionscnamh ar dtús nuair a tugadh isteach an ceanglas maidir leis an íoscháilíocht Leibhéal 5 NFQ i Rialacháin Luathbhlianta 2016, chun deis a thabhairt do chleachtóirí atá ag obair i suíomh cheana féin an t-íoscheanglas nua a chomhlíonadh. Ó shin i leith, tá Ciste na bhFoghlaimeoirí forbartha agus tá tacaíocht airgeadais á cur ar fáil do chleachtóirí atá ag tabhairt faoi raon clár oiliúna agus oideachais eile, lena n-áirítear dámhachtainí Leibhéal 6, 7 agus 8 NFQ.

I Meán Fómhair 2018, d'fhógair an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige go mbeadh sparánacht thosaigh Chiste na bhFoghlaimeoirí á cur ar fáil d'fheighlithe leanaí a bhfuil cáilíocht ábhartha Leibhéal 5 bainte amach acu ar an gcoinníoll go gcláraíonn siad le Tusla, chun tacú le feighlithe leanaí tabhairt faoina ngairm ar bhealach gairmiúil agus clárú. Is ann don bheart seo chun feighlithe leanaí a bhfuil cáilíocht Leibhéal 5 acu cheana féin a spreagadh chun clárú le Tusla, agus chun feighlithe leanaí eile a spreagadh chun staidéar ag Leibhéal 5 a

chríochnú. Tá sé beartaithe go mbeidh iarratais do sparánacht nua Leibhéal 5 oscailte d'fheighlithe leanaí sa dara leath de 2019.

Cé go bhfuil an sparánacht nua á tabhairt isteach roimh chinneadh a dhéanamh maidir leis na ceanglais cháilíochta a bheidh ann d'fheighlithe leanaí amach anseo, táthar ag súil go dtacóidh an beart le méadú gearrthéarmach i líon na bhfeighlithe leanaí a bheidh in ann páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, agus go dtacóidh sé le forbairt ghairmiúil níos fadtéarmaí san earnáil feighlíocht leanaí.

Nuair a bheidh cinneadh déanta maidir leis na ceanglais cháilíochta agus oiliúna a bheidh ann d'fheighlithe leanaí amach anseo, déanfar tuilleadh forbartha ar Chiste na bhFoghlaimeoirí chun tacaíochtaí airgeadais a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí ionas go mbeidh ar a gcumas ceanglais cháilíochta agus oiliúna a chomhlíonadh, agus chun conair a bhunú d'fhorbairt ghairmiúil feighlithe leanaí.

**Deontas Forbartha um Fheighlíocht Leanaí**

Tugadh isteach an Deontas Forbartha um Fheighlíocht Leanaí in 2009 chun tacú le feighlithe leanaí trí dheontais bheaga a chur ar fáil do threalamh, ag cur le hinfheistíocht chaipitil shuntasach a bhí á déanamh i seirbhísí ionadbhunaithe ag an am céanna. Soláthraíonn an scéim, atá á riaradh ag na Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí , deontais de suas le €1,000 le haghaidh gach feighlí leanaí a chomhlíonann critéir na scéime ina n-iomláine. D'fhéadfadh go soláthródh an deontas suas le 90% den chaiteachas iomlán incháilithe a bhfuil fáltas ar fáil lena aghaidh.

Tá cead ag feighlithe leanaí atá cláraithe le Tusla, feighlithe leanaí a thug fógra deonach dá gCoiste Cúram Leanaí Cathrach/Contae, feighlithe leanaí a bhfuil seirbhís nua feighlíocht leanaí á bunú acu, agus feighlithe leanaí a bhfuil an Clár Feasachta Cáilíochta um fheighlíocht leanaí déanta acu, cur isteach ar an Deontas Forbartha um Fheighlíocht Leanaí. Caithfidh an feighlí leanaí, nó an feighlí leanaí a d'fhéadfadh a bheith ann, aire a thabhairt do 3 leanaí, ar a laghad, ar bhonn páirtaimseartha, nó leanbh amháin ar bhonn lánaimseartha agus leanbh amháin ar bhonn páirtaimseartha. D'fhonn an deontas is airde agus is féidir a fháil, ní mór go mbeadh árachas cuí ag feighlí leanaí agus gealltanas a thabhairt fanacht i mbun oibre ar feadh dhá bhliain i ndiaidh dháta an deontais. Má thugann feighlí leanaí gealltanas níos gearrthéarmaí, laghdaítear an deontas dá réir.

I gCéim 1 den Phlean Gníomhaíochta, déanfaidh an Grúpa Comhairleach ar Thacaíochtaí Airgeadais d'Fheighlithe Leanaí athbhreithniú ar éifeachtacht an deontais seo mar aon le coigeartuithe a mholadh chun éifeachtacht agus tionchar an deontais a fheabhsú.

Chomh maith leis sin, déanfaidh an Grúpa Comhairleach ar Thacaíochtaí Airgeadais a mhachnamh ar an raon feidhme faoinar féidir le feighlithe leanaí tairbhe a bhaint as infheistíocht bhreise ó Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027, e.g. trí Dheontas Forbartha um Fheighlíocht Leanaí atá athchóirithe agus leathnaithe.

**Faoiseamh cánach**

Spreagann an Faoiseamh Cánach do Sheirbhísí Cúram Leanaí, a tugadh isteach in 2006, feighlithe leanaí a thiteann lasmuigh de raon feidhme an rialúcháin chun páirt a ghlacadh sa gheilleagar foirmiúil agus chun fógra a thabhairt go deonach dá gCoiste Cúram Leanaí Cathrach / Contae. Ceadaíonn sé d'fheighlithe leanaí a thug fógra deonach a thugann aire d'uasmhéid triúr leanaí ag aon am amháin (aon aois, agus seachas leanaí an fheighlí leanaí

féin), ioncam suas le €15,000 ó fheighlíocht leanaí a thuilleamh saor ó cháin, ar an gcoinníoll go gcuireann an feighlí leanaí sonraí faoin ioncam seo in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim. (Baineann an teorainn €15,000 le hioncam a thagann ó fheighlíocht leanaí, ní le brabúis. Má sháraíonn an t-ioncam ó fheighlíocht leanaí €15,000 sa bhliain, tá an méid iomlán inchánaithe, faoi réir creidmheasanna cánach pearsanta agus liúntais eile.)

Tugann na sonraí is déanaí atá ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim le fios gur ceadaíodh 690 díolúine faoi Fhaoiseamh Cánach do Sheirbhísí Cúram Leanaí in 2016. In 2016 bhí an costas a bhain le faoiseamh cánach ar an Státchiste in ioncam cánach cinnte cothrom le €1.5 milliún.

Cé go bhfuil líon na bhfeighlithe leanaí atá ag baint tairbhe as faoiseamh cánach íseal i gcomparáid le líon iomlán na bhfeighlithe leanaí a mheastar atá i mbun oibre, is ionann é agus méadú ar an 230 tairbhí in 2006 nuair a tugadh an faoiseamh cánach isteach den chéad uair. Is é 5,680 an líon iomlán díolúintí cánach a cuireadh ar fáil faoin bhfaoiseamh i rith na tréimhse 10 mbliana, ag costas iomlán de €10.5 milliún ar an Státchiste.

Bhí sé beartaithe go dtacódh an Faoiseamh Cánach do Sheirbhísí Cúram Leanaí le feighlithe leanaí nach raibh in ann clárú le Tusla (nó a chuir fógra chuig HSE roimhe sin) agus nach mbeadh mórán foinn orthu b'fhéidir a bheith páirteach sa gheilleagar foirmiúil. Athróidh an comhthéacs i gCéim 2 den Phlean Gníomhaíochta um Fheighlíocht Leanaí nuair a bheidh níos mó feighlithe leanaí in ann clárú le Tusla. Níl aon tairbhe dhíreach airgeadais le baint ag feighlithe leanaí as clárú, áfach, ach ceadóidh clárú le Tusla d'fheighlí leanaí páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, agus ní mór fóirdheontais na Scéime Náisiúnta Cúram Leanaí a chur ar fáil do thuismitheoirí trí tháillí laghdaithe. Cé go n-athróidh an comhthéacs, d'fhéadfadh an faoiseamh cánach, dá réir sin, leanúint ar aghaidh le spreagadh dearfach a sholáthar d'fheighlithe leanaí a bheith páirteach sa gheilleagar foirmiúil.

Cé gurb é an tAire Airgeadais atá freagrach as beartas cánachais, i rith Chéim 1 den Phlean Gníomhaíochta um Fheighlíocht Leanaí, cuirfidh an Grúpa Comhairleach maidir le Maoiniú agus Tacaíochtaí Airgeadais d'Fheighlithe Leanaí, an faoiseamh cánach san áireamh nuair a bheidh moltaí á ndéanamh aige maidir le hathchóiriú raon na dtacaíochtaí airgeadais atá ar fáil d'fheighlithe leanaí.

| **Gníomhartha (Maoiniú agus tacaíochtaí airgeadais)** | |
|---|---|
| **Céim 1 – Comhairliúchán, taighde & forbairt** | • Bunú Grúpa Comhairleach maidir le Maoiniú agus Tacaíochtaí Airgeadais.<br>• Tacaigh le feighlithe leanaí ar féidir leo na ceanglais rialála reatha a chomhlíonadh agus páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, lena n-áirítear trí Chiste Foghlaimeoirí na bhFeighlithe Leanaí.<br>• Athbhreithniú ar thacaíochtaí airgeadais eile. |
| **Céim 2 – Aistriú** | • An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí oscailte do gach feighlí leanaí a chomhlíonann na ceanglais rialála aistritheacha.<br>• Athchóiriú céimnithe ar thacaíochtaí airgeadais eile. |
| **Céim 3 – Feidhmiúchán iomlán** | • An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí oscailte do gach feighlí leanaí a chomhlíonann na ceanglais rialála iomlána.<br>• Athchóiriú tacaíochtaí airgeadais eile a chur i gcrích. |

# 4. Costais

Áirítear i measc na gcostas atá ag eascairt ón bPlean Gníomhaíochta:

- Costais dhíreacha (pléite i roinn 4.1) beart aitheanta chun tacú le feighlithe leanaí ceanglais rialála a chomhlíonadh agus feighlithe leanaí a áireamh i dtacaíochtaí lárshrutha le haghaidh cáilíocht agus inrochtaineacht seirbhísí, lena n-áirítear méadú ar mhéid an rialtóra reachtúil (Tusla), tacaíochtaí oiliúna trí Chiste na bhFoghlaimeoirí, agus leathnú an infreastruchtúir forbartha cáilíochta.
- Costais indíreacha (pléite i roinn 4.2) a bhaineann le hoscailt scéimeanna maoinithe, go háirithe an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, do chohórt níos leithne feighlithe leanaí.

Cé go bhfuil na costais dhíreacha suntasach, tá an scair is mó costas indíreach, go háirithe costais a bhaineann le níos mó teaghlach a bheith ag baint tairbhe as an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí. Cé go dtosóidh na costais dhíreacha ag teacht chun solais i rith Chéim 1 (braithfidh luas na gcostas ar fhad Chéim 1), ní bheidh na costais indíreacha le tabhairt faoi deara ach i rith Chéim 2 mar nach dtosóidh siad ach i ndiaidh athruithe a chur i bhfeidhm ar an bpríomhreachtaíocht agus ar na príomhrialacháin. Chuige sin, beidh uainiú an aistrithe go Céim 2 ag brath ar an mbuiséad agus beidh sé comhaontaithe leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh aon chinneadh a dhéanamh.

Beidh costais a eascraíonn ón bPlean Gníomhaíochta fritháirithe ag rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh fostaíochta mar thoradh ar rochtain níos leithne ar fhóirdheontais na Scéime Náisiúnta Cúram Leanaí, trí ioncam cánach níos airde mar thoradh ar mhéadú ar líon na bhfeighlithe leanaí sa gheilleagar foirmiúil agus, san fadtéarma, torthaí feabhsaithe do leanaí mar thoradh ar cháilíocht an tsoláthair a bheith ag méadú. Pléitear coigilteas a fhritháireamh i roinn 4.3.

**<u>Toimhdí agus cnámha scéil</u>**

Tá gach costmheastachán sa roinn seo táscach agus sealadach agus beidh siad faoi réir tuilleadh scrúdaithe i rith Chéim 1 den Phlean Gníomhaíochta.

Mar a phléitear i roinn 1.3, tá éiginnteacht shuntasach ann maidir le líon na bhfeighlithe leanaí atá ag obair sa tír. Chomh maith leis sin, ní fios cén céatadán d'fheighlithe leanaí ar dócha a fhanfaidh ag obair san earnáil sa chás go mbogtar i dtreo rialúcháin níos leithne agus má thugtar isteach ceanglais nua oiliúna agus cháilíochta.

Chun críocha na gcostmheastachán a chuirtear i láthair anseo, glactar leis go bhfanfadh líon na leanaí a bhfuil aire á tabhairt ag feighlí leanaí, buime nó au pair dóibh faoi láthair, mórán mar an gcéanna ag thart ar 84,000. Ní fios, áfach, cén céatadán de na leanaí seo a bhfuil feighlithe leanaí ag tabhairt aire dóibh i gcomparáid le buimí / au pair (nach n-áireofar laistigh de raon feidhme an rialacháin níos leithne). Mar a pléadh i roinn 1.3, ag an teorainn sheachtrach, d'fhéadfadh an figiúr seo a thabhairt le fios go bhfuil suas le 19,400 feighlí leanaí i gceist, ach is dócha go mbeidh an líon iarbhír i bhfad níos ísle ná seo.

Is dócha freisin go roghnódh céatadán suntasach feighlithe leanaí gan glacadh leis an deis a thugann an rialúchán agus lárshruthú earnáil na feighlíochta leanaí, agus go stopfadh siad ag obair mar fheighlithe leanaí. Dá airde an ceanglas cáilíochta atá sonraithe d'fheighlithe leanaí, is ea is ísle líon na bhfeighlithe leanaí a bhfuiltear ag súil leis a fhanfaidh san earnáil.

Chun breithiúnas a thabhairt maidir le líon na bhfeighlithe leanaí rialaithe is dócha a bheidh ann, déantar comparáid anseo le dlínsí eile a rialaíonn gach feighlí leanaí agus ina bhfuil nádúr sholáthar an chúraim leanaí (méid, ról na hearnála príobháidí, an chothromaíocht idir an cúram baile agus ionadbhunaithe) cosúil lena bhfuil in Éirinn. Léirítear sa tábla thíos líon na bhfeighlithe leanaí i Sasana, Albain, an Bhreatain Bheag agus Tuaisceart Éireann, líon iomlán na leanaí idir 0-15 bliain d'aois i ngach dlínse, agus líon intuigthe na leanaí idir 0-15 bliain d'aois do gach feighlí leanaí cláraithe.

| | **Líon na bhfeighlithe leanaí cláraithe** | **Daonra aois 0-15** | **0-15 bliain d'aois in aghaidh an fheighlí leanaí cláraithe** |
|---|---|---|---|
| Sasana | 39,157 | 10.048 milliún | 257 |
| Albain | 4,961 | 864,000 | 174 |
| An Bhreatain Bheag | 1,890 | 527,000 | 279 |
| Tuaisceart Éireann | 2,720 | 368,000 | 135 |

*Foinsí: The Care Inspectorate Register, Albain; The Care Inspectorate Register, An Bhreatain Bheag; Ofsted; Family Support NI; Population Statistics – Office of National Statistics [GB]*

Bunaithe ar dhaonra reatha measta na hÉireann de 1.1 milliún leanaí idir 0-15 bliain d'aois,[51] bunaithe ar eispéireas na gceithre dhlínse seo, d'fhéadfadh go mbeadh Éire ag súil le idir 3,608 (i.e. 1 le haghaidh gach 279 0-15 bliain d'aois) agus 7,456 (i.e. 1 le haghaidh gach 135) feighlí leanaí rialaithe i ndiaidh an rialúcháin iomláin a chur i bhfeidhm, i.e. idir 19% agus 39% den líon daoine atá ag obair mar fheighlithe leanaí, au pair agus buimí, faoi láthair.

Ar an mbonn seo, tá an **príomhchás** ar glacadh leis i ngach ceann de na costálacha thíos cothrom le **5,000** feighlí leanaí rialaithe, i.e. thart ar 25% den líon daoine atá ag obair mar fheighlithe leanaí, au pair agus buimí, faoi láthair. Ina theannta sin, cuirtear **cás níos airde** san áireamh le haghaidh gach ceann de na costálacha thíos, ina bhfuil líon na bhfeighlithe leanaí rialaithe dhá oiread níos mó ná an príomhchás, i.e. **10,000** feighlí leanaí (nó 50% den líon daoine atá ag obair mar fheighlithe leanaí, au pair agus buimí, faoi láthair).

## 4.1 Costais dhíreacha

**<u>Clárú agus cigireacht feighlithe leanaí</u>**

Cuirfear deireadh leis na díolúintí dlíthiúla ó rialúcháin i gCéim 2 den Phlean Gníomhaíochta agus tiocfaidh rialúcháin a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí i bhfeidhm. Ag an tráth seo, beidh sé riachtanach go mbeidh feighlithe leanaí á gclárú ag Tusla agus go gcuirfear tús le clár cigireachtaí chun comhlíontacht leanúnach feighlithe leanaí le rialacháin a mheas. Éileoidh na róil forbartha chláraithe agus chigireachta seo rannán Rialachán Seirbhísí Leanaí Tusla a fhorbairt.

Cé nach bhfuil cinneadh déanta fós faoin tsamhail chigireachta, chun críche costmheastachán táscach, glactar leis go dtógfadh cigireacht ar fheighlí leanaí 0.5 lá (i gcomparáid le 1 lá, ar an meán, do sheirbhís ionadbhunaithe) agus go mbeadh minicíocht na gcigireachtaí mar an gcéanna le haghaidh seirbhísí ionadbhunaithe (i.e. dhéanfaí cigireacht ar gach feighlí leanaí, uair gach 3 bliana, ar an meán). Ar an mbonn seo, sa **phríomhchás** bheadh an costas breise ar

[51] Meastachán daonra CSO le haghaidh 2018.

Chigireacht Luathbhlianta Tusla cothrom le **€2.3m sa bhliain**, agus bheadh an costas breise sa chás níos airde cothrom le €4.6m sa bhliain.

I láthair na huaire, ní áirítear in obair Chigireacht ROS le seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim ach cigireachtaí oideachais ar sheirbhísí a bhfuil clár ECCE á chur ar fáil acu. Níl ECCE á chur ar fáil ach ag 25 feighlí leanaí faoi láthair, agus mura n-athraítear rialacha ECCE níltear ag súil leis go méadóidh an líon seo go suntasach, rud a chiallaíonn go mbeidh ceanglais Chigireacht ROS i ndáil le cigireacht a dhéanamh ar fheighlithe leanaí a bhfuil ECCE á chur ar fáil acu teoranta. Áirítear in *An Chéad 5*, áfach, gealltanas chun cigireachtaí oideachais a dhéanamh ar leanaí faoi thrí bliana d'aois ar bhonn píolótach, rud a mbeadh cigireachtaí ar fheighlithe leanaí dá thoradh. De bhrí nach bhfuil samhail chigireachta forbartha don ghrúpa seo fós, ní féidir costmheastachán cinnte a chur ar fáil.

**<u>Ciste na bhFoghlaimeoirí</u>**

Léirítear sna costálacha thíos raon meastachán faoi na costais aonuaire a bhaineann le hoiliúint fóirdheonaithe a chur ar fáil do gach feighlí leanaí rialaithe suas go dtí an ceanglas cáilíochta iomlán le teacht i bhfeidhm i gCéim 3 den Phlean Gníomhaíochta. Bheadh an costas seo scaipthe thar thréimhse de thart ar 5 bliana, agus chuirfí tús leis i rith Chéim 1 agus leanfaí leis i rith Chéim 2.

Úsáidtear trí fhigiúr costais le haghaidh gach feighlí leanaí, agus braitheann costas na hoiliúna ar an riachtanas cáilíochta atá le sonrú agus ar an gcostas a bhaineann leis an gcáilíocht seo a bhaint amach. Níl sé beartaithe go gcumhdódh an fóirdheontas costas iomlán na hoiliúna do gach rannpháirtí. Bhí an fóirdheontas do Chiste na bhFoghlaimeoirí cothrom le €1,200 (rogha A), ciste a cuireadh ar fáil do chleachtóirí i bhfoireann ionadbhunaithe chun an cháilíocht iomlán Leibhéal 5 a tháinig i bhfeidhm in 2017 a bhaint amach. Bhí an fóirdheontas do Chiste na bhFoghlaimeoirí a cuireadh ar fáil chun cabhrú leis na costais a bhí ar chleachtóirí a bhfuil dámhachtainí ábhartha Leibhéal 7 nó 8 acu a íoc cothrom le €750 (Rogha B). Is ionann an fóirdheontas €500 (Rogha C) agus an costas a d'fhéadfadh a bheith ar gach feighlí leanaí a dhéanann clár oiliúna níos giorra.

Glactar leis sna costálacha go bhfuil dámhachtain iomlán Leibhéal 5 nó Leibhéal 6 i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ag an 315 feighlí leanaí atá cláraithe le *Feighlíocht Leanaí na hÉireann* cheana féin, agus nach dteastaíonn aon cháilíocht eile uathu.

Faoin **bpríomhchás**, meastar go bhfuil an costas iomlán a bhaineann le fóirdheontas de €750 le haghaidh gach feighlí leanaí cothrom le €3.5m, rud a thugann le fios go bhfuil costas de **€700,000 sa bhliain i gceist** thar thréimhse 5 bliana.

| | **Rogha A: fóirdheontas €1,200** | **Rogha B: fóirdheontas €750** | **Rogha C: fóirdheontas €500** |
|---|---|---|---|
| **Príomhchás** | €5.6m | €3.5m | €2.4m |
| **Cás níos airde** | €11.6m | €7.3m | €4.9m |

**<u>Garchabhair d'Fheighlithe Leanaí</u>**

Mar atá i gceist le Ciste na bhFoghlaimeoirí, is ionann na costálacha thíos agus costais aonuaire a bhaineann le hoiliúint gharchabhrach a chur ar fáil do gach feighlí leanaí a thagann laistigh de raon feidhme an rialacháin, d'fhonn ceanglais rialála a chomhlíonadh. De bhrí gur dócha gur ceanglas rialála a bheidh sa gharchabhair ón tús, i.e. ó thús Chéim 2 den Phlean Gníomhaíochta, bheadh an costas seo á leathnú amach thar thréimhse níos giorra ama, suas le

3 bliana. Tá an fóirdheontas €225 le haghaidh gach feighlí leanaí ag an leibhéal céanna leis an bhfóirdheontas atá á chur ar fáil le haghaidh oiliúint sa Gharchabhair Oibre do chleachtóirí ionadbhunaithe. Ó tharla go bhfuil gealltanas airgeadais tugtha cheana féin oiliúint sa Gharchabhair Oibre a chur ar fáil don 250 feighlí leanaí in 2019-20, déantar an costas seo a asbhaint ón gcostas iomlán. Sa **phríomhchás** bheadh costas na hoiliúna garchabhrach cothrom le €1.1m, nó **€350,000 sa bhliain** thar thréimhse 3 bliana. Sa chás níos airde costais, bheadh an costas iomlán cothrom le €2.2m.

**<u>Tacaíochtaí ar ardchaighdeán</u>**

Mar a pléadh i roinn 3.3 thuas, áireofar i gCéim 1 den Phlean Gníomhaíochta taighde, iniúchadh agus costálacha roghanna a bhaineann le tacaíochtaí leanúnacha ar ardchaighdeán a chur ar fáil amach anseo, lena n-áirítear meantóireacht, comhairle, ceannaireacht oideolaíoch agus piarthacaíocht. Nuair a bheidh na roghanna á mbreithniú cuirfear san áireamh toradh an athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar chórais oibriúcháin.

Sula ndéantar an taighde seo, ní féidir costmheastacháin mhionsonraithe a chur ar fáil. Chun léargas ginearálta a thabhairt ar na costais a bheidh i gceist, is féidir comparáid a dhéanamh leis an gcostas a bhaineann le tacaíochtaí leanúnacha ar ardchaighdeán le haghaidh seirbhísí ionadbhunaithe. (Cé go bhféadfadh méid beag gach seirbhís feighlíocht leanaí an costas-tacaíochta le haghaidh gach feighlí leanaí i gcomparáid le haghaidh gach seirbhís ionadbhunaithe a laghdú, d'fhéadfadh an ganntanas tacaíochtaí stairiúla d'fheighlithe leanaí agus an gá atá le deiseanna nua d'obair foirne agus do phiarthacaíocht a chruthú a bheith mar bhonn leis an gcostas-tacaíocht le haghaidh gach feighlí leanaí a ardú i gcomparáid leis an gcostas le haghaidh gach seirbhís ionadbhunaithe.)

I measc na dtacaíochtaí cáilíochta atá ar fáil go leanúnach le haghaidh seirbhísí ionadbhunaithe tá Seirbhís Forbartha Cáilíochta *Tús Níos Fearr* agus céatadán den mhaoiniú poiblí a chuireann na hEagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí agus na Coistí Cúram Leanaí Cathrach / Contae, ar fáil, sa bhreis ar thacaíochtaí cáilíochta, feidhmeanna riaracháin, faisnéise agus comhairleacha i gcrích, lena n-áirítear faisnéis a chur ar fáil do thuismitheoirí. Tríd an gcéatadán den mhaoiniú poiblí a chuirtear ar fáil do gach ceann de na heagraíochtaí seo a chur san áireamh,[52] is féidir meastachán a dhéanamh maidir le costas le haghaidh gach seirbhís.

Dá mbeadh costas na dtacaíochtaí cáilíochta leanúnacha mar an gcéanna le haghaidh feighlithe leanaí agus le haghaidh suíomhanna ionadbhunaithe, bheadh an costas bliantúil sa **phríomhchás** cothrom le **€11m sa bhliain**, agus bheadh an costas bliantúil sa chás níos airde cothrom le €22m.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an t-infreastruchtúr forbartha cáilíochta le haghaidh seirbhísí ionadbhunaithe á fhairsingiú ó thaobh scála agus scóipe de ar bhonn incriminteach, chun cáilíocht an tsoláthair a ardú le haghaidh gach leanbh. Bheadh tionchar ag breis

[52] Is féidir teacht ar réamh-mheastachán agus meastachán an-gharbh ar an gcostas a bhaineann le tacaíochtaí cáilíochta: trí chostas iomlán Sheirbhís Soláthair Cáilíochta *Better Start*; 1/3 de mhaoiniú na gCoistí Cúram Leanaí Contae, ar an mbonn go nglactar le tacaíocht cháilíochta mar cheann de thrí phríomhchuspóir ina bplean bliantúil le haghaidh úsáid cistí poiblí; agus ½ de mhaoiniú na gCoistí Cúram Leanaí Cathrach/Contae, ar an mbonn go bhfuil leath de na gníomhartha ina bpleananna feidhmiúcháin bliantúla cáilíocht-ghaolmhar, a chur le chéile.

athchóirithe agus/nó fairsingithe ar raon na dtacaíochtaí atá á gcur ar fáil ar an gcostas a bhaineann le tacaíochtaí cáilíochta dá leithéid a chur ar fáil d'fheighlithe leanaí.

**Deontas Forbartha um Fheighlíocht Leanaí**

Is cuid den bhuiséad caipitil é an Deontas Forbartha um Fheighlíocht Leanaí, agus feidhmíonn sé laistigh de bhuiséad bliantúil seasta, seachas a bheith bunaithe ar éileamh. I láthair na huaire, tá sé teoranta do €250,000 ar fad in aghaidh na bliana, agus tá caidhp de €1,000 luaite le gach feighlí leanaí, cé go raibh an caiteachas iarbhír níos lú ná seo le blianta beaga anuas. Ag glacadh leis go raibh an scéim deontas á dúbailt go dtí uasmhéid €500,000, go caidhp de €1,000 le haghaidh gach feighlí leanaí, agus go raibh deis ag thart ar 500 feighlí leanaí tairbhe a bhaint as an scéim gach bliain, bheadh an costas breise cothrom le **€250,000 in aghaidh na bliana**.

## 4.2 Costais indíreacha

**Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí**

Tá na meastacháin faoin tionchar a bheidh ag rialachán nua a oscailt – agus, dá réir sin, Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí – chuig gach feighlí leanaí íoctha, neamhghaolta, ag teacht ó dhá fhoinse:

- Samhail chostais RLGÓ don Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, atá bunaithe ar shonraí riaracháin (Pobal) faoin úsáid atá á baint as seirbhísí ionadbhunaithe faoi láthair, mar aon le sonraí shuirbhé CSO faoi úsáid cúram leanaí, daonra de réir aoise, agus leibhéil ioncaim. Áirítear i samhail chostais RLGÓ meastachán ar éifeacht 'dhinimiciúil' na Scéime ar roghanna cúram leanaí tuismitheoirí.
- Samhail SWITCH ESRI, a cheadaíonn costmheastacháin 'statacha' den Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, bunaithe ar thacar sonraí SILC CSO, a áirítear ann ceisteanna atá dírithe ar thuismitheoirí faoin úsáid a bhaineann siad as feighlithe leanaí.

Bheadh costais bhreise don Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí i gceist go príomha i rith Chéim 2 den Phlean Gníomhaíochta, i ndiaidh chlárú Tusla a bheith oscailte do chohórt níos mó feighlithe leanaí.

Ag cur samhlacha costais RLGÓ agus SWITCH i bhfeidhm, meastar go mbeadh an costas breise (os cionn chostais mheasta bhliantúla lánbliana na Scéime Náisiúnta Cúram Leanaí de €209m) a bhaineann le raon feidhme an rialacháin a fhairsingiú chun cead a thabhairt d'fheighlithe leanaí páirt a ghlacadh sa Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí cothrom le **€16m sa bhliain** sa **phríomhchás**, agus go mbainfeadh **tuismitheoirí thart ar 6,500 leanbh** tairbhe as fóirdheontais nach mbeadh ar fáil dóibh gan é.[53] Meastar go mbeadh an costas breise sa chás níos airde cothrom le thart ar €36m sa bhliain, agus go mbainfeadh thart ar 16,500 leanbh tairbhe as fóirdheontais nach mbeadh ar fáil dóibh gan é.

[53] Cé go n-áirítear sa phríomhchás toimhde go bhfanfadh 25% de na feighlithe leanaí reatha san earnáil, meastar go mbainfeadh thart ar 8% de na leanaí a bhfuil feighlithe leanaí ag tabhairt aire dóibh tairbhe as fóirdheontais faoin Scéim Náisiúnta Cúram Leanaí, bunaithe ar aois na leanaí agus próifíl ioncaim na dtuismitheoirí a bhaineann úsáid as feighlithe leanaí.

**ECCE**
Glactar leis nach mbeadh tionchar ag rialúchán níos leithne feighlithe leanaí ar chostais iomlána an chláir ECCE, de bhrí go bhfuil clúdach iomlán ag an gclár ECCE nach mór (96% de leanaí ag aois incháilithe le haghaidh ECCE), agus tá an chuma ar an scéal nach fianaise é an gannchion sa líon ar easpa rannpháirtíochta feighlithe leanaí sa chlár. Is cosúil, dá réir sin, go mbeadh aon mhéadú ar líon na leanaí atá ag glacadh páirte in ECCE trí fheighlí leanaí, ar aon dul le laghdú coibhéiseach i líon na leanaí atá ag glacadh páirte in ECCE i seirbhís ionadbhunaithe.

## 4.3 Coigilteas a fhritháireamh

Táthar ag súil go mbeidh breis rannpháirtíochta sa mhargadh fostaíochta mar thoradh ar bhreis rochtana ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí mar bhonn le méadú ar thuairisceáin chánach. Ina theannta sin, méadóidh tuairisceáin chánach freisin mar gheall ar mhéadú ar líon na bhfeighlithe leanaí a bhfuil ioncam cánach á íoc acu leis na Coimisinéirí Ioncaim, mar gur ceanglas é a bheidh luaite le rannpháirtíocht i scéimeanna maoinithe poiblí – lena n-áirítear an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí – go mbeidh feighlithe leanaí cáin-chomhlíontach, agus glactar leis go bhfuil céatadán d’fheighlithe leanaí sa gheilleagar neamhfhoirmiúil faoi láthair agus go mbeidh siad ag bogadh isteach sa gheilleagar foirmiúil.

Chun meastachán coimeádach a thabhairt maidir leis na sochair seo, chun críche an Phlean Gníomhaíochta seo, tá an meastachán maidir le coigilteas cánach teoranta don tionchar a bheidh ag cáin-chomhlíontacht níos fairsinge. Cé gur dócha go mbeidh an leibhéal cánach a bheidh á híoc ag go leor feighlithe leanaí íseal (bunaithe ar mheán-ioncam íseal), sa chás go raibh feighlithe leanaí ag obair sa gheilleagar neamhfhoirmiúil roimhe seo bheadh aon cháin dá leithéid atá á híoc ag cruthú glanghnóthachain don Státchiste i gcomparáid leis an staid mar atá faoi láthair. Ní áirítear sna meastacháin seo a leanas an 81 feighlí leanaí atá cláraithe le Tusla cheana féin agus thart ar 690 feighlí leanaí atá ag baint tairbhe as an bhFaoiseamh Cánach do Sheirbhísí Cúram Leanaí, mar gur dócha go bhfuil na feighlithe leanaí seo cáin-chomhlíontach cheana féin. Ina theannta sin, áirítear sna meastacháin toimhde go bhfuil leath de na feighlithe leanaí fágtha cáin-chomhlíontach cheana féin.

Ar an mbonn go bhfuil na meántáillí seachtainiúla le haghaidh an linbh cothrom le €96,[54] agus ar an meán go dtugann feighlithe leanaí aire do 4 leanbh le haghaidh thart ar 48 seachtain sa bhliain, meastar sa phríomhchás go mbeadh €1.9m breise sa bhliain i gceist le tuairisceáin chánach don Stát. Sa chás níos airde, bheadh an figiúr seo cothrom le €4.3m.

I bhfianaise an Fhaoisimh Chánach do Sheirbhísí Cúram Leanaí, chun críche an ghlan-chostmheastacháin i roinn 4.2 thíos, glactar leis go mbeadh an tuairisceán cánach breise don Státchiste ó Chéim 2 den Phlean Gníomhaíochta cothrom le leath an tuairisceáin chánach féideartha, i.e. **€1.0m sa bhliain** sa phríomhchás, nó €2.1m sa chás níos airde.

[54] Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh (2016) *Quarterly National Household Survey Childcare Quarter 3, 2016*. Cé go bhfuil an táille sheachtainiúil lánaimseartha cothrom le €178, is ar bhonn páirtaimseartha atá go leor leanaí ag baint úsáide as na seirbhísí. Is é 27 uair sa tseachtain an mhéan-úsáid atá á baint ag leanaí réamhscoile as cúram leanaí ar an meán, agus 14 uair sa tseachtain le haghaidh leanaí bunscoile. Bhí costas seachtainiúil ar an meán (€105.40) mórán mar an gcéanna le tabhairt faoi deara sa suirbhé ar thuismitheoirí a úsáideann feighlithe leanaí a rinne an Grúpa Oibre.

## 4.4 Glanchostais iomlána

Ag cur na gcostas ionchais (ranna 4.1 agus 4.2) agus na dtuairisceán cánach breise fritháirithe a bhfuiltear ag súil leo (roinn 4.3) san áireamh, meastar go mbeidh glanchostas iomlán na dtograí atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta seo cothrom le **€26m sa bhliain** i rith **Chéim 3**, a bheadh cothrom le **méadú 4.5%** sa chaiteachas poiblí bliantúil ar luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile. (Sa chás costais is airde, ina nglactar le dhá oiread níos mó feighlithe leanaí cláraithe, bheadh an glanchostas cothrom le €56m sa bhliain.)

Gealltar in ***An Chéad* 5** go ndéanfar a dhá oiread infheistíochta, ar a laghad, i Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile faoi 2028, ó bhonnlíne de €487m in 2018, fianaise ar an leibhéal íseal infheistíochta atá á déanamh le fada san earnáil i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta. Meastar go mbeadh an costas a bhaineann le feighlithe leanaí a rialú ag teacht ón méadú seo. Ina theannta sin, scrúdófar an fhéidearthacht a bhaineann le Cistí Struchtúracha AE a úsáid chun tacú le huas-sciliú an mhargaidh fostaíochta do luathfhoghlaim agus cúram agus cúram leanaí ar aois scoile, lena n-áirítear feighlithe leanaí.

I rith **Chéim 1**, beidh costais ullmhúcháin teoranta i gceist. Faoi réir comhaontaithe sa phróiseas Meastachán, d'fhéadfaí go n-áireofaí ina measc seo: fairsingiú Chiste Foghlaimeoirí na bhFeighlithe Leanaí (i ndiaidh comhaontú ar cheanglais cháilíochta agus oiliúna a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe); oiliúint maidir le cosaint leanaí; oiliúint gharchabhrach; leathnú Deontas Forbartha um Fheighlíocht Leanaí athchóirithe; costais a bhaineann le taighde agus comhairliúchán faoi choigeartú na rialachán; agus na costais a bhaineann le taighde a dhéanamh ar agus samhlacha nua de thacaíochtaí cáilíochta d'fheighlithe leanaí a reáchtáil ar bhonn píolótach (lena n-áirítear líonraí áitiúla le foireann). Ag cur na gcostas a bhaineann le taighde, comhairliúchán agus tréimhsí píolótacha a bhaineann le thart ar €0.5m sa bhliain (le beachtú tuilleadh i rith na ngníomhartha pleanála tosaigh) san áireamh, meastar go bhféadfadh na costais a bhaineann le Céim 1 a bheith cothrom le thart ar **€1.8m sa bhliain** sa phríomhchás, nó **€3m sa bhliain** sa chás níos airde (ina n-áirítear níos mó úsáide ná a bhfuil súil léi a bheith á baint as Cistí Foghlaimeoirí agus roghanna oiliúna eile, mar ullmhúchan roimh an rialúcháin a fhairsingiú i gCéim 2).

I rith **Chéim 2**, an chéim aistrithe, nuair a d'fhéadfadh na costais a bheith níos airde ná mar atá i gCéim 3 mar thoradh ar chostais bhreise an Chiste Foghlaimeoirí ag eascairt as an gcostas aonuaire a bhaineann le hoiliúint a chur ar an gcohórt reatha d'fheighlithe leanaí neamhrialaithe, meastar go mbeadh glanchostas na dtograí cothrom le **€27m sa bhliain** sa phríomhchás agus €58m sa chás níos airde.


| **Gníomhartha (Anailís costais)** | |
|---|---|
| **Céim 1 – Ullmhúchán** | • Is dócha go n-áireofar tuilleadh taighde agus anailíse ar líon na bhfeighlithe leanaí laistigh de raon feidhme an rialacháin.<br>• Tuilleadh costmheastachán ar ghníomhartha Chéim 2 agus 3.<br>• Ullmhúchán an Mheasúnaithe ar Thionchar Rialála. |

# 5. Feidhmiúchán

## 5.1 Amlíne

Bunaithe ar scála an athraithe i gceist, agus an dúshlán a bhaineann leis na mílte feighlithe leanaí a bhogadh amach as an ngeilleagar neamhfhoirmiúil, agus impleachtaí suntasacha airgeadais ar scéimeanna poiblí maoinithe b'fhéidir, áirítear de riachtanas cur chuige céimnithe sa Phlean Gníomhaíochta, de réir mar a bhfuil cur síos déanta air faoi gach ceann de na réimsí gníomhaíochta i roinn 3 thuas. Bunaithe ar an éiginnteacht a bhaineann le líon na bhfeighlithe leanaí ar dócha a bheidh laistigh de raon feidhme an rialacháin, agus éiginnteacht maidir le costas bhearta Chéim 2 agus Chéim 3, ní chinnfear fad ama gach Céim ach i rith Chéim 1, nuair atá na cinntí tosaigh déanta faoi cheanglais rialála agus nuair atá breis soiléireachta ann maidir le costais. Achoimre:

**Céimeanna sa Phlean Gníomhaíochta**




***Céim 1: Ullmhúchán – Comhairliúchán, taighde agus forbairt***

Áireofar i gCéim 1 pleanáil mhionsonraithe agus bloic thógála a leagan síos don aistriú. Go háirithe, áireofar i gCéim 1 rialacháin a bhaineann go sonrach le agus atá ábhartha d'fheighlithe leanaí, a thiocfaidh i bhfeidhm i gCéim 2. De bhrí nach mbeidh éifeacht leis na rialacháin nua fós, beidh na rialacháin reatha – agus díolúintí dlíthiúla ón rialúchán ar fhormhór na bhfeighlithe leanaí – i bhfeidhm i rith Chéim 1.

Táthar ag glacadh leis go mairfidh Céim 1 idir 2-3 bliana, agus braithfidh an méid ama i gceist ar chostáil níos mionsonraithe agus buiséad a bheith ar fáil.

Áireofar i gCéim 1 taighde agus tuilleadh pleanála mionsonraithe ar ghníomhartha atá le tosú i gCéim 2 agus 3 (lena n-áirítear, mar shampla, oiliúint shonrach d'fheighlithe leanaí agus athchóirithe ar an infreastruchtúr forbartha ar ardchaighdeán d'fheighlithe leanaí), mar aon le

tuilleadh taighde agus anailíse chun cur le costmheastacháin níos mionsonraithe ar ghníomhartha i gCéim 2 agus 3.

***Céim 2: Céim aistrithe***
Céim aistrithe a bheidh i gCéim 2 ina mbeidh cead ag líon i bhfad níos mó feighlithe leanaí clárú le Tusla agus páirt a ghlacadh i scéimeanna maoinithe Stáit, mar aon le tairbhe a bhaint as oiliúint agus as tacaíochtaí chun ceanglais rialála a chomhlíonadh agus cur leis an mbunsraith le haghaidh forbairt cháilíochta agus ghairmiúil. I rith na céime aistrithe seo, ní bheidh na ceanglais rialála – go háirithe ceanglais le haghaidh oiliúna / cáilíochtaí – chomh dochraideach leis an rialúchán iomlán a bheidh i gceist i gCéim 3.

Cuirfear tús le Céim 2, a bhfuiltear ag súil leis a mhairfidh idir 3 agus 5 bliana, nuair a thagann deireadh leis na díolúintí dlíthiúla reatha ón rialúchán agus nuair a thagann rialacháin nua a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí i bhfeidhm. Braithfidh uainiú an athraithe seo ar bhuiséad agus beidh sé faoi réir comhaontaithe leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ó tharla gur dócha go méadófar costas na Scéime Náisiúnta Cúram Leanaí mar go mbeidh líon níos mó teaghlach ag baint tairbhe aisti, agus an costas a bhaineann le clárú / cigireacht bhreise agus acmhainní forbartha gairmiúla.

***Céim 3: Céim an fheidhmiúcháin iomláin***
Áireofar i gCéim 3 ceanglais rialála ag teacht go hiomlán i bhfeidhm. Cuirfear tús le Céim 3 idir 5 agus 8 mbliana i ndiaidh thús an Phlean Gníomhaíochta, agus tá an dáta beacht le meas i gCéim 1 nuair atá rialacháin agus pleanáil na hamlíne don aistriú go dtí ceanglais rialála iomlána á bhforbairt. I gCéim 3, beidh feighlíocht leanaí á lárshruthú i ngach infreastruchtúr ar ardchaighdeán agus maoinithe don luathfhoghlaim agus cúram agus don chúram leanaí ar aois scoile.

## 5.2 Comhairliúchán agus cumarsáid

Tá roinnt mhaith **comhairliúcháin** déanta cheana féin a bheidh mar bhonn le forbairt an Dréachtphlean Gníomhaíochta seo, tríd an nGrúpa Oibre – a chuir comhairliúcháin le leanaí, tuismitheoirí agus feighlithe leanaí san áireamh (féach roinn 1.5 thuas) – agus trí phróisis chomhairliúcháin níos leithne a bhí mar bhonn le treo beartais iomlán d'fheighlíocht leanaí, e.g. na comhairliúcháin a bhí mar bhonn le *An Chéad 5*. Ach éileoidh scála an athchóirithe atá i gceist sa Phlean Gníomhaíochta seo tuilleadh comhairliúcháin, ag an tús maidir leis an gcur chuige atá á mholadh agus ansin i rith fhorbairt na rialachán a bhaineann go sonrach leis an timpeallacht baile.

Beidh gá le hiarracht shuntasach cumarsáide lena chinntiú go mbeidh neart eolais ag feighlithe leanaí, tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile faoi na hathruithe atá á ndéanamh agus faoi na buntáistí a bheidh mar thoradh leo.

Bunófar Grúpa Comhairleach maidir le Comhairliúchán agus Cumarsáid i rith Chéim 1 chun tacú le RLGÓ le forbairt agus le feidhmiúchán **straitéis chomhairliúcháin agus chumarsáide**. Cabhróidh an Grúpa Comhairleach seo agus an straitéis a fhorbróidh sé chun tacú le cúrsaí cumarsáide trí chéile chomh fada is a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta, agus tacóidh sé le Grúpaí Comhairleacha eile a chinntiú go bhfuil comhairliúchán poiblí ag tacú leis na tograí a dhéanann siad (e.g. maidir le rialacháin).

Chomh maith leis sin, áireofar i ngníomhaíochtaí cumarsáide **feighlíocht leanaí a chur chun cinn mar ghairm bheatha**, go háirithe i gcomhthéacs breis tacaíochta a bheith ar fáil d’fheighlíocht leanaí mar ghairm i rith thréimhse an Phlean Gníomhaíochta. Áireofar cur chun cinn na feighlíochta leanaí mar ghairm mar chuid d’iarracht níos leithne atá ar bun cur le próifíl na ngairmeacha sa luathfhoghlaim agus sa chúram agus sa chúram leanaí ar aois scoile, arb ionann é agus gealltanas *An Chéad 5* agus áireofar é mar chuid den Phlean Forbartha d’Oibrithe.

Cé nach mbeidh **buimí agus au pair** san áireamh i raon feidhme an rialacháin nó na dtacaíochtaí airgeadais, áireofar sa straitéis chomhairliúcháin agus chumarsáide raon acmhainní faisnéise / oiliúna a fhorbairt a bhaineann le húsáid buimí nó au pair. Déileálfaidh na tacaíochtaí faisnéise seo le ceanglais dhlíthiúla faoi dhlí fostaíochta agus noda do thuismitheoirí maidir le céard ba cheart dóibh a bheith ag breathnú amach dó i dtéarmaí cháilíocht an chúraim agus na n-eispéireas foghlama a d’fhéadfadh a bheith á dtairiscint ag buimí agus au pair.

Chuige sin, cuirfidh an straitéis chomhairliúcháin agus chumarsáide leis an ngealltanas in *An Chéad 5* ‘Treoir agus faisnéis a fhorbairt do thuismitheoirí agus teaghlaigh maidir le ELC [luathfhoghlaim agus cúram] (agus cúram leanaí ar aois scoile), lena n-áirítear faisnéis faoi roghanna agus teidlíochtaí ELC (agus cúram leanaí ar aois scoile) agus treoir maidir le príomhtháscairí de sholáthar ardcháilíochta’.

## 5.3 Maoirseacht agus soláthar

Beidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) i gceannas ar an gcomhairliúchán tosaigh maidir leis an dréacht-Phlean Gníomhaíochta agus ullmhúchán Plean deiridh a bheidh le faomhadh ag an Rialtas. Ansin ceapfar **Coiste Stiúrtha** chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiúchán an Phlean Gníomhaíochta. Beidh an Coiste Stiúrtha faoi chathaoirleacht RLGÓ, agus páirteach ann beidh ionadaithe feighlithe leanaí, tuismitheoirí agus príomhpháirtithe leasmhara eile ó na hearnálacha luathfhoghlama agus cúraim agus cúram leanaí ar aois scoile.

Le déanaí, cheap RLGÓ **Comhordaitheoir Náisiúnta Feighlíochta Leanaí**, a thacóidh le hAonad Cáilíochta Luathbhlianta RLGÓ le Céim 1 den Phlean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm. Beidh an Comhordaitheoir Náisiúnta Feighlíochta Leanaí ina b(h)all den Choiste Stiúrtha. Beidh dhá phríomhról ag an gComhordaitheoir: ar an gcéad dul síos, foireann de sheisear **Oifigeach Feighlíochta Leanaí** a bhainistiú (atá le hearcú i lár 2019, agus atá le lonnú laistigh de Choistí Cúram Leanaí Cathrach/Contae, agus beidh gach oifigeach ag obair le braisle de CCCanna), agus ar an dara dul síos, tacú le cur i bhfeidhm Chéim 1 den Phlean Gníomhaíochta ag leibhéal náisiúnta.

I rith Chéim 1, bunófar ceithre **Ghrúpa Chomhairleacha** agus buailfidh siad lena chéile, faoi choimirce an Choiste Stiúrtha, agus oibreoidh siad le hoifigigh RLGÓ i ndáil leis na nithe seo a leanas:

A. *Rialúchán agus Cigireacht* – ábhar rialachán a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí, lena n-áirítear impleachtaí na timpeallachta baile.

B. *Cáilíochtaí agus Oiliúint* – ceanglais cháilíochta feighlithe leanaí (i rith na céime aistrithe agus na riachtanais iomlána), caighdeáin dámhachtana, oiliúint (d'fheighlithe leanaí agus do róil nua áitiúla na gcomhordaitheoirí feighlíocht leanaí), agus socruithe 'marthanaithe'. (Cinnfear na ceanglais cháilíochta laistigh de chomhthéacs an Phlean Forbartha d'Oibrithe, agus dá réir sin, beidh dlúth-idirchaidreamh idir an grúpa comhairleach seo agus grúpa stiúrtha an Phlean Forbartha d'Oibrithe.)
C. *Maoiniú agus Tacaíochtaí Airgeadais* – lena n-áirítear athbhreithniú ar Chiste na bhFoghlaimeoirí agus ar an Deontas Forbartha um Fheighlíocht Leanaí.
D. *Comhairliúchán agus Cumarsáid* – straitéis chomhairliúcháin agus chumarsáide a fhorbairt don Phlean Gníomhaíochta, lena n-áirítear comhairliúchán i rith fhorbairt gníomhartha sonracha i gCéim 1, eolas maidir le bearta athchóirithe a roinnt, agus acmhainní eolais / oiliúna maidir le húsáid buimí agus au pair.

Déanfar tuilleadh taighde agus anailíse i rith Chéim 1 ar líon na bhfeighlithe leanaí ar dócha go mbeidh siad laistigh de raon feidhme an rialacháin agus a bheidh ag glacadh páirte i scéimeanna maoinithe ó Chéim 2 ar aghaidh, chun eolas a chur ar fáil maidir leis na **costmheastacháin** a bhainfidh leis an aistriú chuig Céim 2 agus **Measúnú ar Thionchar Rialála**. Mar a luadh i roinn 5.1, braithfidh uainiú na gluaiseachta chuig Céim 2 (bunaithe ar thús a chur le hathruithe ar Acht um Chúram Leanaí, 1991 agus tús a chur le rialacháin nua a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí) ar thuilleadh anailíse costais agus faomhadh ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

# Iarscríbhinn: Tuarascáil an Ghrúpa Oibre – Achoimre ar Thograí

**Reachtaíocht**

1. Leasaigh Acht um Chúram Leanaí, 1991, S.58 chun cuimsiú an tsainmhínithe níos cuimsithí seo a leanas ar sheirbhísí feighlíocht leanaí a cheadú sna rialacháin Luathbhlianta (2016). Ciallaíonn 'seirbhís feighlíocht leanaí' seirbhís feighlíocht leanaí, a bhféadfaí seirbhís thar oíche a áireamh ann, atá á tairgeadh ag duine amháin a thugann aire do leanaí idir 0-15 bliain d'aois, a bhféadfaí a áireamh ann leanaí an duine féin, i dteach an duine, le haghaidh íocaíochta le haghaidh breis is 2 uair an chloig in aghaidh an lae.
2. Leasaigh an sainmhíniú leathnaithe ar sheirbhísí luathbhlianta in An tAcht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, S.92, (a leasaigh Acht um Chúram Leanaí, 1991, cuid VII) d'fhonn cúram leanaí ar aois scoile suas go dtí aois 15 a chur san áireamh, ag ardú na teorann aoise ionas go raibh sí ailínithe leis an uastairseach aoise leanaí do cháilitheacht le haghaidh na Scéime [Náisiúnta] Cúram Leanaí.
3. Cuir tús leis an leasú reachtach a fhorbairt sa chéad bhliain den straitéis mar go dtógann an próiseas reachtach roinnt mhaith ama.
4. Athbhreithnigh na sainmhínithe éagsúla ar sheirbhísí feighlíocht leanaí agus critéir cháilitheachta atá mar bhonn le beartas agus cláir náisiúnta chun comhsheasmhacht agus a dtacaíocht do chuspóirí beartais náisiúnta do leanaí agus teaghlaigh a chinntiú.
5. Athbhreithnigh an bealach is fearr chun tacú le cúram leanaí sa bhaile atá á chur ar fáil ag au pair agus buimí chun cosaint, sláinte agus forbairt leanaí a chinntiú, agus rochtain fhéideartha tuismitheoirí ar fhóirdheontais.

**Rialúchán, Clárú agus Cigireacht**

6. Forbair na leasuithe riachtanacha ar Acht um Chúram Leanaí, 1991. Bhí a fhios ag an nGrúpa Oibre go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag RLGÓ ar Acht um Chúram Leanaí, 1991, sna trí bliana amach romhainn, agus é mar aidhm é a athchóiriú. Tá cás ann do leasú an Achta ar leithligh ón athbhreithniú seo agus próiseas athchóirithe chun tacú le haistriú feighlithe leanaí ionas gur soláthraithe rialaithe cúram leanaí a bheidh iontu.
7. Bunaigh grúpa saineolaithe ar Chlárú, Rialúchán agus Cigireacht a d'fhorbródh íoschaighdeáin rialála do sheirbhísí feighlíocht leanaí do leanaí idir aois bhreithe agus 15 bliana d'aois. D'fhéadfadh an grúpa saineolaithe seo tús a chur lena chuid oibre trí íoschaighdeáin rialála a fhorbairt a theastaíonn do chlárú tosaigh, ag cumhdach, ach ní gá a bheith teoranta, do:
   - Oiriúnacht an fheighlí leanaí

     – Teastasú i nGarchabhair do Leanaí cothrom le dáta
     – Dhá theistiméireacht scríofa
     – Árachas don tseirbhís feighlíocht leanaí
     – Teastasú in oiliúint *Always Children First*
     – Teastasú ag leibhéal 5 QQI i bhfeighlíocht leanaí, ar a laghad, nó cáilíochtaí aitheanta eile do luathbhlianta atá luaite ar liosta RLGÓ
     – Cóip den nochtadh grinnfhiosrúcháin faighte ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012.
   - Oiriúnacht daoine eile sa bhaile

– Cóip den nochtadh grinnfhiosrúcháin do gach ball den teaghlach os cionn 18 mbliana d'aois faighte ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir an Achta um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012.

- Oiriúnacht an tí; ba cheart go mbeadh dualgas ar an bhfeighlí leanaí a bheith i láthair;

  – Cóip den mheasúnú riosca sláinte agus sábháilteachta
  – Cóip den Phlean Sábháilteachta Dóiteáin

8. Cruthaigh Straitéis Chumarsáide, chun na buntáistí a bhaineann le clárú a chur in iúl d'fheighlithe leanaí agus do thuismitheoirí.

**Caighdeáin agus Tacaíochtaí Cáilíochta**

9. Bunaigh grúpa saineolaithe ar Chaighdeáin Cháilíochta, Meantóireacht agus Forbairt Líonra chun caighdeáin cháilíochta cuí a mholadh le haghaidh feighlíocht leanaí ar aon dul le Creat Síolta.
10. Mar chuid den oifig náisiúnta um fheighlíocht leanaí, cruthaigh córas nua de líonraí um fheighlíocht leanaí le foireann, a mbeidh gairmithe cúram leanaí le taithí ar fheighlíocht leanaí á éascú.
11. Nuair atá caighdeáin rialála agus cháilíochta comhaontaithe, bunaigh grúpa saineolaithe chun oiliúint oideachais agus ghairmiúil d'fheighlithe leanaí a fhorbairt:
    - An mhiondámhachtain, Leibhéal 5 QQI, i bhFeighlíocht Leanaí a athfhorbairt, taobh leis an oiliúint bhunúsach i ngarchabhair phéidiatrach agus *Always Children First*.
    - Athbhreithniú a dhéanamh ar chomhpháirteanna eile Leibhéal 5 QQI agus é mar aidhm cleachtas aoismheasctha cúram leanaí agus gnó d'fheighlithe leanaí a chur san áireamh.
    - Forbairt oideachais d'fheighlithe leanaí a chur san áireamh san fhadtéarma: forbairt ghairmiúil leanúnach, dámhachtainí sainchuspóra agus mórdhámhachtainí ag leibhéil dhifriúla.
12. Rochtain a thabhairt d'fheighlithe leanaí ar chiste na bhfoghlaimeoirí nó ar chiste cosúil ionas gur féidir leo cáilíochtaí breise cúram leanaí a bhaint amach más mian leo.
13. Clásal Dearbhaithe Marthanaithe a bhunú dóibh siúd a bheidh ag éirí as an bhfeighlíocht leanaí gan mhoill.

**Maoiniú agus Tacaíochtaí Airgeadais**

14. Bunaigh grúpa saineolaithe ar mhaoiniú agus tacaíocht airgeadais chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht an mhaoinithe agus na tacaíochtaí airgeadais atá ar fáil do sheirbhísí feighlíocht leanaí
15. Ba cheart go mbeadh gach seirbhís chláraithe agus rialaithe feighlíocht leanaí incháilithe chun an ACS [Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí] agus scéimeanna eile atá á maoiniú ag an Rialtas a chur ar fáil

**Straitéis agus Feidhmiúchán**

16. Bunaigh Straitéis Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí a bheidh bunaithe ar thograí an Ghrúpa Oibre seo chun gnéithe tacaíochta rialála agus cáilíochta a chomhordú laistigh de chreat comhtháite amháin. Ba cheart go n-áireofaí an Straitéis Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí sa Straitéis Náisiúnta Luathbhlianta
17. Bunaigh na grúpaí saineolaithe seo a leanas chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcosán i dtreo tacaíochtaí agus dearbhú ar ardchaighdeán d'fheighlíocht leanaí:
    - Íoschaighdeáin, clárú, rialúchán agus cigireacht
    - Caighdeáin cháilíochta, meantóireacht agus forbairt líonra

- Oideachas agus forbairt ghairmiúil
- Straitéis chumarsáide
- Maoiniú agus tacaíochtaí airgeadais
- Monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhmiúchán straitéise.

18. Oifig Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí, ina bhfuil acmhainní cuí, a bhunú lena chinntiú go gcuirfear an Straitéis Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí i bhfeidhm. Seo a leanas feidhmeanna molta na hOifige:
    - Plean forbartha a fhorbairt, i gcomhpháirt le RLGÓ agus páirtithe leasmhara ábhartha, don Straitéis Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí, agus pleananna oibre bliantúla
    - Na líonraí tacaíochta réigiúnacha agus áitiúla, le foireann, do sheirbhísí feighlíocht leanaí a bhainistiú
    - Treo oibríochtúil straitéiseach a thabhairt
    - Monatóireacht agus coigeartú fheidhmiúchán na Straitéise Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí
    - Straitéis chumarsáide náisiúnta feighlíocht leanaí a fheidhmiú.
19. Speisialtóir a choimisiúnú chun staidéar féidearthachta a chur i dtoll a chéile faoi na hathchóirithe beartaithe le haghaidh córas rialála agus tacaíochta feighlíocht leanaí.
20. Tacú le forbairt samhla chun soláthar agus éileamh seirbhísí feighlíocht leanaí a mheas agus a phleanáil laistigh de chomhthéacs níos leithne ECEC agus SAC.